



# An Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile

## Tuarascáil Náisiúnta Dul Chun Cinn

### 2002



PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA



A N BÓINN OIDEACHAIS  
AGUS EOLAIOCHTA | DEPARTMENT OF  
EDUCATION  
AND SCIENCE

# **An Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile**

**Tuarascáil Náisiúnta Dul Chun Cinn**

**2002**



© 2003 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta  
ISBN 0-7557-1905-0

Deartha ag Metaphor

Baile Átha Cliath  
Foilsithe ag Oifig an tSoláthair  
Le ceannach go díreach ó  
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,  
Teach Sun Alliance,  
Sráid Molesworth, Baile Átha Cliath 2,  
nó tríd an bpost ó  
Foilseacháin Rialtais, An Rannóg Post-Tráchta,  
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2  
(Tel: 01-6476000 Fax: 01-6476843)  
nó trí aon díoltóir leabhar.

€16.00



# Clár

<b>Réamhrá</b>	Réamhrá leis An Aire Oideachais agus Eolaíochta An tUasal Noel Dempsey, TD	<b>5</b>
<b>Caibidil</b>		
<b>Caibidil 1</b>	Intreoir: An Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile	<b>7</b>
<b>Caibidil 2</b>	Clár Tacaíochta ag an mBunleibhéal	<b>10</b>
<b>Caibidil 3</b>	Clár Tacaíochta ag an Dara Leibhéal	<b>16</b>
<b>Caibidil 4</b>	Pleanáil d’Fhorbairt Scoile sna Bunscoileanna: Tuarascáil Dul Chun Cinn	<b>24</b>
<b>Caibidil 5</b>	Pleanáil d’Fhorbairt Scoile sna Scoileanna Dara Leibhéal: Tuarascáil Dul Chun Cinn	<b>31</b>
<b>Caibidil 6</b>	Ag Féachaint Chun Tosaigh	<b>44</b>
<b>Aguisíní</b>		
<b>Aguisín a hAon</b>	Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile: Struchtúir agus Pearsanra	<b>56</b>
<b>Aguisín a Dó</b>	Deontais don Phleanáil Fhorbartha Scoile	<b>59</b>
<b>Aguisín a Trí</b>	Comhoibriú le hÁisínteachtaí Eile	<b>60</b>
	Gluais	<b>64</b>



## Réamhrá



Réamhrá leis

An Aire Oideachais agus Eolaíochta

An tUasal Noel Dempsey, TD

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú na tuarascála dul chun cinn seo faoin Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile. Bunaíodh an Tionscnamh i Meán Fómhair 1999 chun tacú le planáil uile-scoile chomhoibritheach i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal. Tá an tuarascáil bunaithe ar obair Fhoirne Tacaíochta an Tionscnaimh, ag díriú go háirithe ar an mbliain féilire 2002. Déantar cur síos imlíneach ar na seirbhísí a soláthraíodh sa bhliain sin ar dtús. Ansin aithnítear patrúin chleachtas scoile maidir le cur i bhfeidhm an phróisis phleanála forbartha le linn na tréimhse 1999–2002, ag cur béime ar ghnéithe mar a ndearnadh cuid mhór dul chun cinn agus ag lua réimsí ina bhfuil cuid mhór fós le déanamh. Ar deireadh scrúdaítear na dúshláin atá romhainn fós chun planáil d'fhorbairt scoile a chur chun cinn mar straitéis chun feabhas a chur ar thorthaí foghlama do dhaltaí.

Cuireann an tuarascáil seo ar chumas na scoileanna a gcuid taithe féin maidir le planáil d'fhorbairt scoile a chur i gcomhthéacs an tsuimh ar fud na tíre, agus beidh siad in ann fáil amach cén leibhéal dul chun cinn atá bainte amach acu taobh istigh den chomhthéacs náisiúnta sin. Deis atá ann an dea-chleachtas atá ann cheana a dhearbhu agus méar a leagan ar réimsí ar féidir iad a fheabhsú. Cuirtear béim ar na dúshláin atá romhainn, rud a aithníonn ceistanna tábhachtacha planála maidir le caighdeán ár seirbhíse oideachais ag leibhéal na scoileanna agus an chórais.

Is é bunchuspóir na planála scoile ná riachtanais na ndaltaí a aithint agus freastal cuí a dhéanamh orthu. Cuirim fáilte roimh dhearbhu na tuarascála seo gur chóir go mbeadh caighdeán foghlama na ndaltaí i gcroílár na ngníomhaíochtaí planála forbartha. Is dúshlán bunúsach é dár gcóras oideachais bearta a cheapadh chun tacú le foghlaim gach dalta agus lena chur chun cinn.

Is gnéithe tábhachtacha den phleanáil forbartha iad an comhoibriú agus an chomhpháirtíocht. Cuireann an próiseas bunú struchtúr scoile chun cinn a aithníonn rannpháirtíocht gach baill foirne i gcothú caighdeán oideachais i scoil agus a úsáideann tacaíocht na gcomhpháirtithe uile chun an scoil a mhúnlú sa todhchaí. Is cinnte gurb é an réiteach is fearr ná an fhreagracht atá ann oideachas

d'ardchaighdeán a sholáthar inár scoileanna a roinnt. Is cúis sásaimh dom go léirítear sa tuarascáil seo go bhfuil leibhéal rannpháirtíochta na dtuismitheoirí sa phleanáil scoile ag méadú. Ach is léir nár baineadh amach ach dul chun cinn measartha maidir le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe. Is dúshlán mór é fós cur chun cinn na comhpháirtíochta don Tionscnamh.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don obair atá déanta ag múinteoirí, ag príomhoidí, agus ag pobail uile-scoile chun an próiseas pleanála a fhorbairt sna scoileanna ó cuireadh tús leis an Tionscnamh. Cinntíonn an tiomantas atá acu don aos óg go ndéanfar dul chun cinn inár gcóras oideachais sna blianta atá amach romhainn. Dearbhú é de chlár an Tionscnaimh go dtí seo gur glacadh go fonnmhar le seirbhísí an Tionscnaimh, agus leis na seimineáir, na ceardlanna, na scoileanna samhraidh agus na himeachtaí oiliúna. Tá mé lánsásta go leanfaidh na riachtanais scoile a aithníodh de bheith ag múnlú na tacaíochta don phleanáil scoile.



**Noel Dempsey, TD**

Aire Oideachais agus Eolaíochta

Deireadh Fómhair 2003

## Intreoir: An Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile

### 1.1 Comhthéacs

Cuireadh tús leis an Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile 1 Meán Fómhair 1999. Is é cuspóir an Tionscnaimh, faoi mar a d'fhógair An tAire Oideachais agus Eolaíochta i mBealtaine 1999, ná cultúr pleanála forbartha comhoibrithí a spreagadh agus a neartú i scoileanna, agus é mar aidhm aige feabhsú agus éifeacht scoile a chur chun cinn. Tugadh isteach é i gcomhthéacs na díospóireachta idirnáisiúnta maidir le cinntiú caighdeáin san oideachas, mar a meastar gur meán cumasach í an Phleanáil d'Fhorbairt Scoile (PFS) chun caighdeán na scolaíochta a fheabhsú. Bunaíodh é sa chomhthéacs náisiúnta seo:

- i. Polasaí an Rialtais maidir le Cuimsitheacht Shóisialta, polasaí a d'éiligh go mbeadh a fhócas tosaigh ar scoileanna a ainmníodh mar scoileanna a dhéanann freastal ar cheantair faoi mhíbhuntáiste, agus
- ii. Achtú an Achta Oideachais, 1998, a thug isteach an riachtanas go n-ullmhódh gach scoil Plean Scoile agus próiseas comhoibritheach in úsáid acu<sup>1</sup>; leis seo soláthraíodh cúis an Tionscnaimh a shíniú amach chuig gach scoil.

Buntacaíodh a áit sa chóras leis an gClár um Rathúnas agus Cothromaíocht (2000), inar aithníodh PFS mar bhuneilimint chur in oiriúint na hearnála oideachais don lá atá inniu ann, ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal; freisin mar gheall ar an bPlean Náisiúnta do na Mná 2001–2005, inar aithníodh an PFS mar mheán chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comhionannais inscne sna scoileanna; go deireanach mar gheall ar Straitéis Náisiúnta Frithbhochtanaís an Rialtais (Márta 2002), inar sonraíodh an PFS mar straitéis chun caighdeáin litearthachta agus uimhríochta a ardú.

### 1.2 Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an Tionscnaimh ná:

- ◆ Tacú le scoileanna dul chun cinn a dhéanamh sa phróiseas pleanála um fhorbairt scoile d'fhonn feabhsú agus éifeacht scolaíochta a chur ar aghaidh
- ◆ Pleanáil fhorbartha scoile chomhoibritheach a chur chun cinn mar mheán chun riachtanais na ndaltaí a aithint agus freastal cuí a dhéanamh orthu
- ◆ Cur le cumas na scoileanna pleanáil forbartha a chur i bhfeidhm mar mheán chun caighdeán an oideachais a fheabhsú.

<sup>1</sup> Éilíonn Alt 21 den Acht Oideachais 1998 go ndéanfaidh bord bainistíochta scoile “socruithe chun plean (dá ngairtear an “plean scoile” san alt seo) a ullmhú agus cinnteoidh sé go ndéanfar an plean a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta.” Sonraítear go n-ullmhófar plean na scoile “de réir cibé ordachán, lena n-áirítear ordacháin a bhaineann le comhchomhairle le tuismitheoirí, patrún, foireann agus mic léinn na scoile, a thabharfaidh an tAire ó am go ham i ndáil le pleananna scoile.”



## 1.3 Struchtúir

Tá dhá bhainse ag an Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile: bunleibhéal agus dara leibhéal – léiriú é seo ar struchtúr an chórais scolaíochta dár ceapadh é. Tá i gceist le struchtúr gach brainse Foireann Tacaíochta, Coiste Inmheánach Bainistíochta a mhaoirsionn oibriú na Foirne Tacaíochta, agus Grúpa Comhairleach ionadaíoch de na comhpháirtithe oideachais a fheidhmíonn mar Ghrúpa Stiúrtha. (Féach **Aguisín 1**)

Tugtar SPFS ar an **bhFoireann Tacaíochta** ag an mbunleibhéal: an tSeirbhís Pleanála um Fhorbairt Scoile. Áirítear ina measc Comhordaitheoir Náisiúnta, Comhordaitheoirí Réigiúnda, agus foireann Éascaitheoirí PFS lánaimseartha. Tá sí lonnaithe i Lárionad Oideachais Dhroim Chonrach. (Féach **Aguisín 1**)

Tugtar TPFS ar an **bhFoireann Tacaíochta** ag an dara leibhéal: an Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile. Áirítear ina measc Comhordaitheoir Náisiúnta agus Comhordaitheoirí Réigiúnda, agus painéal Éascaitheoirí PFS atá ar fáil chun comhoibriú le scoileanna ar bhonn páirtaimseartha eatramhach. Tá sí lonnaithe in Institiúid Oideachais Marino. (Féach **Aguisín 1**)

## 1.4 Seirbhísí

Dearadh an Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile chun seirbhísí, ábhair acmhainne agus deontais a sholáthar do scoileanna.

I measc na **seirbhísí tacaíochta** a sholáthraíonn pearsanra SPFS agus TPFS tá:

- ◆ **Comhairle:** eolas, comhairle agus treoir faoi PFS do scoileanna ar bhonn indibhidiúil
- ◆ **Seimineáir agus Ceardlanna:** eolas agus oiliúint scileanna do ghrúpaí ionadaithe scoile ar bhonn réigiúnda, gréasáin nó cnuais

- ◆ Seimineáir réigiúnda chun freastal a dhéanamh ar ghrúpaí móra scoileanna, mar a mbunaítear an ghrúpáil de réir áite
- ◆ Seimineáir agus ceardlanna ghréasáin chun freastal a dhéanamh ar ghrúpaí bunaithe ní ar an áit ina bhfuil siad lonnaithe, ach ar na tréithe atá i gcomhar acu – patrúnacht/riarthóireacht; éiteas; struchtúr bainistíochta; méid; teanga; baint a bheith acu le tionscadal oideachais faoi leith; baint a bheith acu le haghaidh a thabhairt ar cheist faoi leith, mar shampla bheith faoi mhíbhuntáiste nó daltaí idirnáisiúnta a bheith ag freastal orthu (níl an liosta seo cuimsitheach)
- ◆ Cnuascheardlanna agus seisiúin phleanála chun freastal ar ghrúpaí beaga scoileanna i gceantar áitiúil, mar shampla i mbaile mór nó i bparóiste nó i scoilcheantar.

### ◆ **Seirbhísí Éascaíochta:**

- ◆ Cruinnithe réamhphleanála le hionadaithe scoileanna indibhidiúla chun seisiúin phleanála a eagrú
- ◆ Seisiúin phleanála éascaithe le foireann iomlán scoileanna indibhidiúla nó le foirne iomlána chnuais scoileanna
- ◆ Cruinnithe iar-phleanála le hionadaithe scoileanna indibhidiúla chun tacú le gníomhaíochtaí phleanála a eascraíonn as seisiúin phleanála

- ◆ **Oiliúint agus Tacaíocht Éascaíochta:** eolas agus oiliúint scileanna dóibh siúd a bhfuil baint acu le héascaíocht PFS, cé acu ina scoil féin (i gcás TPFS) nó i scoileanna eile (i gcás SPFS agus TPFS).

Soláthraíonn pearsanra SPFS agus TPFS ionchur PFS freisin do chúrsaí, do sheimineáir agus do cheardlanna a eagraítear do mhúinteoirí agus do phearsanra oideachais trí áisinteachtaí eile, mar shampla eagraíochtaí bainistíochta scoileanna, oifigí oideachais

iontaobhaithe, cumainn ionadaíocha mhúinteoirí, lárionaid oideachais, institiúidí 3ú leibhéal, agus comhsheirbhísí tacaíochta, mar shampla an Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile (CTCB) agus Seirbhís Tacaíochta an Dara Leibhéal (STDL). Nuair is cúf bíonn siad ag comhoibriú le háisínteachtaí eile chun tacú le scoileanna. (Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach **Aguisín 3**)

I measc na **n-ábhar acmhainne** a forbraíodh tríd an Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal tá:

- ◆ Treoirlínte maidir leis an bPleanáil Fhorbartha Scoile
- ◆ Ábhair chun tacú le héascaíocht an Phróisis PFS
- ◆ Suímh Idirlín: [www.sdps.ie](http://www.sdps.ie) agus [www.sdpi.ie](http://www.sdpi.ie)

Soláthraíodh **deontais** don Phleanáil Fhorbartha Scoile do scoileanna ag an dá leibhéal trí mheán an Tionscnaimh. Ag an mbunleibhéal soláthraíodh deontais gach bliain do scoileanna a bhí páirteach sa Tionscnamh. Ag an dara leibhéal soláthraíodh deontais ar bhonn céimnithe do gach scoil dhá bhliain as a chéile le linn na tréimhse 1999–2002.

(Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach **Aguisín 2**)

## 1.5 An Tuarascáil Seo

Is tuarascáil dul chun cinn í an tuarascáil seo ar an Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile, ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal, ag tagairt go háirithe don bhliain féilire 2002.

I g**Caibidil 2** déantar cur síos ar na seirbhísí a sholáthraíonn SPFS ag an mbunleibhéal.

I g**Caibidil 3** déantar cur síos ar na seirbhísí a sholáthraíonn TPFS ag an dara leibhéal.

Soláthraíonn **Caibidil 4** tuarascáil dul chun cinn faoin bPleanáil Fhorbartha Scoile sna bunscoileanna ó cuireadh tús leis an Tionscnamh.

Soláthraíonn **Caibidil 5** tuarascáil dul chun cinn faoin bPleanáil Fhorbartha Scoile sna scoileanna dara leibhéal ó cuireadh tús leis an Tionscnamh.

Déanann **Caibidil 6** achoimriú ar bhuanna na gclár tacaíochta i 2002 agus aithnítear ceisteanna a dtabharfar aghaidh orthu sa chéad chéim eile den Tionscnamh.



## Clár Tacaíochta ag an mBunleibhéal

### 2.1 Comhthéacs do 2002

Le linn chéad bhliain an Tionscnaimh beartaíodh plean straitéiseach do shíniú amach céimnithe thacaíocht na pleanála forbartha do gach bunscoil thar thréimhse de bhlianta. Roinneadh scoileanna i gceithre **ghrúpa** de réir an dáta ar beartaíodh go dtabharfaí isteach sa Tionscnamh iad. Roinneadh an clár tacaíochta i **gcéimeanna** chun cabhrú le scoileanna dul ar aghaidh trí sheicheamh oibríochtaí pleanála thar thréimhse ama. Sholáthair an plean straitéiseach seo, a ndéantar cur síos imlíneach air i gClár 2.1, sholáthair sé creatlach chlár tacaíochta na Seirbhíse PFS i 2002. (Féach Ciorcláin 18/99, 34/00 agus 05/02.)



Ba é an dúshlán a bhí roimh an SPFS ó lár 2002 ar aghaidh, mar sin, ná Céim 1 den chlár tacaíochta a shíniú amach chuig grúpa na scoileanna a bhí ag glacadh páirte sa Tionscnamh den chéadair agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh de bheith ag tabhairt tacaíochta idirdhealaithe do na trí ghrúpa a bhí páirteach sa Tionscnamh cheana. Ba cheann de príomhchúraimí na SPFS i 2002, mar sin, cur leis an bhfoireann chun bheith in ann freastal ar an 3294 Bunscoil.

Ag cur san áireamh na rudaí seo ba iad príomhghnéithe Chlár na SPFS do 2002 ná iad seo a leanas:

- ◆ **Forbairt SPFS: Ag Cur lena Cumas**
- ◆ **Seimineáir Réigiúnda do Ghrúpaí Scoileanna**
- ◆ **Seirbhísí Éascaíochta agus Comhairleacha do Scoileanna**
- ◆ **Forbairt Ábhar Acmhainne PFS**
- ◆ **Comhoibriú le hÁisínteachtaí eile**

Céim	Soláthar Cláir	Creat ama			
		1/9/99	1/9/00	1/9/01	1/9/02
1	<p><b>Seimineáir Réigiúnda:</b> Sholáthair na seimineáir eolas faoi PFS agus oiliúint tosaigh i scileanna a theastaigh chun bheith páirteach sa phróiseas PFS. Múnlaíodh athbhreithniú uile-scoile, socrú tosaíochtaí, pleanáil ghearrthéarmach, pleanáil ghníomhaíochta, monatóireacht agus meastóireacht ag na seimineáir.</p> <p>Soláthraíodh <b>éascaíocht</b> ar lá amháin bunaithe sa scoil chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhí ina dtosaíochtaí do gach pobal scoile.</p> <p>Dearadh agus soláthraíodh ábhair agus creatlacha i bhfoirm cóipe crua agus ó shuíomh idirlín.</p> <p>Tugadh deiseanna do scoileanna bualadh le chéile i gcnuais de scoileanna atá ar comh-mhéid nó sa chatagóir chéanna.</p>	<p><b>Faoi mhíbhun.</b> 442 Scoil</p>	<p><b>Beag</b> 1310 Scoil</p> <p><b>An-mhór</b> 19 Scoil</p>	<p><b>Meán</b> 840 Scoil</p>	<p><b>Eile</b> 692 Scoil</p>
2	<p><b>Seimineáir Réigiúnda:</b> Roinneadh dea-chleachtas maidir le hobair Bliain a hAon chomh maith le hathbhreithniú scileanna pleanála d'fhorbairt scoile sna seimineáir. Iarradh ar scoileanna bheith páirteach i gceapadh ráiteas írise; bheith ag obair ar shocrú polasaithe; plean straitéiseach a bheartú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais a athraíonn leis an am. Soláthraíodh deiseanna chun dea-chleachtas a roinnt i gcnuais freisin.</p> <p>Bhí <b>éascaíocht</b> ar fáil ar lá amháin bunaithe sa scoil chun cabhrú le gnéithe pleanála (ó chlár seimineáir Chéim 1 nó Chéim 2) maidir le ceisteanna a ndearna pobal na scoile tosaíochtaí díobh.</p> <p>Dearadh agus soláthraíodh ábhair agus creatlacha i bhfoirm cóipe crua agus ó shuíomh idirlín.</p> <p>Scrúdaíodh straitéisí scoile chun taifeadh agus monatóireacht a dhéanamh ar an obair idir lámha agus chun féinmheastóireacht a dhéanamh.</p>	<p>–</p>	<p><b>Faoi mhíbhun.</b> 441 Scoil</p>	<p><b>Beag</b> 1309 Scoil</p> <p><b>An-mhór</b> 19 Scoil</p>	<p><b>Meán</b> 841 Scoil</p> <p><b>Beag</b> 1309 Scoil</p>
3	<p>Scrúdaíodh scileanna agus straitéisí dírithe ar phríomhoidí agus ar dhaoine eile atá freagrach as an bPleanáil d'Fhorbairt Scoile.</p> <p>Cuireadh pleanáil neamhspleách chun cinn tríd an tairiscint go gcabhrófaí le scoileanna lá pleanála féinéascaithe a reachtáil agus tugadh comhairle maidir le conas dul ina bhun.</p> <p>Scrúdaíodh ról na dtuismitheoirí mar chomhpháirtithe agus eiseamláirí an dea-chleachtais.</p> <p>Pléadh le húsáid an phróisis PFS agus foghlaim na ndaltaí mar a phríomhfhócas i gceardlann. Scrúdaíodh straitéisí scoile chun taifeadh agus monatóireacht a dhéanamh ar an obair idir lámha agus chun féinmheastóireacht a dhéanamh.</p> <p>Soláthraíodh cabhair shainiúil, éascaíocht/líne chabhrach 7rl do chuid de na scoileanna.</p>	<p>–</p>	<p>–</p>	<p><b>Faoi mhíbhun.</b> 439 Scoil</p>	<p><b>Faoi mhíbhun.</b> 433 Scoil</p> <p><b>An-mhór</b> 19 Scoil</p>
	<p><b>Scoileanna san iomlán</b> <b>% na gnáthmhúinteoirí ranga</b></p>	<p><b>442</b> <b>18%</b></p>	<p><b>1,770</b> <b>38%</b></p>	<p><b>2,607</b> <b>59%</b></p>	<p><b>3,294</b> <b>100%</b></p>
	<p><b>Faoi mhíbhun:</b> Scoileanna ag freastal ar cheantair faoi mhíbhuntáiste <b>Beag:</b> Scoileanna le 1–3 gnáthmhúinteoirí ranga</p>	<p><b>An-mhór:</b> Scoileanna le 24 múinteoirí nó níos mó <b>Meán:</b> Scoileanna le 4–6 gnáthmhúinteoirí ranga</p>			

## Clár 2.1 Plean Straitéiseach do Thacaíocht PFS ag an mBunleibhéal

## 2.2 Forbairt SPFS: Ag Cur le Cumas

### Earcú Éascaitheoirí Breise

Ceapadh Comhordaitheoir Náisiúnta agus ceithre Chomhordaitheoir Réigiúnda do SPFS i Meán Fómhair 1999. Sa chéad bhliain den Tionscnamh chabhraigh 44 éascaitheoir páirtaimseartha leo ina gcuid oibre. Mar chuid den phlean straitéiseach do SPFS, áfach, socraíodh go raibh gá le héascaitheoirí lánaimseartha chun freastal ar líon mór na scoileanna san earnáil Bhunscolaíochta. Ar 1 Eanáir 2002 bhí 19 éascaitheoir lánaimseartha ag obair le Foireann Chomhordaithe na SPFS. Ceapadh 10 breise ó 1 Meán Fómhair 2002. Bhí na héascaitheoirí lánaimseartha freagrach as 114 scoil agus 750 múinteoir an duine, sa mheán. Coinníodh painéal 28 éascaitheoir páirtaimseartha freisin, chun cabhrú de réir mar a bhí gá.

### Clár oiliúna agus tacaíochta d'Éascaitheoirí PFS

Beartaíodh clár oiliúna agus tacaíochta d'Éascaitheoirí PFS chun freastal ar riachtanais forbartha na n-éascaitheoirí, idir shean agus nua. Eagraíodh diansheisiúin i Meitheamh, i Lúnasa agus i Meán Fómhair 2002.

Ghlac an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le moladh ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, go dtabharfaí isteach scéim phíolótach chun an clár oiliúna a dhearbhu trí Ard-diplóma i Staidéar Proifisiúnta an Oideachais (Pleanáil Scoile). Aontaíodh go mbeadh gnéithe an chlár oiliúna a sholáthraítear do chomhordaitheoirí agus d'Éascaitheoirí ina bpríomheilimintí den chúrsa Diplóma. Cláraíodh 33 bhall den fhoireann SPFS don Diplóma.

(Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach **Caibidil 3, Alt 3.2**)

## 2.3 Seirbhísí do Scoileanna: Seimineáir Réigiúnda

Tionóladh dhá shraith de Sheimineáir Réigiúnda i bhfómhar 2002, ceann do scoileanna ag Céim 1 den chlár tacaíochta, an ceann eile do scoileanna ag Céim 2.

### Seimineáir Réigiúnda: Céim 1

Tionóladh 52 sheimineár tosaigh, a éascaíodh trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla, i Meán Fómhair agus i nDeireadh Fómhair 2002 do scoileanna a bhí páirteach sa Tionscnamh den chéadair. D'fhreastail ionadaithe 683 scoileanna ar sheimineár. Díobh siúd a ghlac páirt sna seimineáir, 1,220 duine san iomlán, ba phríomhoidí iad 48% acu, ba leas-phríomhoidí iad 21% acu agus ba phríomhoidí cúnta iad 7% acu. Gnáthmhúinteoirí scoile iad 14% díobh siúd a ghlac páirt. Fágann sin 10% ar a raibh múinteoirí le dualgais speisialta, múinteoirí ranganna speisialta, múinteoirí acmhainne/tacaíochta foghlama, agus múinteoirí tadhaill baile-scoil. Tugtar cur síos imlíneach ar chlár an tseimineáir i gClár 2.2.

Céim 1
1. Intreoir do PFS
2. Ag cur i bhfeidhm athbhreithniú scoile
3. Ag forbairt ráiteas tosaíochtaí
4. Ag forbairt pleananna gníomhaíochta
5. Monatóireacht/Meastóireacht phleananna

### Clár 2.2 Clár na Seimineár Réigiúnda: Céim 1

D'éirigh thar barr leis na seimineáir coincheap na Pleanála d'Fhorbairt Scoile a thabhairt isteach agus d'éirigh leo freisin tionscnamh an PFS sna scoileanna a spreagadh.

## Seimineáir Réigiúnda: Céim 2

Le linn na tréimhse céanna (Meán Fómhair-Deireadh Fómhair 2002), tionóladh 38 seimineár, trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla, do scoileanna a bhí ag dul isteach sa dara bliain tacaíochta. Díobh siúd a ghlac páirt sna seimineáir, 785 duine san iomlán, ba phríomhoidí iad 72% acu, agus ba leas-phríomhoidí iad 14% acu. Gnáthmhúinteoirí scoile iad 6% díobh siúd a ghlac páirt. Fágann sin 8% ar a raibh múinteoirí le dualgais speisialta, múinteoirí ranganna speisialta, múinteoirí acmhainne/tacaíochta foghlama, agus múinteoirí tadhaill baile-scoil. Tugtar cur síos imlíneach ar an gclár i gClár 2.3.

Céim 2
1. Ag roinnt an dea-chleachtais idir scoileanna
2. Ceapadh polasaithe
3. Ag forbairt físe agus aidhmeanna
4. Pleanáil straitéiseach
5. Monatóireacht agus meastóireacht

Clár 2.3 Clár na Seimineáir Réigiúnda: Céim 2

## Measúnú ar na Seimineáir Réigiúnda

Bhí meas mór acu siúd a bhí páirteach iontu ar na seimineáir ag Céim 1, mar a léirítear i gClár 2.4:

Gné	Ar fheabhas/ An-mhaith	Cuíosach Maith	Go Dona
Eolas faoin Tionscnamh	97%	3%	–
Taithí den phróiseas PFS	95%	5%	–
Ag freagairt ceisteanna	92%	7%	1%
Soláthar ábhar tosaigh pleanála	92%	8%	–

Clár 2.4 Measúnú ar Sheimineáir: Céim 1

Bhí ardmheas freisin ar gach gné de na seimineáir ag Céim 2:

Gné	Ar fheabhas/ An-mhaith	Cuíosach Maith	Go Dona
Eolas faoin Tionscnamh	97%	3%	–
Deiseanna an dea-chleachtais a roinnt	95%	5%	–
Ceapadh polasaithe	94%	6%	–
Fís/misean agus aidhmeanna na scoile	94%	6%	–
Pleanáil straitéiseach	94%	6%	–
Ag freagairt ceisteanna	91%	9%	–
Soláthar ábhar pleanála	92%	8%	–

Clár 2.5 Measúnú ar Sheimineáir: Céim 2

## 2.4 Seirbhísí Éascaíochta agus Comhairleacha do Scoileanna

### Éascaíocht

Tá i gceist leis an bpróiseas iomlán éascaíochta PFS cruinnithe réamhphleanála, laethanta éascaithe pleanála agus iarrphleanáil leantach.

### Cruinnithe Pleanála:

Idir Eanáir agus Nollaig 2002, soláthraíodh cruinnithe pleanála (i nGaeilge agus i mBéarla) do 2,339 scoileanna. Tionóladh na cruinnithe seo idir an t-éascaitheoir agus an príomhoide, comhordaitheoir pleanála na scoile agus/nó “foireann phleanála na scoile”. Ba ghnách na cruinnithe a thionól le linn uaireanta na scoile agus mhairidís idir 1 agus 2 uair an chloig. Comhaontaíodh an clár do lá pleanála na scoile agus d’ócáidí eile pleanála ar fud na bliana. Socraíodh an dáta agus an áit don lá pleanála. Má bhí baill eile na scoile, m.sh. ionadaithe ón mBord Bainistíochta agus/nó ionadaithe na dtuismitheoirí, le bheith i láthair ag an lá pleanála ar scoil, pléadh ceisteanna a d’eascair as seo.

Tugadh cur síos imlíneach ar an obair ullmhúcháin a bhí le déanamh roimh an lá pleanála acu siúd uile a bhí le bheith i láthair.

### Laethanta Pleanála Éascaithe:

Soláthraíodh laethanta pleanála éascaithe (i nGaeilge agus i mBéarla) do 2,253 scoileanna. Chabhraigh éascaitheoirí le scoileanna tosaíochtaí forbartha a aithint agus a scrúdú, agus chabhraigh siad leo pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun a raibh beartaithe a chur i bhfeidhm. Ina measc siúd a bhíodh i láthair ag laethanta éascaithe pleanála bhíodh an príomhoide agus an fhoireann mhúinteoireachta i gcónaí. Ina dteannta sin bhíodh: baill an bhoird bhainistíochta, tuismitheoirí, foireann mhúinteoireachta a roinntear le scoileanna eile, cúntóirí riachtanas speisialta agus foireann choimhdeach/tacaíochta.

Bhí meas mór acu siúd a bhí páirteach iontu ar na laethanta pleanála, de réir mar a léirítear sa chlár thíos:

Gné	Ar fheabhas/ An-mhaith	Cuíosach Maith	Go Dona
Freastal ar réimse(-í) roghnaithe	98%	2%	–
Tairbhe an phróisis phleanála	97%	3%	–
Soláthar an éascaitheora	98%	2%	–

Clár 2.6 Measúnú ar laethanta pleanála

### Teagmháil Iarphleanála:

Soláthraíodh cabhair bhreise i bhfoirm theagmhála iarphleanála do 1,510 scoileanna. Bhí gá lena leithéid de chabhair chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a ndearnadh tosaíochtaí díobh ag scoileanna indibhidiúla ar lá pleanála forbartha na scoile.

(Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le dul chun cinn na scoileanna i dtaca le PFS le linn 2002, féach **Caibidil 4**)

### Seirbhís Chomhairleach do Scoileanna

Soláthraíodh acmhainní agus ábhair bhreise do líon scoileanna tríd an bpost, agus soláthraíodh comhairle theileafóin nó cuairt chomhairleach chuig scoileanna eile.

## 2.5 Ábhair Acmhainne

Le linn 2002, lean SPFS air de bheith ag forbairt ábhar acmhainne don PFS. I measc na n-ábhar a táirgeadh bhí:

- ◆ **Póstaer eolais:** Eisíodh póstaer eolais chuig gach scoil. Léirigh an póstaer, i nGaeilge agus i mBéarla, an próiseas pleanála forbartha agus ceisteanna a bhain leis agus cuireadh amach sa phost é chuig gach scoil/comhpháirtí i bhfómhar 2002.
- ◆ **Lámhleabhair:** Ullmhaíodh agus scaipeadh chuig na héascaitheoirí uile lámhleabhair d'éascaitheoirí maidir lena gcuid oibre agus ceann eile faoi bhainistíocht ICT. Cuireadh na hábhair seo ar fáil ar DD freisin.
- ◆ **Leabhráin do scoileanna:** Dearadh agus cuireadh i gcló trí chnuasán éagsúla ábhar i bhfoirm leabhrán agus scaipeadh ag na Seimineáir Réigiúnda iad. Bhí gach ábhar ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Soláthraíodh cóipeanna breise ach iad a iarraidh.
- ◆ **Suíomh Idirlín:** Tugadh suas chun dáta suíomh idirlín an SPFS, agus tá ar fáil air anois cóipeanna den ábhar is déanaí i nGaeilge agus i mBéarla.
- ◆ **Ábhar léitheoireachta:** Rinneadh taighde ar agus soláthraíodh ábhar léitheoireachta do gach ball den fhoireann éascaíochta le linn na bliana, chun cabhrú lena gcuid oibre sna scoileanna.
- ◆ **Bileog do thuismitheoirí:** Leanadh ar aghaidh leis an obair chomhairlithe le Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal) ar ullmhúchán bileoige do thuismitheoirí maidir le Pleanáil d'Fhorbairt Scoile.

## 2.6 Comhoibriú le Grúpaí/Áisínreachtaí Eile

Chomh maith le cumarsáid rialta a bheith ar siúl acu le scoileanna atá páirteach sa Tionscnamh, bhí SPFS i dteagmháil le líon d'áisínreachtaí eile i rith na bliana agus freagraíodh iarratais ó ghrúpaí éagsúla d'eolas agus/nó d'oiliúint i réimse na Pleanála d'Fhorbairt Scoile. Ar na háisínreachtaí agus na grúpaí seo bhí: an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM); Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE); eagraíochtaí bainistíochta; an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO); seirbhísí tacaíochta eile de chuid na ROE, m. sh. An Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile (CTCB); Cumann Lárionaid Mhúinteoirí/Lárionaid Oideachais na hÉireann (CLMLOÉ); eagraíochtaí ionadaíoch na gcomhpháirtithe san oideachas; coláistí tríú leibhéal, go háirithe Coláistí Oideachais; agus áisínreachtaí a dhéanann freastal orthu siúd atá faoi mhíbhuntáiste. (Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi chomhoibriú le háisínreachtaí eile, féach **Aguisín 3**).

Ba é an phríomhchúis a ndearnadh comhoibriú le Cigirí ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus le hOidí ón gClár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile ná cinntiú gur comhordaíodh teachtaireachtaí maidir le Pleanáil d'Fhorbairt Scoile chun caighdeán na múinteoireachta agus na foghlama a fheabhsú sa rang. Nuair a dhéantar comhoibriú le comhlachtaí bainistíochta, le hoifigí oideachais na n-ord rialta agus le hionadaithe na dtuismitheoirí, tuigtear níos fearr ról agus freagracht an lucht bhainistíochta i gcúrsaí pleanála forbartha, agus tá sé den riachtanas dul i gcomhairle le tuismitheoirí chun caighdeán na múinteoireachta agus na foghlama a fheabhsú taobh istigh de chomhthéacs na scoile mar phobal foghlama.

Cabhraíonn an comhoibriú le Coláistí Oideachais chun múinteoirí a ullmhú dá ról sa Phleanáil Fhorbartha Scoile agus iad ag tosú amach ina slí bheatha. Chinntigh an chumarsáid chómhalartach seo go raibh deiseanna ag gach duine a raibh baint acu leis an gceist eolas a chur ar an gcur chuige PFS; ina theannta sin coinníodh pearsanra na SPFS suas chun dáta maidir le hathruithe i réimse an oideachais go ginearálta. Chuir an comhoibriú le háisínreachtaí a dhéanann freastal ar riachtanais na ndaoine atá faoi mhíbhuntáiste (leithéidí Bridging the Gap, Corcaigh; Working Together Project, Luimneach; Forum on Ending Educational Disadvantage, Coláiste Phádraig; Galway Rural Development a thugann tacaíocht do thrí chnuas scoileanna i gCo. na Gaillimhe) béim ar an ngá leanúnach atá ann le tacaíocht chomhordaithe a dhíriú ar na daltaí sna scoileanna rannpháirteacha. Cinntíonn an comhoibriú seo freisin go gcoinnítear foireann na SPFS suas chun dáta le taighde maidir le réitigh a d'fhéadfaí a bheith ann d'fhadhbanna a bhaineann le míbhuntáiste oideachasúil. D'oibrigh SPFS i gcomhar le CLMLOÉ i gcomhordú gach imeacht inseirbhíse do na bunscoileanna, chomh maith le soláthar 20 éascaitheoir chun freastal a dhéanamh ar riachtanais na scoileanna sa chlár samhraidh in Iúil agus i Lúnasa 2002.





## Clár Tacaíochta ag an Dara Leibhéal

### 3.1 Comhthéacs 2002

Bheartaigh an TPFS plean straitéiseach i 1999 tacaíocht a sholáthar do gach scoil dara leibhéal ar bhonn céimnithe sa tréimhse 1999–2002. Le linn tréimhsí fada sna scoilbhlianta 2000/2001 agus 2001/2002, áfach, cuireadh cosc ar scoileanna ag an dara leibhéal comhoibriú iomlán a bheith acu leis an Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile, mar gheall ar cheisteanna caidrimh thionsclaích. Chuaigh cúrsaí caidrimh thionsclaích (CT) i bhfeidhm go mór ar an gclár tacaíochta do 2002 ar roinnt slite:

#### Clár Gníomhaíochtaí

Bhí sé mar chuid de phlean straitéiseach an TPFS do 1999–2002 go soláthrófaí tacaíocht do gach scoil dara leibhéal ar bhonn céimnithe: i dtrí chéim a théann isteach ina chéile – **i.** 1999–2001, **ii.** 2000–2001, agus **iii.** 2001–2002 – bhí tacaíocht le tairiscint chuig gach scoil do dhá bhliain leanúnach. (Féach ciorclán M39.00). Íocadh deontais do gach scoil de réir an sceidil chéimnithe, ach b'éigean cineálacha tacaíochta a raibh éascaíocht agus oiliúint inseirbhíse i gceist leo a chur siar i 2000 agus arís i 2001. Ba é an dúshlán a bhí roimh an TPFS i 2002, mar sin, ná go mbeadh gach iarbhuscail i dteideal tacaíocht a fháil nuair a laghdófaí na srianta caidrimh thionsclaích. B'éigean an bunchlár tacaíochta a athdhearadh cuid mhór mar gheall air seo.

#### Foirniú

Dáileadh 6 Chomhordaitheoir Réigiúnda ar TPFS don scoilbhliain

2000/2001, agus moladh méadú go 10 don chéad scoilbhliain eile. Mar gheall ar chúrsaí CT, cuireadh siar an méadú go 10 ar feadh bliana agus cuireadh moill ar líonadh na bhfolúntas de 6. Mar thoradh air seo thosaigh an TPFS an bhliain 2002 le foireann de 3 Chomhordaitheoir Réigiúnda amháin. Bhí impleachtaí ag leibhéal laghdaithe na foirne lánaimeartha do mhéid an chláir thacaíochta a bhí an Tionscnamh in ann tairiscint ag an dara leibhéal, go háirithe ós rud é gur cheann de dhualgais an Chomhordaitheora Réigiúnda ag an leibhéal seo cuid mhór éascaíochta PFS a thairiscint sna scoileanna.

Cuireadh isteach go mór ar an bpainéal éascaitheoirí páirtaimseartha chomh maith, mar gheall ar an suíomh CT. I gcás líon beag acu ní raibh fadhb ann ós rud é nach raibh siad ag teagasc ag an am, ach bhí cosc ar mhóramh bhail an phainéil, ar mhúinteoirí reatha iad, bheith páirteach i ngníomhaíochtaí de chuid an TPFS ar feadh tréimhsí fada. Chuir easpa gníomhaíochta an phainéil, mar sin, srian le pleanáil do 2002.

Mar gheall air seo ba thosaíocht í don TPFS bheith in ann atógáil sa bhliain 2002.

Ag cur na rudaí seo san áireamh, ba iad seo a leanas príomheilimintí chláir an TPFS a pleanáladh don bhliain 2002:

- ◆ **Forbairt Foirne TPFS: Ag atógáil cumais**
- ◆ **Seimineáir Réigiúnda do Ghrúpaí Scoileanna**
- ◆ **Seirbhísí Éascaíochta agus Comhairleacha do Scoileanna**
- ◆ **Forbairt Ábhar Acmhainne PFS**
- ◆ **Comhoibriú le hÁisín-teachtaí eile**

## 3.2 Forbairt TPFS: Ag Atógáil Cumais

### Earcú, ionduchtúchán agus oiliúint na gComhordaitheoirí Réigiúnda

Thosaigh an TPFS an bhliain le 3 Comhordaitheoirí Réigiúnda. Tugadh ar iasacht 2 Chomhordaitheoirí Réigiúnda nua chuig an Tionscnamh sa chéad leath de 2002. Mar chuid den phróiseas ionduchtúcháin agus oiliúna, socraíodh go ndéanfadh gach duine nuacheaptha freastal ar Chruinnithe Foirne TPFS a luaithe is a earcaíodh iad agus go leanfaidís ina gcuid oibre Comhordaitheoirí Réigiúnda de chuid na bhfoirne TPFS agus SPFS a bhí ag obair le tamall.

### Clár oiliúna agus tacaíochta d'Éascaitheoirí PFS

Beartaíodh clár oiliúna agus tacaíochta d'Éascaitheoirí PFS don earrach 2002, chun spleodar nua a chur sa phainéal éascaitheoirí a bhí ann cheana agus chun cur lena líon. Bhí ar an gclár **i.** ceardlanna do dhaoine a bhí ina n-éascaitheoirí cheana **ii.** clár oiliúna do ghrúpa breise a bheadh ag obair cé acu ina scoil féin nó i scoileanna eile. Cuireadh isteach ar chur i bhfeidhm an chláir mar gheall ar chúrsaí CT.

- ◆ **Ceadlanna dóibh siúd a bhí ina n-éascaitheoirí cheana:** Mar gheall ar an suíomh CT, cuireadh srian le líon na gceardlann – níor eagraíodh ach ceann amháin i ngach ceann de na ceithre lárionad réigiúnda. Ghlac 32 éascaitheoir páirt iontu
- ◆ **Clár oiliúna d'éascaitheoirí breise:** Cé go bhfuarthas 248 iarratas don chlár oiliúna agus gur socraíodh modúl tosaigh ag an gCáisc 2002 do 99 iarrthóirí gearrliostaithe, b'éigean an cúrsa a chur ar ceal mar gheall ar chur i bhfeidhm phlean theagmhasaigh faoi mhaoirseacht agus ionadaíocht.

Mar gheall ar na deacrachtaí seo forbraíodh cineálacha eile de chur chuige maidir le tógáil chumais.

- ◆ **Scoileanna Samhraidh:** Thionóil an TPFS dhá Scoil Shamhraidh i 2002, ceann amháin i Meitheamh agus ceann eile i Lúnasa. Eisíodh cuirí chuig daoine ar éascaitheoirí cheana féin iad agus chuig iarrthóirí ar tairiscíodh áiteanna dóibh ar an gcúrsa a cuireadh ar ceal. D'fhreastail 136 ar na Scoileanna Samhraidh.
- ◆ **Clár Diplóma:** Ghlac an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le moladh ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh do scéim phiólótach chun clár oiliúna an Tionscnaimh a dhearbhu trí Ard-Diplóma i Staidéar Proifisiúnta an Oideachais (Pleanáil Scoile). Aontaíodh go mbeadh clár na Scoile Samhraidh ina chuid den chúrsa Diplóma. Ina dhiaidh sin, chláraigh 81 duine a ghlac páirt i Scoileanna Samhraidh an TPFS don chúrsa Diplóma (chomh maith leis na 33 ón SPFS – féach **Caibidil 2, alt 2.2**). Tionóladh ceardlanna oiliúna i 6 lárionad réigiúnda le linn téarma an fhómhair agus lean siad ar aghaidh go dtí Meitheamh 2003, nuair a cuireadh deireadh leis an gcúrsa Diplóma le Scoil Shamhraidh eile. Is éard atá sa chúrsa Diplóma ná 3 mhodúl múinte agus modúl de thaithí phraiticiúil.

#### 1. Comhthéacs na Pleanála Scoile

Aonad 1: Comhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta fhorbairt na bpolasaithe

Aonad 2: Ceisteanna áitiúla i bhforbairt na bpolasaithe

#### 2. An Próiseas Pleanála

Aonad 1: Múnlaí agus cur chuige don phróiseas pleanála

Aonad 2: Daoine aonair agus an próiseas athraithe

**3. Scileanna Éascaíochta**

Aonad 1: Éascaíocht

Aonad 2: Scileanna chur i láthair

Aonad 3: Scileanna dhinimic an ghrúpa

**4. Taithí Phraiticiúil**

Aonad 1: Breathnóireacht agus comhoibriú le héascaitheoir oilte

Aonad 2: Cur i láthair pearsanta

Déantar measúnú orthu siúd a ghlacann páirt ar thrí bhealach: aiste, cás-staidéar, agus punann (portfolio).

**3.3 Seirbhísí do Scoileanna: Seimineáir Réigiúnda**

Mar chuid de phlean an TPFs do 2002, bhí dhá shraith de Sheimineáir Réigiúnda le bheith ann, ceann san earrach agus ceann san fhómhar, le ceardlanna comhthráthacha chun freastal ar riachtanais scoileanna a bhí ag leibhéil éagsúla sa phróiseas pleanála. Bhí na seimineáir i ngach sraith le tarlú i gcuid mhór lárionad réigiúnda agus dhéanfaí freastal ar gach ceann den 749 scoil dara leibhéal; bheadh a gcur i bhfeidhm ag brath ar fheabhsú maidir le cúrsaí CT.


Eagraíodh sraith 14 Sheimineáir Réigiúnda a raibh ceardlanna comhthráthacha mar chuid díobh do Fheabhra/Márta 2002. Mar gheall ar eisiúint treorach ceardchumainn maidir le maoirseacht agus ionadaíocht i bhFeabhra 2002 agus cur i bhfeidhm phlean theagmhaisaigh mar thoradh air sin, a raibh cur ar ceal chúrsaí inseirbhíse mar chuid de, cuireadh an tsraith sheimineáir seo siar go dtí an scoilbhliain 2002/2003.

Eagraíodh Seimineáir Réigiúnda i 7 n-áit i Samhain/Nollaig 2002. Ghlac 347 duine páirt iontu, ionadaithe iad ó 237 scoil dara leibhéal. Ar an gclár do gach seimineár bhí:

- i. Seisiún eolais ginearálta faoin bpróiseas PFS, comhthéacs reachtach an phróisis PFS, agus dul chun cinn na scoileanna go dtí seo,
- ii. Ceardlanna comhthráthacha a phléigh le hathbhreithniú scoile, socrú tosaíochtaí maidir le forbairt, bunú struchtúr scoile don PFS, pleanáil ghníomhaíochta, scríobh polasaithe, cur chuige don mheastóireacht, agus tiomsú an phlean scoile.

Chuaigh torthaí próisis chomhairlithigh i bhfeidhm ar dheardadh an chláir, próiseas a dhírigh ar aithint riachtanas tacaíochta na scoileanna maidir le PFS. (Féach **Alt 3.4**)

Bhí meas mór acu siúd a bhí páirteach iontu ar na seimineáir, de réir mar a léirítear sa chairt thíos:



**Cairt 3.1 Measúnuithe ar Sheimineáir Réigiúnda**

Socraíodh go n-eagrófaí 16 Sheimineáir Réigiúnda eile san earrach 2003 chun freastal ar an 512 scoil dara leibhéal eile.

### 3.4 Seirbhísí do Scoileanna: Seirbhísí Éascaíochta agus Comhairleacha

#### Seirbhísí Éascaíochta

Tá i gceist leis an bpróiseas iomlán éascaíochta PFS cruinnithe réamhphleanála, laethanta/seisiúin phleanála éascaithe agus cruinnithe leantacha iarrphleanála. I 2002 bhain 153 scoileanna úsáid as seirbhísí éascaíochta, a raibh 423 seisiún teagmhála:

- ◆ 161 chruinniú réamhphleanála
- ◆ 191 sheisiún phleanála éascaithe
- ◆ 35 sheisiún tascghrúpa éascaithe
- ◆ 36 chuairt leantach

(Nóta: Is iomaí uair a rinneadh teagmháil leantach ar an teileafón nó tríd an bpost seachas trí chuairt. I scoileanna a raibh níos mó ná seisiún phleanála éascaithe amháin acu, d'fhéadadh cruinniú réamhphleanála do sheisiún níos déanaí plé leantach don seisiún roimhe sin a chuimsiú.

#### Seirbhísí Comhairleacha

Bhí dhá phríomhghné ag baint leis an tSeirbhís Chomhairleach i 2002:

- i. **Tacaíocht do scoileanna aonair nuair a iarradh sin** – soláthar eolais, comhairle, agus treorach, trí chuairteanna scoile, glaonna teileafóin, ríomhphost, de réir mar a bhí gá. Tharla 150 cuairt tacaíochta den chineál seo.
- ii. **Próiseas struchtúrtha comhairleach le scoileanna** – sonrú scoileanna, ar bhonn céimnithe, maidir le PFS, trí chlár agallamh struchtúrtha le pearsanra phleanála na scoileanna, chun:
  - ◆ Léargas ginearálta a fháil ar conas atá ag éirí le scoileanna maidir leis an bPleanáil Fhorbartha Scoile
  - ◆ Riachtanais na scoileanna a aithint maidir le tacaíocht don Pleanáil Fhorbartha Scoile

- ◆ Cur ar a súile do phearsanra na scoileanna an tábhacht atá ag baint leis an bPleanáil Fhorbartha Scoile agus an tacaíocht atá ar fáil ón Tionscnamh
- ◆ Eolas sonraithe agus treoir a chur ar fáil faoin bpróiseas PFS do phearsanra scoile a bhfuil dlúthbhaint acu le pleanáil.

Leagadh amach múnla agallaimh struchtúrtha a bhí le húsáid sa phróiseas comhairleach. Sonraíodh 209 scoil suas go Meitheamh 2002 maidir leis an dul chun cinn a bhí déanta acu PFS a chur i bhfeidhm. Bhain 192 acu le Céim 1, is é sin le rá, scoileanna iad a fuair an chéad tráthchuid dá nDeontas Tosaigh PFS i 1999. Cuirtear anailís shonraithe i láthair i **gCaibidil 5** den tuarascáil seo. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas sonraithe. Rinneadh sonrú ar 72 scoil eile sa tréimhse Meitheamh go Nollaig 02. Críochnófar anailís na sonruithe sa scoilbhliain 2003.

#### Patrúin Rannpháirtíochta leis an TPFS i 2002

Bhí difríochtaí nach beag ann i leibhéal rannpháirtíochta na scoileanna i seisiúin phleanála na foirne iomláine a d'éascaigh Comhordaitheoirí nó Éascaitheoirí an TPFS le linn na bliana 2002. Is féidir na difríochtaí seo a mhíniú, go pointe ar a laghad, mar gheall ar dhifríochtaí i gcúrsaí CT ó earnáil go hearnáil. Achoimrítear patrúin rannpháirtíochta leis an Tionscnamh i gClár 3.1, a léiríonn líon na scoileanna agus céatadán na scoileanna i ngach earnáil a bhain úsáid as:

- i. Seisiúin phleanála na foirne iomláine, agus
- ii. Aon cheann de na seirbhísí do scoileanna indibhidiúla

Cineál Scoile	Pleanáil Foirne Iomláine		Seirbhísí Uile an TPFS	
	Líon na Scoileanna	% na hEarnála	Líon na Scoileanna	% na hEarnála
Pobalscoil/Scoil Chuimsitheach	21	23.6%	44	49.4%
Meánscoil	65	15.9%	133	32.4%
Gairmscoil	67	27.1%	112	45.3%
<b>IOMLÁN</b>	<b>153</b>	<b>20.5%</b>	<b>289</b>	<b>38.7%</b>

**Clár 3.1 Pátrúin Rannpháirtíochta leis an TPFS**

Ba chóir a thuiscint nach raibh páirteach i mórchuid sheisiún pleanála na foirne iomláine ná an Príomhoide agus an fhoireann mhúinteoireachta. I líon beag scoileanna, leathnaíodh amach an rannpháirtíocht chun go mbeadh ionadaithe ó ghrúpaí eile comhpháirtithe: foireann thacaíochta, tuismitheoirí, iontaobhaithe, nó daltaí. Ní bhíodh ionadaíocht fhoirmeálta ag an mBord Bainistíochta ar

sheisiúin phleanála na foirne iomláine ach corruair, cé go mbíodh ainmnithe an Bhoird ar mhúinteoirí iad i láthair i gcónaí mar bhaill foirne. Go ginearálta, chomhthadhall an Príomhoide agus ainmnithe na múinteoirí idir an Bord agus na grúpaí comhpháirtíochta eile.

Mar fhocal scoir sa rannóg seo, déanann an clár thíos achoimriú ar úsáid sheirbhísí an TPFS ag gach earnáil ag an dara leibhéal.

Cineál Scoile	Cineál mar % na hearnála dara leibhéal	Cineál mar % d'obair éascaíochta an TPFS	Cineál mar % de sheirbhísí uile an TPFS
Pobalscoil/Scoil Chuimsitheach	12%	14%	15%
Meánscoil	55%	42%	46%
Gairmscoil	33%	44%	39%

**Clár 3.2 Úsáid Sheirbhísí an TPFS ag gach Earnáil**

### 3.5 Ábhair Acmhainne PFS

Le linn 2002, lean TPFS air de bheith ag forbairt ábhar acmhainne don PFS. Ar na hábhair a táirgeadh bhí:

- ◆ **Treoirínite TPFS**

Ullmhaíodh agus cuireadh i gcló eagrán nua méadaithe, ach níorbh fhéidir é a dháileadh ar scoileanna trí Sheimineáir Réigiúnda sa chéad leath den bhliain mar gheall ar chúrsaí CT (féach **Alt 3.3**). Cuireadh cóipeanna chuig a lán scoileanna a d'iarr seirbhís nó ar tugadh cuairt orthu mar chuid den phróiseas comhairleach. Níor dáileadh a thuilleadh go dtí an scoilbhliain 2002/2003, nuair a tosaíodh ar na Seimineáir Réigiúnda arís.

- ◆ **Ábhair Athbhreithnithe an Churaclaim**

Críochnaíodh agus cuireadh i gcló ábhair athbhreithnithe churaclaim an Timthrialla Shóisearaigh i gcomhar leis an CNCM. Níorbh fhéidir na pleananna a bhí ann iad a scaipeadh trí na Seimineáir Réigiúnda a chur i bhfeidhm sa chéad leath den bhliain mar gheall ar chúrsaí CT. (féach **Alt 3.3**) Dáileadh cóipeanna le linn cuairteanna ar scoileanna agus tugadh iad dóibh siúd a bhí páirteach i Scoileanna Samhraidh. Cuireadh tuilleadh scaipthe ar fionraí go dtí gur tosaíodh ar na Seimineáir Réigiúnda arís.

- ◆ **Suíomh Idirlín**

Foilsíodh gach ábhar breise thuasluaite ar shuíomh idirlín an TPFS. Tugadh rannóga nuachta an TPFS suas chun dáta go rialta. Úsáideadh foilseacháin de chuid an TPFS a fuarthas ón suíomh idirlín ag Comhairle Náisiúnta Oideachais na hIamáice mar ábhair oiliúna dá nDirghabháil Rialaithe agus Cinnreachta, a raibh sé de chuspóir aige éifeacht na heagraíochta agus an teagaisc a fheabhsú i scoileanna na hIamáice<sup>2</sup>.

- ◆ **Acmhainní do Chláir TPFS**

Ullmhaíodh bailiúchán acmhainní, leagan CD ROM d'fhoilseacháin agus de léirithe Powerpoint an TPFS san áireamh, dóibh siúd a bhí páirteach i Scoileanna Samhraidh an TPFS. Forbraíodh ábhair chun tacú le ceardlanna ag Seimineáir Réigiúnda agus ag seisiúin oiliúna na n-éascaitheoirí.

### 3.6 Comhoibriú le Háisíniteachtaí Eile

Chomh maith lena sheirbhís féin a chur ar fáil do scoileanna a bhí páirteach sa Tionscnamh, bhunaigh nó chothaigh TPFS nascanna comhoibritheacha le líon d'áisíniteachtaí eile le linn na bliana agus d'fhreagair iarratais ó ghrúpaí éagsúla maidir le heolas agus/nó oiliúint i réimse na Pleanála d'Fhorbairt Scoile. Ar na háisíniteachtaí agus na grúpaí seo bhí: Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE) agus áisíniteachtaí náisiúnta eile; seirbhísí tacaíochta eile de chuid na ROE; ranna oideachais na n-institiúidí tríú leibhéal; eagraíochtaí ionadaíochta na gcomhpháirtithe oideachais; agus tionscnaimh agus áisíniteachtaí a dhíríonn orthu siúd atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil. (Féach **Aguisín 3**)

Mar gheall ar chomhoibriú leis an gCigireacht agus le háisíniteachtaí náisiúnta oideachasúla leithéidí CNCM (NCCA), SNSO (NEPS), agus CCS (an Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna) bhí TPFS in ann: sochar a bhaint as raon leathan saineolais agus clár á fhorbairt aige chun freastal ar riachtanais na scoileanna; deiseanna a sholáthar do phearsanra na n-áisíniteachtaí eolas a chur ar an bPleanáil Fhorbartha Scoile; agus páirt a ghlacadh i dtionscadail chomhoibrithe a dhíríonn ar fheabhsú na scoileanna.

A bhuíochas do chumarsáid idir an TPFS agus seirbhísí tacaíochta eile de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, bhí pearsanra an TPFS in ann fanacht ar an eolas maidir le hathruithe sa chomhthéacs

<sup>2</sup> D'iarr an Comhordaitheoir Cinnreachta agus Rialaithe le Comhairle Náisiúnta Oideachais na hIamáice cead, thar ceann na Comhairle, ó Choiste Bainistíochta an TPFS an t-ábhar a atáirgeadh mar lámhleabhar oiliúna do shainchomhairleoirí agus mar leabhar tagartha do 72 scoileanna tionscadail.

don phleanáil scoile agus freisin comhoibriú a dhéanamh le seirbhísí eile maidir le cur chuige nua a fhorbairt a bheadh dírithe ar fheabhsú chaighdeán na múinteoireachta agus na foghlama sna scoileanna. Chomhoibrigh TPFS le seirbhísí eile tacaíochta ag an dara leibhéal agus le CLMLOÉ (Cumann Lárionaid Mhúinteoirí/Lárionaid Oideachais na hÉireann) i gcomhordú forásach gach cláir inseirbhíse ar fud na hearnála.

Sholáthair an TPFS ionchur ar PFS do chláir iarchéime do mhúinteoirí i raon institiúidí tríú leibhéal i rith na bliana. Chinntigh an t-ionchur seo go raibh na daoine a bhí páirteach sna cláir in ann eolas a chur ar an bPleanáil d'Fhorbairt Scoile agus an tábhacht a bhain leis mar chomhthéacs dá ngníomhaíocht phroifisiúnta a thuiscint. (Féach **Aguisín 3**).

Chothaigh an TPFS naisc le heagraíochtaí ionadaíocha lucht bainistíochta scoileanna, iontaobhaithe, príomhoidí, múinteoirí agus tuismitheoirí chun faisnéis a thabhairt dóibh maidir le PFS agus obair an Tionscnaimh, chun fáil amach cad a cheap siad agus cad a bhí ag cur as dóibh, agus, nuair ba chúig, chun comhoibriú a dhéanamh leo i soláthar léirithe seimineár agus ceardlann.

Rinne TPFS comhoibriú le dhá thionscadal speisialta a dhíríonn ar mhíbhuntáiste oideachasúil: Bridging the Gap, tionscadal de chuid COC(UCC)-ROE chun míbhuntáiste uirbeach a laghdú i gCathair Chorcaí; agus GRD, tionscadal de chuid Galway Rural Development a thacaíonn le trí chnuas de scoileanna i gCo. na Gaillimhe chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste tuaithe. Cothaíonn an dá thionscadal seo cur chuige iláisiúntachta trasearnála, ag cur béime ar na buntáistí a bhaineann le tacaíocht chomhordaithe. Ina theannta sin, chothaigh TPFS teagmháil le Líon Bord Comhpháirtíochta Ceantair.

### 3.7 Comhpháirtíocht Ardchaighdeán na Réigiún (CAR)

I 2002, lean TPFS air ina ról chomhordaitheach in CAR, tionscadal Socrates de chuid an AE a raibh 35 scoil i 5 thír éagsúla páirteach ann: an Ostair, an Ghearmáin, Éire, an Phortaingéil, agus Albain. Ba é cuspóir an tionscadail, a thosaigh i 2001, ná an argóint ar son féinmheastóireachta scoile a fheabhsú, a shaibhriú agus a neartú trí táscairí éagsúla caighdeán a scrúdú agus a dhearbhu. Bhí ceithre scoil Éireannach páirteach sa tionscadal, gach ceann acu i gcomhpháirtíocht le scoil sa Ghearmáin. B'éigean do gach péire acu ábhar a roghnú mar réimse forbartha a raibh spéis acu araon ann. Ba iad na téamaí a roghnaíodh ná:

- A** Measúnú punainne agus tionscadail i gcomhthéacs fhoghlaim na ndaltaí
- B** Cur chun cinn na sláinte i gcomhthéacs an tréadchúraim
- C** Taithí oibre i gcomhthéacs ullmhúcháin do bheith ag obair
- D** Taithí oibre i gcomhthéacs na nasc baile-scoil-pobal

Chomhoibrigh na scoileanna chun táscairí caighdeán a bhunú chun a bhfeidhmíocht ina réimse forbartha roghnaithe a mheas. Shocraigh siad gan táscairí caighdeán seanbhunaithe a úsáid ach go ndearfaidís agus go n-aontóidís a gcuid táscairí féin trí phróiseas pléite agus idirbheartaíochta.

D'fheidhmigh Comhordaitheoir Réigiúnda de chuid an TPFS mar Chomhordaitheoir Náisiúnta Éireannach don tionscadal, agus d'fheidhmigh ball de Chigireacht na ROE mar Chinnire Tionscadail. Le linn na bliana 2002, d'eagraigh agus d'éascaigh an Comhordaitheoir agus an Cinnire Tionscadail cuairt ionadaithe na scoileanna Éireannacha chun na Gearmáine, agus cuairt ionadaithe na scoileanna Gearmánacha go hÉirinn. Thug siad cuairt ar gach ceann de na scoileanna Éireannacha rannpháirtíochta ar ócáidí éagsúla chun bualadh le foireann an tionscadail, agus thug siad le chéile na ceithre fhoireann tionscadail do chnuas-sheisiún.

Is iomaí toradh dearfach a bhí ag an tionscadal, CAR. Rinneadh roinnt mhaith dul chun cinn maidir le dearadh na dtáscairí caighdeáin. Chuireadar siúd a bhí páirteach ann lena dtuiscint maidir le féinmheastóireacht agus d'fhorbair siad scileanna a d'fhágadh go mbeidís in ann bheith i gceannas ar an bpróiseas amach anseo. Ócáid chumasach forbartha proifisiúnta a bhí sa tionscadal, a chuir le cumas na scoileanna rannpháirteacha agus a d'fhág go raibh níos mó muiníne acu astu féin maidir lena gcumas féinmheastóireacht a dhéanamh. Mar thoradh ar an rannpháirtíocht seo, socraíodh tosaíochtaí breise maidir le gníomhaíocht.

Baineadh de thátaí as an tionscadal, CAR<sup>3</sup>:

- ◆ Éilíonn féinmheastóireacht tiomantas, oscailteacht, am, acmhainní agus pleanáil
- ◆ Braitheann féinmheastóireacht éifeachtach scoile ar sholáthar tacaíochta seachtraí
- ◆ Tá gá le téarmaíocht chaighdeánaithe maidir le féinmheastóireacht chun teacht ar chomhthuiscint chaighdeáin sna scoileanna
- ◆ Tá gá le hoiliúint faoi ghnéithe teicniúla na meastóireachta, i.e. oiliúint scileanna maidir le dearadh ionstraimí meastóireachta, maidir le riaradh scrúduithe nó ceistiúchán, agus maidir le hanailís agus míniú sonraí sa tslí nach ndéantar dearmad ar an ngá atá ann le bailíocht agus le hiontaofacht
- ◆ Ní mór tacaíocht chomhairleach a chur ar fáil, de réir mar a bhíonn gá leis, chun scoileanna a threorú agus a dhírú sa phróiseas féinmheastóireachta.

Cuireadh deireadh leis an tionscadal CAR i bhFeabhra 2003.



<sup>3</sup> Ó Quality Development Experiences of the Giessen/Vogelsberg and Ireland Partnership, tuarascáil dheireanach Chinnire Tionscadail CAR.



## Pleanáil d'Fhorbairt Scoile sna Bunscoileanna: Tuarascáil Dul Chun Cinn

I 2002, rinne scoileanna ag an mbunleibhéal cuid mhór dul chun cinn maidir le PFS le tacaíocht fhoireann na SPFS. Sa tuarascáil dul chun cinn seo tugtar cur síos imlíneach ar:

1. Leibhéal rannpháirtíochta i gníomhaíochtaí pleanála ag scoileanna a ghlac páirt i gcéimeanna éagsúla chlár thacaíochta na SPFS, maidir le gnéithe an phróisis PFS ar tugadh fúthu, agus réimsí an tsaoil scoile a ndearnadh freastal orthu
1. Leibhéal dul chun cinn bainte amach ag scoileanna le linn an Tionscnaimh, i dtaca le rannpháirtíocht i bpríomhoibríochtaí an phróisis PFS, le pleanáil choláisteach, le comhpháirtíocht sa phleanáil, agus le cnuasú scoileanna
3. Leibhéal chumais do phleanáil neamhspleách sna scoileanna a bhí páirteach i gclár na SPFS roimh Mheán Fómhair 2002.

Ba chóir tabhairt faoi deara nach raibh eolas sainscagtha ar fáil, agus seo á scríobh, faoi rannpháirtíocht na scoileanna sa PFS ach suas go 30 Meitheamh 2002.

### 4.1 Gníomhaíochtaí Pleanála sna Scoileanna

#### 4.1.1 Gnéithe an Phróisis PFS

Is iad seo a leanas príomhghnéithe an phróisis PFS a raibh baint ag scoileanna leo tríd an gclár tacaíochta: athbhreithniú na scoile; socrú tosaíochtaí; pleanáil ghníomhaíochta; forbairt na bpolasaithe

eagrúcháin; forbairt pleananna curaclaim uile-scoile; forbairt físe/mhisin; agus forbairt pleananna straitéiseacha chun freastal ar thosaíochtaí forbartha thar thréimhse fhada ama.

### Scoileanna ag Céim 1

Ghlac 840 scoil mheánmhéide páirt i gCéim 1 den chlár tacaíochta le linn 2001/2002.

Ina gcéad bhliain tacaíochta, dhírigh na scoileanna seo ar athbhreithniú scoile, ar shocrú tosaíochtaí maidir le réimsí forbartha, agus ar leagan amach pleananna gníomhaíochta maidir le cur i bhfeidhm na bhforbairtí. Cabhraíodh le 704 cinn de na scoileanna seo athbhreithniú ginearálta scoile a dhéanamh, nó athbhreithniú ar ghné faoi leith de shaol na scoile. I gcás 694 scoil éascaíodh leagan amach tosaíochtaí forbartha, agus cabhraíodh le 685 acu plean gníomhaíochta amháin, ar a laghad, a fhorbairt. Déantar achoimre ar a gcuid gníomhaíochtaí pleanála i gClár 4.1:

Gníomhaíocht (1/9/01 – 30/6/02)	% na scoileanna
Athbhreithniú scoile	84%
Forbairt na dtosaíochtaí	83%
Pleanáil ghníomhaíochta	82%
Forbairt na bpolasaithe eagrúcháin	66%
Forbairt na bpleananna curaclaim	46%
Forbairt físe/mhisin	10%
Forbairt na bpleananna straitéiseacha	3%

Clár 4.1 Achoimre na nGníomhaíochtaí Pleanála (Scoileanna Chéim 1)

## Scoileanna ag Céim 2

Bhí 1309 scoil bheag agus 19 scoil an-mhóra i gCéim 2 den chlár tacaíochta le linn 2001/2002. Na scoileanna sin a bhí sa dara bliain tacaíochta, rinne siad athrá agus comhdhlúthú ar ghníomhaíochtaí a thosaigh siad an bhliain roimhe sin – athbhreithniú scoile, socrú tosaíochtaí agus pleanáil ghníomhaíochta. Cabhraíodh le 1,074 de na scoileanna seo athbhreithniú scoile a dhéanamh. Éascaíodh 1,023 acu tosaíochtaí forbartha a leagan amach, agus cabhraíodh le 1,094 plean ghníomhaíochta amháin, ar a laghad, a fhorbairt.

Ina theannta sin thosaigh siad ar ghníomhaíochtaí nua – forbairt físe/misin scoile, pleanáil straitéiseach agus forbairt na bpleananna curaclaim agus na bpolasaithe agus na n-imeachtaí riaracháin. Cabhraíodh le 418 scoil fís/misean scoile a fhorbairt, agus éascaíodh 207 acu maidir le leagan amach pleananna straitéiseacha. Déantar achoimre ar raon a gcuid gníomhaíochtaí pleanála i gclár 4.2:

Gníomhaíocht (1/9/01 – 30/6/02)	% na Scoileanna
Athbhreithniú scoile	82%
Forbairt tosaíochtaí	78%
Pleanáil ghníomhaíochtaí	83%
Forbairt na bpolasaithe eagrúcháin	81%
Forbairt na bpleananna curaclaim	78%
Forbairt físe/mhisin	32%
Forbairt na bpleananna straitéiseacha	16%

Clár 4.2 Achoimre na nGníomhaíochtaí Pleanála (Scoileanna Céim 2)

## Scoileanna ag Céim 3

Cuireadh 433 scoil, a ainmníodh mar scoileanna a dhéanann freastal ar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste, isteach sa Tionscnamh ó Mheán Fómhair 1999 agus bhí siad fós ag fáil tacaíochta srianta sa scoilbhliain 2001/2002. Faoi Mheitheamh 2002 cabhraíodh le 257 de na scoileanna seo athbhreithniú scoile a dhéanamh. Cabhraíodh le 271 tosaíochtaí forbartha a leagan amach, agus cabhraíodh le 340 maidir le pleanáil ghníomhaíochta. D'fhorbair 314 de na scoileanna seo polasaí amháin, ar a laghad, i réimse riaracháin, agus cabhraíodh le 262 pleananna curaclaim a leagan amach. Cabhraíodh le 83 scoil fís/misean na scoile a fhorbairt, agus éascaíodh le 49 pleananna straitéiseacha a leagan amach.



#### 4.1.2 Pleanáil Forbartha Uile-Scoile: Réimsí Tosaíochta

Chuimsigh gníomhaíochtaí pleanála um fhorbairt scoile le linn 2001/02 raon leathan ábhar nó réimsí. Ba nós le scoileanna réimsí a aithint mar ‘réimsí curaclaim’ nó ‘réimsí eagrúcháin’. Ach ní raibh na teorainneacha eatarthu chomh soiléir sin, i ndáiríre, mar bhí cuid mhór den phleanáil ‘churaclaim’ ceangailte le ceisteanna eagrúcháin, agus is iomaí uair a raibh baint ag pleanáil ‘eagrúcháin’ le cleachtaí riaracháin agus nósanna imeachta a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuraclaim.

#### Fócas an Churaclaim

Tar éis a n-athbhreithnithe scoile, is iomaí scoil a rinne tosaíocht de ghnéithe an churaclaim don phleanáil uile-scoile. Agus iad ag éascú scoileanna maidir le pleanáil a réimse roghnaithe curaclaim bhí an Tionscnamh ag an am céanna ag cabhrú le scoileanna i bhforbairt a gcuid scileanna pleanála. Bheifí in ann na scileanna seo a aistriú chuig pleanáil do ghnéithe eile de shaol na scoile.

Cabhraíodh le 1,408 scoil (388 ag Céim 1 agus 1,020 ag Céim 2) maidir le pleanáil i réimsí ar aithníodh gur le curaclaim ba mhó a bhain siad. Leagtar amach na réimsí fócais curaclaim ba mhó ráchairt orthu agus céatadán na laethanta pleanála ar ar pléadh leo seo i gclár 4.3.

Tugadh aghaidh go sonrathach ar chaighdeán múinteoireachta agus foghlama mar fhócas gach cineál pleanála agus forbartha ag Seimineáir Réigiúnda SPFS, agus spreagadh scoileanna an fócas sin a choimeád ag ócáidí pleanála amach anseo. Go dtí seo, áfach, ba é príomhsprioc na pleanála curaclaim ná riachtanais na scoileanna aghaidh a thabhairt ar chur i bhfeidhm an Churaclaim Athbhreithnithe. Ba é an réimse curaclaim ba mhó a aithníodh mar thosaíocht ó Mheán Fómhair go Nollaig 2002 ná Béarla (a tugadh isteach 1999). Aithníodh freisin, ach ní an oiread céanna, Gaeilge (a tugadh isteach 2000) agus Matamaitic (a tugadh isteach 2001). Bhí tionchar nach beag ar roghnú na dtosaíochtaí ag cur i bhfeidhm an Churaclaim Athbhreithnithe agus riachtanas na scoileanna aghaidh a

thabhairt air seo, is cosúil, ós rud é go raibh an oiread sin tábhachta ag an mBéarla maidir le ham pleanála curaclaim, agus gurbh ar éigean a pléadh le réimsí ar nós an Cheoil, an OSPS agus an CO.

Réimse Curaclaim/ Gné an Ábhair	Minicíocht ar Laethanta Pleanála	
	Scoileanna Céim 1	Scoileanna Céim 2
Béarla	47%	43%
Matamaitic	16%	18%
Gaeilge	14%	12%
TEC (ICT)	6%	5%
Radharcealaíona	5%	11%
Ceol	5%	<1%
OSPS (SPHE)	3%	6%
CO (PE)	3%	2%
OSIE (SESE)	1%	<1%
OCG (RSE)	–	2%

Clár 4.3 Pleanáil Uile-scoile: Réimsí Fócais Curaclaim

De réir mar a sholáthraítear oiliúint inseirbhíse i ngach réimse ábhair den Churaclaim Athbhreithnithe, is dócha go mbeidh éileamh ar chabhair ón Tionscnamh maidir le pleanáil forbartha uile-scoile sa réimse ábhair sin le bliain nó dhó ina dhiaidh sin. Tá ar an Tionscnamh machnamh a dhéanamh ar conas cabhrú le scoileanna aghaidh a thabhairt ar an dúshlán leanúint orthu ag cur i bhfeidhm curaclaim athbhreithnithe den chéad uair agus ag an am céanna tosú ar mheastóireacht agus ar mhodhnú na gcuraclaim atá curtha i bhfeidhm cheana, agus an mheastóireacht sin a bhunú ar fhianaise earmaise na ndaltaí.

#### Fócas Eagrúcháin

D’fhorbair 1,567 scoil (511 ag Céim 1 agus 1056 ag Céim 2) polasaí amháin, ar a laghad, a dhírigh ar réimsí eagrúcháin faoi Mheitheamh 2002. Tugadh aghaidh ar impleachtaí don mhúinteoireacht, don fhoghlaim agus don churaclaim nuair a rinneadh pleanáil do

Réimse Eagrúcháin/Gné Ábhair	Minicíocht ar Laethanta Pleanála	
	Scoileanna Chéim 1	Scoileanna Chéim 2
Cód Iompair	18%	14%
Clárú agus Admhálacha	11%	18%
Sláinte agus Sábháilteacht	9%	14%
Measúnú na nDaltaí	8%	6%
Acmhainní	6%	2%
Cumarsáid	6%	<1%
Riachtanais Speisialta	5%	6%
Maistíneacht	5%	6%
Tacaíocht Foghlama & Múinteoireacht Acmhainne	4%	4%
Cruinnithe Foirne	4%	<1%
Tadhall Baile-Scoil	4%	2%
Obair Bhaile	3%	7%
Coimeád Taifead	3%	3%
Leabhrán Eolas Scoile	2%	<1%
Ceisteanna Foirgnimh Scoile	2%	–
Riarachán Cógas Leighis	–	4%

#### Clár 4.4 Pleanáil Uile-Scoile: Réimsí Fócais Eagrúcháin

cheisteanna ar nós obair bhaile, riachtanais speisialta, measúnú, tacaíocht foghlama agus coimeád taifead. Leagtar amach i gClár 4.4 na réimsí fócais eagrúcháin ba mhó ráchairt orthu agus céatadán na laethanta pleanála ar ar pléadh leo seo.

Tugadh aghaidh ar raon leathan ceisteanna eile eagrúcháin ar níos lú ná 1% de laethanta pleanála: comhoibriú foirne agus an próiseas cinnteoireachta, turasanna scoile, múinteoireacht ilranga, freastal na ndaltaí, leagan amach amchlár, cúntóirí riachtanas speisialta, úsáid substaintí, drochíde pháistí, inscne, ionduchtúchán na múinteoirí nua, míbhuntáiste, nósanna imeachta gearán, teacht ar thaifid scoile, comhdheiseanna, éidí scoile, cur chun cinn na ndaltaí, cuntais indibhidiúla oideachais, leagan amach na ranganna, poist freagrachta agus asláithreacht na múinteoirí.

Ba é an gá atá ann leis an reachtaíocht a chomhlíonadh is mó a chuaigh i bhfeidhm ar an bpleanáil eagrúcháin go dtí seo. Tugann sé seo le tuiscint nár shíl lucht scoile go fóill go raibh siad in ann díriú ar shofhreachacht riarachán na scoile do riachtanais a gcuid daltaí agus iad i mbun na pleanála eagrúcháin. Is dócha go mbeidh tionchar ag treoirlínte a tugadh isteach ar na mallaibh maidir le húsáid substaintí agus le cosaint na leanaí ar roghanna pleanála eagrúcháin. Go dtí seo níor deonadh mórán ama pleanála do fhreastal agus do mhíbhuntáiste, réimsí a bhfuil baint shoiléir acu le hearmaise na ndaltaí.

Ní mór don Tionscnamh smaoineamh conas is fearr cabhrú le scoileanna i gcomhlíonadh éileamh seachtrach do pholasaithe eagrúcháin a eascraíonn as reachtaíocht agus as teoracha oifigiúla, sa tslí gur féidir leo aghaidh a thabhairt níos mó ar cheisteanna inmheánacha eagrúcháin, a théann i bhfeidhm go díreach ar fhoghlaim na ndaltaí.

## 4.2 Dul Chun Cinn na Scoileanna sa PFS le linn tréimhse an Tionscnaimh

Roimh thús na scoilbhliana 2001/2002, chuir Foireann Chomhordaithe na SDPS i bhfeidhm meicníochtaí trínarbh fhéidir cuntas a fháil ar ghníomhaíochtaí pleanála forbartha na scoileanna sula raibh siad páirteach agus tar éis dóibh bheith páirteach sa Tionscnamh.

Fionnadh gníomhaíochtaí pleanála forbartha chuige seo na scoileanna a bhí ag glacadh páirte sa Tionscnamh den chéaduaire ag cruinnithe réamhphleanála. Ag deireadh na scoilbhliana 2001/2002, rinneadh comparáid idir a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí PFS sular tugadh isteach sa Tionscnamh iad agus a rannpháirtíocht sa chéad bhliain tacaíochta<sup>4</sup>.

D'éascair na pointí seo a leanas maidir le dul chun cinn na scoileanna sa PFS as an anailís chomparáideach a ndearnadh cur síos imlíneach uirthi thuas, agus as an aiseolas ó éascaitheoirí SPFS faoi ghníomhaíochtaí pleanála na scoileanna ina ndara agus ina dtríú bliain tacaíochta SPFS.

### 4.2.1 Dul Chun Cinn i Rannpháirtíocht sa PFS

Le linn a gcéad bhliana sa Tionscnamh, cuireadh scoileanna ar an eolas faoi thrí ghné den phleanáil forbartha: **i.** féinathbhreithniú scoile; **ii.** socrú tosaíochtaí; **iii.** pleanáil ghníomhaíochta

Chuaigh cuimsitheacht sa Tionscnamh i bhfeidhm go mór ar leibhéal na ngníomhaíochtaí pleanála dírithe sna scoileanna seo, faoi mar is féidir a fheiceáil i gClár 4.5:

Réimse	Roimh Chuimsitheacht	Tar éis Cuimsitheachta
Athbhreithniú Scoile	22%	84%
Socrú Tosaíochtaí	18%	83%
Pleanáil Ghníomhaíochta	12%	82%

**Clár 4.5 Scoileanna Chéim 1: Gníomhaíochtaí Pleanála roimh chuimsitheacht/ tar éis cuimsitheachta**

<sup>4</sup> An 840 scoil mheánmhéide (scoileanna le 4-6 gnáthmhúinteoirí) a tugadh isteach sa Tionscnamh ó Mheán Fómhair 2001 a bhí i gceist.

Thabharfadh taithí na n-éascaitheoirí le fios go ndeachaigh cuimsitheacht sa Tionscnamh i bhfeidhm ar leibhéal na ngníomhaíochtaí pleanála dírithe i measc scoileanna ag Céim 2 agus 3. Ní féidir staitisticí comparáideacha a chur i láthair maidir leis na scoileanna seo, áfach, mar níl na bunsonraí réamhchuimsitheachta ar fáil faoi láthair. Is fiú don Tionscnamh a leithéid d'eolais a thiomsú mar éascaíonn sé taifeadh dhul chun cinn na scoileanna i gcur i bhfeidhm an phróisis PFS.

Ina ndara bliain sa Tionscnamh, cuireadh scoileanna ar an eolas faoi choincheap na pleanála straitéisí mar mheán chun tosaíochtaí forbartha a eascraíonn as an athbhreithniú scoil-bhunaithe a láimhseáil thar tréimhse 3 go 5 bliana. Bhí méadú imeallach ann sa phleanáil straitéiseach i measc na scoileanna ag Céim 2 le linn na bliana tar éis cuimsitheachta.

Roimh Chuimsitheacht	Tar éis Cuimsitheachta
12%	16%

**Clár 4.6 Scoileanna Chéim 2: Pleanáil Straitéiseach**

Rinneadh dul chun cinn sa réimse seo, agus cabhraíodh le 207 de scoileanna Chéim 2 sa phleanáil straitéiseach faoi Mheitheamh 2002, ach tá aistriú na dtosaíochtaí forbartha go Pleananna Straitéiseacha 3–5 bliana le críochnú fós ag móramh na scoileanna. Cabhróidh a leithéid de phlean le scoileanna déileáil leis na hathruithe tábhachtacha atá ag tarlú sa bhunoideachas anois, agus lena gcur i bhfeidhm.

### 4.2.2 Rannpháirtíocht Bhreise Foirne

Ar cheann de mhórhionchair an Tionscnaimh ar na scoileanna bhí cur chun cinn na pleanála coláistí. Roimh chuimsitheacht, bhí baint éigin ag 61% na foirne i scoileanna a bhí ina gcéad bhliain tacaíochta le forbairt pholasaí ina gcuid scoileanna. Ní raibh baint ag beagnach 1 as 3 (29%) le gníomhaíochtaí forbartha polasaí a gcuid scoileanna, agus ní raibh baint riamh ag 10% eile mar gheall ar easpa forbartha polasaithe ina gcuid scoileanna.

Tar éis sholáthar na seimineár réigiúnda agus na laethanta éascaithe pleanála do scoileanna ag Céim 1, táthar ag tabhairt gach ball foirne isteach sa phróiseas forbartha polasaí, ar an lá éascaithe pleanála agus ina dhiaidh. Tugadh cultúr na pleanála coláistí isteach den chéaduair chuig beagnach 40% de scoileanna sa ghrúpa seo.

### 4.2.3 Comhpháirtíocht sa Pleanáil

Is fearr a d'éirigh le scoileanna a bhí ina dtrú bliain sa Tionscnamh maidir le cuimsitheacht bhord bainistíochta agus thuismitheoirí sa phróiseas pleanála forbartha ag an mBunleibhéal. D'éirigh le suas le 33% de na scoileanna seo tuismitheoirí a thabhairt isteach sa phróiseas pleanála forbartha.

Is léir go ndearnadh dul chun cinn éigin maidir le cuimsitheacht ghníomhach na mbord bainistíochta agus na dtuismitheoirí i scoileanna a bhí ina gcéad agus ina ndara bliain tacaíochta. Ba bheag an feabhsú é, áfach. Ní raibh ach 6% breise de thuismitheoirí agus 5% breise de bhoird bhainistíochta gníomhach ó tugadh na scoileanna seo isteach sa Tionscnamh, agus tá cuid mhór fós le déanamh sa réimse seo, faoi mar a fheictear sa chlár thíos. Is cúis inní é go bhfuil a laghad sin boird bhainistíochta ag glacadh páirte, ós rud é go bhfuil freagracht ar an mbord maidir le pleanáil scoile faoi théarmaí an Achta Oideachais, 1998, (Alt 21).

	Roimh Chuimsitheacht	Tar éis Chuimsitheachta
BB	18%	23%
Tuismitheoirí	8%	14%

**Clár 4.7 Rannpháirtíocht na gComhpháirtithe san Fhorbairt Pholasaithe (Scoileanna Chéim 1)**

Is leis an bpleanáil eagrúcháin ba mhó a raibh baint ag na comhpháirtithe. Nuair a bhí páirt ag boird bhainistíochta i ngníomhaíochtaí pleanála na scoileanna, ba i réimsí eagrúcháin 84% di, agus 12% i bpleanáil an churaclaim. 90% den bhaint a bhí ag tuismitheoirí leis an bpleanáil, ba phleanáil eagrúcháin a bhí i gceist.

### 4.2.4 Cnuasphleanáil

Spreagadh scoileanna le 1–3 mhúinteoirí bheith ag pleanáil i gcnuais de 4, sa mheán, agus scoileanna le 4–7 mhúinteoirí i gcnuais de 2. Éascaíodh scoileanna i gcatagóirí faoi leith chun bheith ag pleanáil le chéile, m.sh. scoileanna ospidéal agus scoileanna speisialta. Nuair a cuireadh iad sa Tionscnamh i Meán Fómhair 2001 méadaíodh líon na gcnuas pleanála ó 7% go 98% i measc scoileanna ag Céim 1. Tá fáilte mhór curtha ag scoileanna roimh an deis seo bheith ag comhoibriú le scoileanna atá ar comh-mhéid leo.

Chuaigh an cleachtas seo, scoileanna níos lú a chur i gcnuas le haghaidh pleanála, chun sochair go mór do na scoileanna a bhí páirteach. Tugann an cnuasú aghaidh ar cheisteanna faoi leith maidir le bheith ag obair i scoileanna níos lú, ceisteanna a bhaineann le bheith ar an iargúil go proifisiúnta agus go tíreolaíoch, agus leis an múinteoireacht ilranga. Tá teacht ag scoileanna ar dhea-chleachtas agus ar thaithí a gcuid comhpháirtithe cnuais, agus is féidir ualach oibre gach duine a laghdú. Ba chóir go leanfadh an Tionscnamh den chleachtas cnuasaithe agus cnuais a n-éiríonn leo a chomhdhlúthú, ní hamháin maidir le scoileanna atá ar comh-mhéid, ach maidir le scoileanna atá i gcatagóir den chineál céanna. Ba chóir go bhforbródh sé an cleachtas do chineálacha áirithe catagóirí pearsanra scoile (mar shampla múinteoirí tacaíochta foghlama, nó príomhoidí scoileanna an-mhóra) aghaidh a thabhairt ar cheisteanna pleanála atá i bpáirt acu.

### 4.3 Cumas Pleanála Neamhspleáiche

Cé gur éirigh go han-mhaith leis an Tionscnamh coincheap na pleanála forbartha uile-scoile a thabhairt isteach agus an próiseas a chothú trí sheimineáir agus trí laethanta pleanála a éascú, tá cuid mhór fós le déanamh chun an próiseas a leabú sna scoileanna sa dóigh go mbeidh siad in ann leanúint de go neamhspleách.

Ag deireadh 2001/02, iarradh ar na héascaitheoirí acmhainn na scoileanna a mbíodh siad ag obair leo a mheas le ceann amháin as trí leibhéal de thacaíocht leanúnach.

- ◆ **Tacaíocht leibhéal íseal.** Scoileanna atá in ann bheith ag pleanáil go neamhspleách, mar a bhfuil ionstraimí, treoirlínte agus eiseamláirí an dea-chleachtais ar fáil trí fhoilseacháin agus/nó tríd an Idirlíon
- ◆ **Tacaíocht mheán-leibhéal.** Scoileanna a bhfuil féinéascaíocht ar a gcumas acu, a bheag nó a mhór, ar lá pleanála, ach a bhfuil cabhair uathu chun a gcuid pleanála a eagrú agus chun an leas is fearr a bhaint as na hionstraimí pleanála, treoirlínte agus eiseamláirí dea-chleachtais atá ar fáil
- ◆ **Tacaíocht ard-leibhéal.** Scoileanna a mbíonn seirbhís iomlán éascaíochta ag teastáil uathu.

Sa chlár thíos léirítear measúnuithe na n-éascaitheoirí maidir le hullmhacht na scoileanna don phleanáil neamhspleách.

Mar is léir ó na sonraí i gClár 4.8, dá fhad a thugtar tacaíocht do na scoileanna ag an tús, is amhlaidh is mó seans go dtarlóidh pleanáil neamhspleách. Tar éis trí bliana tacaíochta, aithnítear go bhfuil 40% de na scoileanna in ann leanúint ar aghaidh leis an bpleanáil le leibhéal íseal nó meánleibhéal tacaíochta.

Céim Scoile	Tacaíocht Leibhéal Íseal	Tacaíocht Mheán-Leibhéal	Tacaíocht Ard-Leibhéal
<b>Scoileanna Chéim 1</b> (An chéad bhliain tacaíochta)	2% (17 scoil)	9% (76 scoil)	89% (747 scoil)
<b>Scoileanna Chéim 2</b> (An dara bliain tacaíochta)	3% (40 scoil)	17% (226 scoil)	80% (1062 scoil)
<b>Scoileanna Chéim 3</b> (An tríú bliain tacaíochta)	10% (44 scoil)	30% (132 scoil)	60% (263 scoil)

Clár 4.8 Ullmhacht don Phleanáil Neamhspleách



## Pleanáil d'Fhorbairt Scoile sna Scoileanna Dara Leibhéal: Tuarascáil Dul Chun Cinn

Cuireadh cosc ar leanúnacht agus ar dhul chun cinn i gcur i bhfeidhm chlár tacaíochta an TPFS ón mbliain 2000 ar aghaidh, mar gheall ar thosca san earnáil dhara leibhéal. Tá an Tuarascáil Dul Chun Cinn Dara Leibhéal bunaithe, mar sin, ní ar theagmháil leanúnach le scoileanna ó 1999, ach ar an bpróiseas struchtúrtha comhairliúcháin ar cuireadh tús leis le scoileanna nuair a maolaíodh cúrsaí CT i Samhain 2001 (féach **Alt 3.1**), agus ar thuarascálacha na gComhordaitheoirí Réigiúnda ar obair an Tionscnaimh le scoileanna i rith na bliana 2002.



### 5.1 Próiseas Comhairleach an TPFS

Faightear cuntas ar dhul chun cinn na scoileanna sa Phleanáil Fhorbartha Scoile mar chuid de phróiseas comhairliúcháin an TPFS, ag úsáid múnla agallaimh struchtúrtha, de réir mar ar cuireadh síos air in **Alt 3.4**. Tugann an tuarascáil seo ollradharc ar an dul chun cinn a léiríodh sna cuntais a tiomsaíodh faoi Mheitheamh 2002. Bhí sé i gceist cuntas a fháil ar gach ceann den 276 scoil a bhain le Céim 1 (scoileanna iad seo a fuair an chéad chuid dá ndeontas tosaigh PFS i 1999) sa tréimhse Samhain 2001 go Meitheamh 2002. Cionn is go ndeachaigh cúrsaí CT in olcas i bhFeabhra 2002, áfach, (féach **Alt 3.3**) ní rabhtas in ann an sprioc seo a chomhlíonadh. Ní bhfuarthas cuntas ach ar 209 scoil sa tréimhse sin. Bhain 192 acu seo le Céim 1<sup>5</sup>. Bhí 27 den 209 scoil in earnáil na bpobalscoileanna agus na scoileanna cuimsitheacha; 93 in earnáil na meánscoileanna, agus 89 in earnáil na ngairmscoileanna.

Tá ceithre phríomhchuid ag an tuarascáil:

1. Gníomhaíochtaí pleanála sna scoileanna ó cuireadh tús leis an Tionscnamh
2. Dul chun cinn na scoileanna sa PFS le linn an Tionscnaimh
3. Suíomh reatha na scoileanna maidir le PFS
4. Riachtanais tacaíochta PFS sa todhchaí


<sup>5</sup> Cuireadh an 17 scoil acu seo nach raibh páirteach i gCéim 1 isteach sa phróiseas comhairliúcháin le linn na tréimhse seo cionn is go raibh siad ag baint úsáide as seirbhísí eile de chuid an TPFS ag an am, réamhphleanáil don éascaíocht, den chiud is mó; chiallóidh sé seo go mbaileofaí eolas den chineál céanna.



### 5.1.1 Gníomhaíochtaí Pleanála sna Scoileanna ó cuireadh tús leis an Tionscnamh (1999)

#### Seisiúin Phleanála Uile-Fhoirne 1999–2002

Iarradh ar scoileanna tabhairt le fios cá mhéad laethanta pleanála uile-foirne nó seisiúin phleanála a thionóil siad ó Mheán Fómhair 1999. D’eagraigh 80% lá pleanála amháin, ar a laghad; thionól 30% ar a laghad seisiúin pleanála amháin níos giorra; san iomlán, léirigh 91% de na scoileanna gur chaith siad tamall ag pleanáil. Bhí cuid mhór éagsúlachta ann maidir le cá mhéad ama a chaith scoileanna ar an PFS, de réir mar a léirítear sa chairt a leanas:



Cairt 5.1 Líon Laethanta/Seisiúin in aghaidh na Scoile

#### Socruithe Éascaíochta don PFS 1999–2002

Iarradh ar scoileanna cur síos a dhéanamh ar an gcineál éascaíochta ar ghlac siad léi don phróiseas PFS sa tréimhse 1999–2002. Ghlac 40% le héascaíocht sheachtrach amháin; ghlac 12% le héascaíocht ó bhaill foirne amháin (éascaíocht inmheánach); ghlac 36% le héascaíocht sheachtrach agus inmheánach. I gcás 12% acu, níor sonraíodh cineál na héascaíochta.

Is mian leis an Tionscnamh éascaíocht mheasctha a spreagadh, mar a mbíonn éascaitheoir seachtrach ag obair i gcomhar le pearsanra scoile, chun go spreagfaí cumas pleanála neamhspleáiche na scoileanna.

### Gníomhaíochtaí Pleanála ó Mheán Fómhair 1999

Iarradh ar scoileanna sonraí a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí pleanála forbartha ar ghlac siad páirt iontu ó Mheán Fómhair 1999. Thug siad an méid seo a leanas le fios:

Gnéithe den PFS a rabhtas páirteach iontu ó 1999	% den 209 scoil
Athbhreithniú scoile	78%
Comhaontú faoi thosaíochtaí forbartha	76%
Bunú struchtúr pleanála	65%
Dréachtú pleananna gníomhaíochta	49%
Cur i bhfeidhm pleananna gníomhaíochta	44%
Ceapadh polasaithe	87%
Dréachtú ráitis mhisin/físe/aidhmeanna	75%
Críochnú plean scoile	5%
Socruithe chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm	3%
Socruithe chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí	3%
Socruithe maidir le tuarascálacha	3%

Clár 5.1 Gníomhaíochtaí Pleanála ó Mheán Fómhair 1999

Ag cur san áireamh cúrsaí CT ag an dara leibhéal ó bhí lár 2000 ann, tá an patrún gníomhaíochtaí pleanála seo ag teacht leis an méid a mbeifí ag súil leis. Léiríonn sé gur chríochnaigh mórchuid na scoileanna a sonraíodh céim Athbhreithnithe an phróisis PFS; go ndearna beagnach leath acu dul chun cinn réasúnta maidir le beartú agus le cur i bhfeidhm Pleananna Gníomhaíochta, ach nár éirigh ach le mionlach an-bheag dul ar aghaidh go céimeanna deireanacha an timthrialla. Is féidir leibhéal ard rannpháirtíochta i ndréachtú polasaithe a mhíniú trí iarmhairt na riachtanas reachtaíochta agus cionn is nár cuireadh cosc ar cheapadh polasaithe per se i dtreoracha na gceardchumann, murab ionann is an phleanáil fhoirmeálta um fhorbairt scoile. Breathnaíodh air, mar sin, mar réimse mar a mbeadh dul chun cinn indéanta agus riachtanach. Is féidir

an leibhéal ard gníomhaíochta maidir le misean scoile a mhíniú go pointe trí na riachtanais a leag síos cuid de na hiontaobhaithe do bhoird bhainistíochta a gcuid scoileanna, agus go pointe mar gheall ar gur shocraigh cuid de na scoileanna an próiseas PFS a thosú trína misean, a bhfís agus a gcuid aidhmeanna bunúsacha a fhógairt nó a athbhreithniú.

### Na Tosaíochtaí a Roghnaíodh

Iarradh ar scoileanna liosta a dhéanamh de na réimsí sin de shaol na scoile a ndearna siad tosaíochtaí forbartha díobh. Fuarthas liosta fada de réimsí éagsúla. Aithníodh iad seo a leanas mar na 10 bpríomhthosaíocht:

Tosaíochtaí Forbartha	% den 209 scoil
1. Curaclam an Timthrialla Shinsearaigh	71%
2. Smacht/lompar	61%
3. Tréadchúram	51%
4. Oideachas Feabhais/Tacaíocht Foghlama	51%
5. Curaclam an Timthrialla Shóisearaigh	50%
6. Forbairt Foirne	50%
7. Foirgneamh/Áiseanna na Scoile	49%
8. Misean/Fís/Aidhmeanna	46%
9. Míbhuntáiste Oideachasúil	44%
10. Freastal	44%

#### Clár 5.2 Réimsí Shaol na Scoile ar Tugadh Tosaíocht Díobh

Léiríonn an liosta go ndearna scoileanna freastal ar a gcuid riachtanas curaclaim agus eagrúcháin araon agus iad ag roghnú a gcuid tosaíochtaí. Maidir le curaclam an Timthrialla Shinsearaigh, ba é príomhfhócas na scoileanna ná éagsúlacht ábhar trí thabhairt isteach clár breise – An Ardeistiméireacht Fheidhmeach, Clár Gairme na hArdeistiméireachta, nó Clár na hIdirbhliana. Maidir leis an Timthriall Sóisearach cuireadh an-bhéim ar shlite a aimsiú chun freastal ar an dá ábhar bhreise éigeantach, OSSP (Oideachas Sibhialta, Sóisialta agus Polaitiúil) agus OSPS (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte). Go ginearálta, mar sin, bhí

na scoileanna ag díriú níos mó ar sholáthar curaclaim ná ar phróisis mhúinteoireachta agus fhoghlama le linn na céime Athbhreithnithe, ach thiocfadh athrú ar an scéal sin agus iad ag ullmhú do chur i bhfeidhm na glár nua, le cabhair na Seirbhíse Tacaíochta Curaclaim cuí. Is cúis iontais é, b'fhéidir, nár roghnaigh ach 44% de na scoileanna – níos lú ná leath acu – freastal na ndaltaí ar scoil mar thosaíocht, nuair a chuirtear san áireamh riachtanais an Ahta Oideachais (Leas), 2000 maidir le straitéisí agus taifid fhreastail (féach **Acht Oideachais (Leas), 2000**, Ailt 21 agus 22). Níor cuireadh tús leis an Acht go dtí Iúil 2002, áfach, agus léiríonn aiseolas gur féidir go raibh a lán scoileanna ag fanacht ar threoirínte an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais a luaitear san Acht (Alt 22 fo-alt 7).

### Na Polasaithe a Cuireadh i bhFeidhm

Iarradh ar scoileanna na polasaithe a chuir siad i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 1999 a liostáil. Liostáladh éagsúlacht mhór polasaithe; ba iad na cinn ba choitianta ná:

Polasaithe i bhFeidhm	% den 209 scoil
Smacht/Cód Iompair	77%
Sláinte agus Sábháilteacht	67%
Maistíneacht	55%
Admhálacha/Clárú	44%
Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta	29%
Tréadchúram	29%
Obair Bhaile	22%

#### Clár 5.3 Polasaithe curtha i bhFeidhm ó Mheán Fómhair 1999

Ba chóir tabhairt faoi deara nár bhain an cheist le polasaithe a cuireadh i bhfeidhm roimh Mheán Fómhair 1999. Ina theannta sin, is féidir nár sholáthair cuid de na scoileanna freagra cuimsitheach. Tugann patrún na bhfreagraí le fios, áfach, nach raibh riachtanais reachtaíochta do pholasaithe scríofa i réimsí áirithe shaol na scoile comhlíonta fós ag go leor scoileanna faoi Mheitheamh 2002, d'ainneoin go ndúirt 87% de na

scoileanna go raibh siad ag obair ar cheapadh polasaithe. Thrácht ceannairí scoile ar cé chomh mall is a bhí an próiseas ceaptha polasaithe agus ar an ngá atá ann le slite a fháil a bheadh níos éifeachtaí ó thaobh ama de chun riachtanais reachtaíochta a shásamh, chun nach mbeadh scríobh polasaithe ina chuid rómhór den PFS.

### Bunú Struchtúr Pleanála

Cuardaíodh eolas ó scoileanna faoi na struchtúir phleanála a bhunaigh siad chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí agus chun an próiseas pleanála a chur chun cinn. Bhunaigh 65% acu cineál éigin de struchtúr pleanála: bhunaigh 59% acu tascghrúpaí; bhunaigh 41% acu coiste stiúrtha. Nuair a iarradh orthu conas a bunaíodh na struchtúir phleanála seo, dúirt 52% den 209 gur thairg a gcuid ball bheith páirteach dá ndeoin féin; dúirt 10% gurbh í an fhoireann a roghnaigh na baill; dúirt 11% gurbh é an príomhoide a cheap na baill; dúirt 9% gur ceapadh baill trí chóras bainistíochta inmheánach na scoile. I gcuid de na scoileanna úsáideadh modhanna éagsúla. Chruthaigh 15% de na scoileanna post freagrachta iomlán don PFS agus 12% cuid de phost.

Tá struchtúir phleanála den riachtanas chun a chinntiú go gcuirfí an próiseas pleanála chun cinn. Murach ar thit amach ó thaobh cúrsaí CT de, bheifí ag súil le níos mó ná 65%.



### Rannpháirtíocht na bPáirtithe sa PFS ó 1999

Iarradh ar scoileanna cur síos ar leibhéal rannpháirtíochta na gcomhpháirtithe i ngnéithe tábhachtacha den phróiseas PFS: athbhreithniú scoile; ceapadh polasaithe; agus ceapadh ráitis mhisin/físe/aidhmeanna. Mar a tugadh le fios cheana, as an 209 scoil a sonraíodh, rinne 78% athbhreithniú scoile, cheap 87% polasaithe, agus cheap 75% ráiteas misin/físe/aidhmeanna le linn na tréimhse faoi thrácht. Sa chlár thíos tá achoimriú ar phatrún rannpháirtíochta na gcomhpháirtithe (baineann na céatadáin leis an 209 scoil).

Comhpháirtithe a bhí rannpháirteach nó a bhfuarthas comhairle uathu	Athbhreithniú Scoile	Ceapadh Polasaithe	Misean/Fís/Aidhmeanna
Príomhoide	76%	85%	70%
Foireann Mhúinteoireachta	74%	85%	68%
Foireann Tacaíochta	19%	20%	18%
Bord Bainistíochta	33%	60%	49%
Iontaobhaithe	23%	34%	31%
Tuismitheoirí	24%	53%	31%
Daltaí	20%	39%	21%
Eile	3%	1%	1%
Níor sonraíodh comhpháirtithe	2%	2%	4%

Clár 5.4 Rannpháirtíocht na bPáirtithe sa PFS

Maidir le struchtúir chomhpháirtíochta, bhí bord bainistíochta ag 92% de na scoileanna, cumann tuismitheoirí ag 85%, agus comhairle mac léinn ag 52% acu.

Tá patrún rannpháirtíochta na gcomhpháirtithe níos fearr ná mar a mbeifí ag súil leis, nuair a chuirtear san áireamh cúrsaí CT san am. Ach d'fhéadfadh sé bheith i bhfad níos fearr freisin. Cúis inní faoi leith é leibhéal íseal rannpháirtíochta na mbord bainistíochta, ós rud é go bhfuil an bord freagrach as pleanáil scoile faoi théarmaí an Achta Oideachais,

1998 (féach **Acht Oideachais, 1998**, Alt 21). Tá sé le sonrú gur i réimse cheapadh polasaithe is mó a bhíonn tuismitheoirí rannpháirteach. De réir aiseolais a fuarthas, tharla uaireanta go raibh na tuismitheoirí rannpháirteach sa phróiseas ceaptha polasaithe ón tús trína n-ionadaíocht ar choistí polasaí; ach uaireanta eile ba sa chéim chomhairliúcháin a thosaigh a gcuid rannpháirtíochta, le scaipeadh dréachtdhoiciméad a d'ullmhaigh foireann na scoile dá mbreithniú. Maidir le rannpháirtíocht na ndaltaí, is cúis dóchais iad leibhéil rannpháirtíochta na ndaltaí a tuairiscíodh, cé go bhfuil siad cuíosach íseal. Is léir, ós rud é go bhfuil comhairle mac léinn ag níos mó ná leath de na scoileanna a ndearnadh cuntas orthu, go bhfuil struchtúir sa chóras cheana chun rannpháirtíocht na ndaltaí a éascú agus a chur chun cinn.

### 5.1.2 Dul Chun Cinn na Scoileanna sa PFS i rith an Tionscnaimh

Is féidir comparáid a dhéanamh idir leibhéal rannpháirtíochta na scoileanna i ngníomhaíochtaí PFS roimh bhunú an Tionscnaimh agus a rannpháirtíocht ó seoladh an Tionscnaimh.

### Dul Chun Cinn i Rannpháirtíocht sa PFS

Dúirt na scoileanna a ndearnadh cuntas orthu gur méadaíodh go mór a leibhéal rannpháirtíochta i ngnéithe tábhachtacha den Pleanáil Fhorbartha Scoile ó cuireadh tús leis an Tionscnaimh. Léirítear an patrún i gClár 5.5:

Ag cur san áireamh cúrsaí CT, go háirithe maidir le PFS, sa tréimhse atá faoi thrácht, sáraíonn an leibhéal rannpháirtíochta atá léirithe ag scoileanna a mbeifí ag súil leis agus cuireann sé in iúl go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le bunú an phróisis sa chóras dara leibhéal. Ba chóir tabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil an leibhéal rannpháirtíochta sna céimeanna deireanacha de thimthriall an phróisis PFS – monatóireacht chórasach agus féinmheastóireacht – fós íseal; níor tuairiscíodh aon mhéadú. (Níor luaigh ach 3% de na scoileanna seo go raibh féinmheastóireacht déanta acu ó 1999. Féach Clár 5.1.) Glactar leis go bhfuil rannpháirtíocht sna hoibríochtaí seo den riachtanas le go dtiocfadh feabhas ar scoileanna.

Gné den PFS	% den 209 scoil páirteach sa ghné seo den chéad uair ó M.F. 1999	% den 209 scoil páirteach sa ghné seo ó M.F. 1999
Athbhreithniú Scoile	32%	78%
Socrú Tosaíochtaí	32%	76%
Pleanáil Ghníomhaíochta	26%	49%
Ceapadh Polasaithe	49%	87%
Misean/Fís/Aidhmeanna	34%	75%

Clár 5.5 Dul Chun Cinn i Rannpháirtíocht sa PFS

Compháirtithe a bhí rannpháirteach/nó a ndeachthas i gcomhairle leo maidir le hAon Ghné den PFS	% roimh M.F. 1999	% ó M.F. 1999
Príomhoide	60%	91%
Foireann Mhúinteoireachta	60%	90%
Foireann Tacaíochta	16%	33%
Bord Bainistíochta	40%	73%
Iontaobhaithe/CGO	29%	54%
Tuismitheoirí	33%	64%
Daltaí	25%	47%

Clár 5.6 Dul Chun Cinn maidir le Rannpháirtíocht na gCompháirtithe

### Dul Chun Cinn maidir le Rannpháirtíocht na gCompháirtithe

Dúirt scoileanna gur méadaíodh go mór leibhéal rannpháirtíocht na gcompháirtithe sa phróiseas Pleanála d'Fhorbairt Scoile, faoi mar a thugtar le fios i gClár 5.6.

Go ginearálta, is cúis dóchais é leibhéal an dul chun cinn maidir le rannpháirtíocht na gcompháirtithe, ach tá obair fós le déanamh chun dea-chleachtas a aithint agus a chur chun cinn ó thaobh cineál na rannpháirtíochta de. Tá leibhéal rannpháirtíochta na foirne tacaíochta níos ísle go mór ná leibhéal na gcompháirtithe eile. Tá ar lucht an Tionscnaimh slite eile a fháil maidir le haghaidh a thabhairt ar an gceist seo.

#### 5.1.3 Suíomh na Scoileanna faoi Láthair re PFS

Mar chuid den phróiseas sonraithe iarradh ar scoileanna a meas a thabhairt ar leibhéal oscailteachta na foirne faoi láthair maidir le PFS, ar mhéid an dul chun cinn sa PFS ó bhí Meán Fómhair 2000 ann (nuair a eisíodh an chéad treoir de chuid na gceardchumann a bhain le PFS), agus ar shuíomh na scoile faoi láthair taobh istigh den phróiseas PFS.

### Oscailteacht na Foirne don PFS

Iarradh ar scoileanna a meas a thabhairt ar leibhéal oscailteachta na foirne maidir le PFS ar scála ceithre phointe. B'fhearr le cuid de na scoileanna scála cúig phointe, chuireadar siúd luach 'measartha' san áireamh. Tá patrún na bhfreagraí i measc an 209 scoil mar a leanas: An-ard, 31%; Ard go leor, 31%; Go Measartha, 6%; Íseal go leor, 11%; An-íseal, 3%. Níor thug 4% de na scoileanna a meas ar an gceist seo. Ós rud é go raibh cúrsaí casta go leor ó thaobh CT de san earnáil dara leibhéal ó Mheán Fómhair 2000, bhí an meas dearfach a léirigh 75% de na scoileanna ina chúis dóchais.

### Meas ar Dhul Chun Cinn maidir le PFS ó bhí Meán Fómhair 2000 ann

Iarradh ar scoileanna a leibhéal dul chun cinn sa PFS a mheas ó Mheán Fómhair 2000 ar scála ceithre phointe. Roghnaíodh an dáta Meán Fómhair 2000 mar is ag an bpointe sin a eisíodh an chéad treoir cheardchumainn in éadan PFS. Bhí patrún na bhfreagraí mar seo a leanas: A lán dul chun cinn, 10%; Go leor dul chun cinn, 24%; Beagán, 33%; Dul chun cinn ar bith, 30%; Níor thug 3% aon fhreagra.

## Céim Reatha sa Phróiseas PFS/Pointe Atosaithe sa Phróiseas PFS

Fiafraíodh de scoileanna cé acu catagóir i liosta áirithe is fearr a chuir síos ar a gcéim faoi láthair nó ar a bpointe atosaithe sa phróiseas PFS. Roghnaigh mórchuid acu (73% den 209) meascán. Is mar gheall air sin a sháraíonn an céatadán iomlán sa chlár thíos 100%.

Céim Reatha sa Phróiseas PFS	% den 209 scoil
1. Tosaigh ón tús: léargas tosaigh	20%
2. Athbhreithniú scoile chun tosaíochtaí a aithint	36%
3. Pleanáil ghníomhaíochta	48%
4. Scríobh polasaithe	37%
5. Ceapadh ráitis mhisin/físe/aidhmeanna	8%
6. Cur le chéile an phlean scoile	3%
7. Cur i bhfeidhm an phlean scoile	12%
8. Meastóireacht ar thorthaí an phlean scoile	17%

**Clár 5.7 Céim Reatha sa Phróiseas PFS**

Is cosúil gur tuigeadh gur chiallaigh an chéad chatagóir, “Tosaigh ón tús” athsheoladh amach is amach den PFS tar éis tréimhse neamhghníomhaíochta. Bhí taithí ar an PFS ag bunús na scoileanna

a roghnaigh an chatagóir seo agus mar sin ní raibh siad ag tosú an phróisis den chéad uair. B’fhéidir gurbh fhearr, i ndiaidh an tsaoil, dhá chatagóir faoi leith a thairiscint – “Tosaigh an próiseas den chéad uair” agus “Tosaigh an próiseas arís”.

Maidir leis an dara catagóir, “Athbhreithniú scoile,” thug a lán scoileanna le fios, cé go raibh tosaíochtaí forbartha aimsithe acu cheana, gur gá an liosta a athbhreithniú, lena dheimhniú nó lena leasú, mar gheall ar an tréimhse ama a chuaigh thart ó rinneadh an chéad athbhreithniú.

### 5.1.4 Riachtanais Tacaíochta PFS sa Todhchaí

Iarradh ar scoileanna a thabhairt le fios cén cineál tacaíochta a bheadh ina chabhair dóibh agus iad ag iarraidh an próiseas PFS a chur chun cinn, agus iarradh orthu na cineálacha tacaíochta sin a mheas de réir tábhachta. Achoimrítear na freagraí sa chlár seo a leanas. Baineann na céatadáin leis an 209 scoil a ndearnadh cuntas orthu. Bhí an tábhacht chéanna ag baint le cineálacha éagsúla tacaíochta do chuid de na scoileanna. Cuireann sé seo in iúl nach raibh siad sásta bheith ag brath ar rogha tacaíochta amháin, gurbh fhearr leo córas ilghnéitheach a mbeadh éagsúlacht de chineálacha comhlántacha tacaíochta mar chuid de.

Cineálacha Tacaíochta	Cuiditheach	Tosaíocht 1 nó 2
Comhairliúcháin le Comhordaitheoir TPFS	83%	60%
Seirbhísí Éascaitheora Sheachtraigh PFS	81%	57%
Seimineáir inseirbhíse oiliúna (lasmuigh de láthair na scoile)	71%	36%
Teacht ar shaineolas faoi thosaíochtaí faoi leith	64%	21%
Ceardlanna ar ghnéithe faoi leith (lasmuigh de láthair na scoile)	63%	22%
Cnuaschrúinnithe chun taithí a roinnt (lasmuigh de láthair na scoile)	53%	7%
Ábhair bhreise threorach	44%	9%
Tacaíocht phleanála eile	15%	4%

**Clár 5.8 Cineálacha Tacaíochta ba Thábhachtaí le Scoileanna**

## Ábhair mar a dteastaíonn tacaíocht don PFS

Maidir le tacaíocht sa todhchaí, iarradh ar scoileanna na rudaí seo a leanas a aithint: **i.** na gnéithe pleanála ar mhaith leo ceardlanna fúthu, **ii.** na ceisteanna nó na tosaíochtaí ar mhaith leo teacht a bheith acu ar shaineolas orthu **iii.** na hábhair ar mhaith leo treoirlínte fúthu, agus (iv) aon tacaíocht phleanála eile a bheadh ina cabhair dóibh.

Thug a lán de na scoileanna le fios go mbeadh sé deacair acu a gcuid riachtanas tacaíochta amach anseo a shonrú, mar gheall ar a n-easpa taithí ar PFS le tamall anuas de dheasca cúrsaí CT. Shocraigh 22% gan aon riachtanas tacaíochta a shonrú ag an am sin. Níor aithin ach 8% de na scoileanna riachtanais thacaíochta sna ceithre chatagóir a tairiscíodh. Achoimrítear an patrún freagraí sa chlár seo a leanas:

Príomhábhair mar a bhfuil Tacaíocht ag Teastáil don PFS	% den 209 scoil
Plean Scoile mar dhoiciméad dlíthiúil	39%
Forbairt Struchtúr don PFS	17%
Céimeanna an phróisis phleanála um forbairt scoile	14%
Smacht/lompar/Maistíneacht	10%
Forbairt Foirne/Dearbhú/Inspreagadh	9%
Curaclam	7%
Teagasc	7%
Foghlaim	8%
Riachtanais Speisialta	6%
Cónascadh	4%
Tacaíochtaí Pleanála eile a Theastaíonn	% den 209 scoil
Am don PFS	17%
Maoiniú/acmhainní	8%
Inseirbhís ar láthair na scoile, ní lasmuigh di	4%

Clár 5.9 Ábhair mar a bhfuil Tacaíocht ag Teastáil

### 5.1.5 Achoimriú ar an gCuntas

- ◆ Bhí gach scoil sa chuntas rannpháirteach sa PFS, go pointe éigin, ó Mheán Fómhair 1999. Ach mar gheall ar chúrsaí CT, go príomha, áfach, cheap 63% acu gur bheag dul chun cinn a bhí déanta acu ó Mheán Fómhair 2000, má bhí aon dul chun cinn déanta acu in aon chor
- ◆ Ba iad na gnéithe den PFS ina ndearnadh an dul chun cinn ba mhó ó Mheán Fómhair 1999 ná ceapadh polasaithe, ceapadh ráitis mhisin/físe/aidhmeanna, agus athbhreithniú scoile chun tosaíochtaí a aithint
- ◆ Thug 91% de na scoileanna le fios go raibh seisiún pleanála uile-fhoirne amháin acu, ar a laghad, ó Mheán Fómhair 1999
- ◆ D'fhostaigh 76% de na scoileanna pearsanra seachtrach chun éascaíocht a dhéanamh, cé acu leo féin, nó le baill d'fhoireann na scoile
- ◆ Bhunaigh 65% de na scoileanna struchtúir phleanála inmheánacha
- ◆ Chuaigh 64% de na scoileanna i mbun comhairle le tuismitheoirí maidir le cuid de ghnéithe an phróisis phleanála
- ◆ Ba í an Phleanáil Ghníomhaíochta an chéim den PFS ba mhó a aithníodh ag scoileanna mar an áit ina raibh siad faoi láthair nó ina raibh siad chun an próiseas PFS a atosú
- ◆ Ba iad na cineálacha tacaíochta PFS ba thábhachtaí le bunús na scoileanna ná comhairliúcháin le Comhordaitheoir de chuid an TPFS agus seirbhísí éascaitheora sheachtraigh PFS
- ◆ Ba iad seo a leanas na hábhair nó na gnéithe ba mhinice a dúradh go raibh tacaíocht ag teastáil lena n-aghaidh: plean na scoile mar dhoiciméad dlíthiúil, forbairt struchtúr don PFS; am don PFS; smacht; agus forbairt foirne.





## 5.2 Tuarascálacha Dul Chun Cinn na gComhordaitheoirí Réigiúnda

### 5.2.1 Dul Chun Cinn na Scoileanna sa PFS

Tá an patrún a thugtar faoi deara i dtuarascálacha na gComhordaitheoirí Réigiúnda faoi obair an Tionscnaimh le scoileanna le linn na bliana 2002 ag teacht cuid mhór le torthaí an phróisis shonraithe.

Thuairiscigh na Comhordaitheoirí Réigiúnda an patrún ginearálta seo de ghníomhaíochtaí PFS le linn seisiún pleanála uile-fhoirne le scoileanna indibhidiúla:

Gníomhaíochtaí Próisis PFS	% seisiún
<b>Intreoir don PFS:</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>◆ Léiriú Tosaigh ar PFS</li> <li>◆ Ceardlann Thosaigh – “Cá bhfuilimid anois?”</li> </ul>	8%
<b>Ó Athbhreithniú go Dearadh:</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>◆ Athbhreithniú staid reatha na scoile</li> <li>◆ Aithint na dtosaíochtaí forbartha</li> <li>◆ Bunú struchtúr pleanála</li> <li>◆ Tionscnamh Pleanála Gníomhaíochta chun freastal ar thosaíochtaí</li> </ul>	54%
<b>Dearadh:</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>◆ Comhlánú na bPleananna Gníomhaíochta</li> <li>◆ Ullmhúchán do mhonatóireacht chur i bhfeidhm na bPleananna Gníomhaíochta agus do mheastóireacht na dtorthaí</li> <li>◆ Scríobh polasaithe</li> </ul>	31%
<b>Seimineáir Fhoirne faoi Cheisteanna faoi leith:</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>◆ Seimineáir phleanála dírithe ar cheisteanna faoi leith uile-scoile (mar shampla, smacht, tréadchúram, roinnphleanáil ó thaobh ábhar scoile de)</li> </ul>	7%

Den chuid is mó, ba scoileanna nár bhain leas as seirbhísí an Tionscnaimh roimhe seo a d’iarr seisiún tosaigh. Bhí dhá chineál scoile ann a d’iarr seisiún Athbhreithnithe: scoileanna a bhí ag tosú ar an bpróiseas PFS den chéad uair, agus scoileanna a raibh taithí acu ar an bpróiseas ach a bhí ag iarraidh a suíomh a athbhreithniú tar éis athruithe a tharla le linn fionraíochta CT an phróisis. (Féach alt na **gCeisteanna** thíos).

Cruthaíonn patrún freastail na scoileanna ag ceardlanna comhthráthacha Sheimineáir Réigiúnda an TPFS i Samhain/Nollaig 2002 pictiúr den dul chun cinn sa PFS ag an dara leibhéal atá beagáinín difriúil ón gceann i gClár 5.10. Bhí trí leibhéal ceardlainne ann:

- i. Eagrú na Pleanála Scoile ar Bhonn Foirmeálta, do scoileanna a bhí sna chéad chéimeanna den phróiseas PFS
- ii. Pleanáil Gníomhaíochta, do scoileanna a raibh a gcuid tosaíochtaí forbartha aitheanta acu cheana trí mheán próisis athbhreithnithe
- iii. Ag Cur an Timthrialla Phleanála chun Tosaigh, do scoileanna a raibh roinnt mhaith taithí acu ar an bpróiseas PFS

Roghnaigh 49% den 347 rannpháirtí Ceardlann 1; roghnaigh 35% Ceardlann 2; roghnaigh 16% Ceardlann 3. Tugann na figiúirí seo le fios go raibh céimeanna tosaigh an PFS sáraithe ag níos mó ná leath de na scoileanna a d’fhreastail ar Sheimineáir an Tionscnaimh. Is fiú a thabhairt faoi deara gurbh iad na figiúirí do cheardlanna na Seimineáir Réigiúnda sa tréimhse Eanáir go hAibreán 2003 ná: Ceardlann 1, 34%; Ceardlann 2, 41%; agus Ceardlann 3, 25%.

#### Clár 5.10 Gníomhaíochtaí Próisis i 2002

### 5.2.2 Ceisteanna

Mar gheall ar obair an Tionscnaimh le scoileanna ar bhonn indibhidiúil agus ar bhonn grúpa, chuir Comhordaitheoirí Réigiúnda béim ar na saincheisteanna seo a leanas:

- ◆ In go leor scoileanna a thosaigh an próiseas PFS sa chéad bhliain den Tionscnamh (1999–2000), cuireadh an dul chun cinn ó mhaith le linn tréimhse na ndeacrachtaí CT. Fuair Comhordaitheoirí Réigiúnda amach go raibh sé níos deacra ag scoileanna an próiseas a thosú arís tar éis dóibh éirí as cleachtadh air ná mar a bhí é a thosú den chéad uair, go háirithe agus easpa meanman ag cur as dóibh. Go ginearálta níor mhór athbhreithniú breise a dhéanamh chun na tosaíochtaí roghnaithe a dheimhniú nó a leasú agus chun socrú a dhéanamh maidir le cén áit ba chóir tosú ag freastal orthu. Bhí ceist inspreagtha ann maidir le pleanáil i scoileanna áirithe a raibh roinnt athbhreithnithe déanta acu gan gníomhaíocht leantach a bheith ann ina dhiaidh. Bhí Comhordaitheoirí Réigiúnda a bhí ag obair le scoileanna a bhí sa chás seo tuisceanach maidir leis an riachtanas faoi leith a bhí acu dul chun cinn luath a dhéanamh le pleanáil ghníomhaíochta agus le cur i bhfeidhm.
- ◆ Má tá PFS le bunú mar phróiseas leanúnach seachas mar imeacht shealadach, tá ar scoileanna bealaí a fháil coinneáil orthu ag déanamh dul chun cinn tar éis seisiúin phleanála éascaithe. Thug Comhordaitheoirí Réigiúnda le fios go raibh sé níos éasca ag scoileanna coinneáil orthu ag déanamh dul chun cinn nuair a comhaontaíodh sceideal fadtéarmach don

phróiseas ag an gcéad chruinniú réamhphleanála agus nuair a bhí an t-achar idir seisiúin phleanála uilefhoirne cuíosach gearr (go háirithe i luathchéimeanna an phróisis). Bhí sé ina chabhair ag na scoileanna go háirithe mar a raibh an t-éascaitheoir ar fáil le bheith ag obair le tascghrúpaí nó le coiste stiúrtha idir laethanta pleanála. Baineann impleachtaí acmhainne leis má tá an cur chuige seo i leith dul chun cinn agus leanúnachas a chothú le cur i bhfeidhm ar fud an chórais dara leibhéal. Maidir le ham, bheadh sé den riachtanas go gcuirfí ar chumas na scoileanna:

- i. Ar a laghad dhá lá sa bhliain<sup>6</sup> a chur ar leataobh d'obair phleanála uilefhoirne, agus
- ii. Amchlár a leagan amach do chruinnithe tascghrúpa agus coiste stiúrtha idir seisiúin phleanála uilefhoirne<sup>7</sup>

Maidir le saineolas, theastódh a sáith pearsanra oilte a bheith ar fáil chun tacú leis na tascghrúpaí agus leis na coistí stiúrtha agus chun éascaíocht a dhéanamh ar a gcuid oibre. Maidir le cúrsaí airgeadais, theastódh socruithe nua d'íocaíocht chostas éascaíochta. Luaigh príomhoidí na pointí seo arís agus arís eile ag na Seimineáir Réigiúnda.

- ◆ D'iarr scoileanna soiléiriú maidir leis an gcreat ama a bheadh i gceist chun timthriall iomlán PFS a chríochnú. Ní shonraítear creat ama san Acht Oideachais, 1998 ná i gciocláin M20/99, M40/99 agus M39/00 de chuid na ROE, a phléann le Pleanáil d'Fhorbairt Scoile. Is í an treoir ghinearálta a sholáthraíonn an Tionscnamh ná trí go cúig bliana, bunaithe ar an ngnáth-thréimhse oifige boird bhainistíochta scoile (mar gheall ar

<sup>6</sup> Dúirt cuid de na scoileanna gur chóir trí lá in aghaidh na bliana a dháileadh ar obair phleanála uile-scoile, ar a laghad go dtí go gcuirfí an chéad timthriall iomlán pleanála forbartha (athbhreithniú, dearadh, cur i bhfeidhm agus meastóireacht) i gcrích. Cuireadh béim i gcás chuid de na scoileanna ar an ngá atá le solúbthacht áitiúil i dtaca le conas a dhéanfaí sceidealú do phleanáil fhorbartha scoile. Tá scoileanna ann, mar shampla, arbh fhearr leo am pleanála a sceidealú i mblóic dhá uair an chloig nó leathlae, agus tá cinn eile ann nach n-oirfeadh a leithéid de sheisiúin dóibh mar gheall ar thoscaí áitiúla.

<sup>7</sup> Mhaígh cuid de na scoileanna gur bhí breis post múinteoireachta nó uaireanta múinteoireachta páirtaimseartha a dháileadh le go bhféadfaí cruinnithe pleanála i ngrúpaí beaga bheith mar chuid de chlár ama na múinteoirí.

fhreagracht an bhoird maidir le plean na scoile – féach **Acht Oideachais, 1998** alt 21) agus ar chleachtas i measc scoileanna sa chóras a bhfuil cuid mhór taithí acu maidir le Pleanáil d’Fhorbairt Scoile. Dúirt scoileanna áirithe go raibh gá le treoir níos sonraí faoin gceist seo, agus mhol siad gur chóir don ROE ciorclán a eisiúint a chuirfeadh síos ar a mbéitar ag súil leis ó thaobh chreat ama de.

- ◆ Dar le hionadaithe na scoileanna go raibh na Seimineáir Réigiúnda ina gcabhair mar mheán chun teacht ar eolas agus ar oiliúint scileanna agus chun bheith ag roinnt taithí le daoine eile. Is iomaí duine a mhol go n-eagrófaí cnuaschruinnithe níos minice le scoileanna atá ar comh-mhéid nó sa chatagóir chéanna, nó sa chéim chéanna sa phróiseas pleanála, chun deis a thabhairt dóibh a gcuid taithí féin a roinnt. Ach chuir siad béim freisin ar na deacrachtaí a bhíonn ag scoileanna maidir le soláthar inseirbhíse lasmuigh de láthair na scoile. Ní leis an Tionscnamh amháin a bhaineann an cheist seo. Is féidir go gcuirfidh comhordú céimnitheach gach soláthair inseirbhíse ag an dara leibhéal ar chumas an Tionscnaimh buntáistí na gcnuaschruinnithe a éascú gan cur isteach ar scoileanna.
- ◆ I ngach cineál teagmhála le Comhordaitheoirí Réigiúnda i rith na bliana 2002, chuir príomhoidí béim ar an mbrú a bhí ar scoileanna doiciméid pholasaithe a tháirgeadh de réir reachtaíochta agus ar an ngá a bhí le cabhair chun an brú sin a fhreagairt. Mar a dúradh cheana, thrácht siad ar mhoille an phróisis cheaptha polasaithe agus ar an ngá atá ann teacht ar bhealaí atá éifeachtach ó thaobh ama de chun riachtanais reachtúla a shásamh chun nach mbeadh scríobh polasaithe mar thús agus deireadh an phróisis PFS. Chuige sin, iarradh polasaithe samplacha a ndearnadh profáil dhlíthiúil orthu agus teacht ar shaineolas dlíthiúil saor in aisce. Tá foireann an TPFS ag tiomsú ábhar

acmhainne chun tacú leis an bpróiseas cheaptha polasaithe maidir le ceisteanna faoi leith. Tá molta ag príomhoidí i gceantair áirithe go n-eagrófaí dianchnuascheardlanna a dhéanadh ar dhréachtú polasaithe faoi leith. Tá an TPFS chun comhoibriú le cur i bhfeidhm an mholta seo.

- ◆ Ardaíodh ceist ghné chomhpháirtíochta na PFS le linn cuairteanna scoile agus le linn Seimineár Réigiúnda. D’iarr scoileanna soiléiriú faoi fheidhmeanna, cearta agus freagrachtaí na gcomhpháirtithe éagsúla maidir le PFS, seisiúin eolais agus oiliúna do bhoird bhainistíochta agus do chumainn thuismitheoirí, agus eiseamláirí an dea-chleachtais. D’éascaigh Comhordaitheoirí Réigiúnda seisiúin PFS do líon beag bord bainistíochta agus táthar ag tiomsú eiseamláirí dea-chleachtais i gcomhoibriú le Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (dara leibhéal). Tá an Tionscnamh agus an Lárionad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta ag comhoibriú freisin ar bhonn comhairliúcháin le Institiúid Oideachais Marino i dtionscadal, maoinithe ag an ROE, a chuireann comhpháirtíocht chun cinn mar straitéis chun scoileanna a fheabhsú. Tá tuilleadh oibre le déanamh chun gné chomhpháirtíochta an phróisis PFS a chur chun cinn.
- ◆ Le linn na bliana 2002, bhí mórchuid na scoileanna a bhain leas as seirbhísí an Tionscnaimh rannpháirteach in Athbhreithniú agus Dearadh – an chéad dá oibríocht sa timthriall PFS. Is beag scoil a chuaigh ar aghaidh go céim na Meastóireachta. Ní bheifear in ann leas iomlán a bhaint as PFS go dtí go mbeidh ar chumas na scoileanna féinmheastóireacht chórasach a dhéanamh mar spreagadh don fheabhsú leanúnach. Is é an dúshlán atá roimh an Tionscnamh tacú le scoileanna cur leis an gcumas sin. Acmhainn luachmhar chuige sin a bheidh sa leabhrán ón ROE a foilsíodh ar na malluibh, **Ag Breathnú ar an Scoil Againne: Cúnamh le haghaidh féinmheasúnachta i**

**scoileanna dara leibhéal.** Tá sé i gceist ag an Tionscnamh ceardlanna a eagrú mar chuid de chlár Seimineár Réigiúnda 2003/2004 a bheidh dírithe ar chineálacha de chur chuige agus ar scileanna don fhéinmheastóireacht scoile. Beidh ar an Tionscnamh riachtanais tacaíochta na scoileanna a mheas freisin, maidir le dul thar chéim na meastóireachta go dtí an chéad timthriall eile pleanála forbartha.

- ◆ Faoi mar a tugadh le fios (in **Alt 5.2.1** thuas) bhí a lán taithí ar PFS ag cuid bheag de na scoileanna a d'fhreastail ar Sheimineár Réigiúnda. Bhí amhras ar chuid acu an raibh an múnla a mhol an Tionscnamh chun PFS a bhunú taobh istigh de scoil oiriúnach do scoileanna a raibh taithí fhorleathan agus struchtúir sheanbhunaithe acu. Le hardú a leithéide de cheist cuirtear béim ar an ngá atá ann le suntas a tharraingt ar cheann de bhunphrionsabail an Tionscnaimh: *As every school is unique, the operation of the planning process will vary considerably from school to school. The School Development Planning process is flexible. It is not a set of rules to be followed blindly but a framework for collaborative creativity. Each school must adapt the framework to suit its own particular circumstances.* (**School Development Planning: An Introduction for Second Level Schools**, lch. 13) Ba chóir go bhforbródh Foireann an TPFS sraith chás-staidéar a thabharfadh cur síos imlíneach ar raon de chineálacha de chur chuige agus de struchtúir ar bhain na scoileanna sin a bhfuil an-taithí acu ar an bpleanáil leas astu.
- ◆ D'iarr scoileanna soiléiriú maidir leis an nasc idir Pleanáil d'Fhorbairt Scoile agus Measúnacht Uile-Scoile. Oibreoidh an Tionscnamh leis an gCigireacht chun a chur in iúl cén chaoi is féidir le meastóireacht sheachtrach bailíocht phróiseas inmheánach na scoile a dhearbhu i dtaca le hathbhreithniú, dearadh, cur i bhfeidhm agus meastóireacht, agus tacú leis an bpróiseas inmheánach sin i gcur chun cinn fheabhsú na scoile.

- ◆ Chuir na scoileanna béim ar an ngá atá le forbairt scileanna agus oiliúint éascaíochta PFS do phearsanra scoile. Ní mór don Tionscnamh aghaidh a thabhairt ar an ngá seo má tá sé lena aidhm a chomhlíonadh maidir le cur le cumas na scoileanna pleanáil forbartha a chur i bhfeidhm mar mheán feabhsaithe caighdeáin. I measc na straitéisí atá á scrúdú tá ii) leathnú an chláir reatha oiliúna éascaíochta (féach **alt 3.2**) agus ii. soláthar cúrsaí áitiúla, i Lárionaid Oideachais nuair is féidir. Táthar ag déanamh taighde ar na himpleachtaí acmhainne don Tionscnamh.
- ◆ Chuir scoileanna fáilte roimh an tacaíocht a soláthraíodh tríd an Tionscnamh do chur i bhfeidhm an phróisis PFS. Ach mhínigh siad gur theastaigh tacaíocht acmhainne freisin chun cur ar a gcumas a gcuid pleananna a chur i gcrích maidir le haghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí nárbh fhéidir freastal orthu as na hacmhainní atá acu faoi láthair.



## Ag Féachaint Chun Tosaigh

Sa chaibidil seo déantar achoimriú ar bhuanna na tacaíochta don Phleanáil Fhorbartha Scoile go dtí seo. Ansin cuirtear raon ceisteanna i láthair i gcomhthéacs an dea-chleachtas a chur chun cinn i gcur i bhfeidhm an phróisis PFS. Sa chaibidil deiridh seo cuirtear san áireamh sainleas páirtithe éagsúla a bhaineann leis an ábhar, agus tá sé i gceist plé leathan a spreagadh, maidir le roghanna polasaí d'fhorbairt na planála scoile amach anseo. Ba chóir na roghanna seo a scrúdú go cúramach i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil chun an phleanáil fhorbartha scoile a stiúradh amach anseo.

### 6.1 Clár Tacaíochta ag an mBunleibhéal

#### 6.1.1 Buanna

D'éirigh le príomheilimintí an chláir thacaíochta ag an mBunleibhéal cultúr na planála um fhorbairt scoile a spreagadh i scoileanna:

- ◆ **Seimineáir Réigiúnda Eolais:** D'éirigh go maith leis na seimineáir coincheap na planála d'fhorbairt scoile a thabhairt isteach sna scoileanna, ó thaobh an ghá atá leis, ó thaobh cur chuige agus ó thaobh na bpróiseas atá i gceist leis, agus d'éirigh leo scoileanna a spreagadh PFS a thosú. Idir 1999 agus 2002, tionóladh 220 Seimineár Eolais ar fud na tíre agus ba mhór an meas a bhí ar gach gné díobh, faoi mar a taispeánadh i gCaibidil 2.

- ◆ **Laethanta Éascaithe Pleanála:** Le linn 2001/02, cuireadh laethanta éascaithe pleanála ar fáil do 2,364 scoileanna. Bhíodar siúd a bhí páirteach iontu sásta gur soláthraíodh éascaitheoir seachtrach, go raibh na próisis phleanála ar glacadh leo úsáideach, agus bhí siad sásta freisin mar gheall ar an tslí ar tugadh aghaidh ar réimsí roghnaithe na scoile. (Féach **Caibidil 2**.) A bhuíochas don éascaíocht, méadaíodh go mór leibhéal rannpháirtíochta na scoileanna i ngnéithe áirithe den phleanáil scoil-bhunaithe: athbhreithniú ar a gcleachtas reatha, socrú tosaíochtaí maidir le réimsí ina raibh forbairt ag teastáil, planáil ghníomhaíochta, go mbeadh baint ag gach múinteoir le gníomhaíochtaí pleanála, agus planáil straitéiseach. (Féach **Caibidil 4**.)
- ◆ **Cuariteanna Réamhphleanála** chuig scoileanna chun cur ar a gcumas a gcuid tosaíochtaí don lá pleanála a aithint chomh maith le cinntiú go ndéanfaí ullmhúchán don lá féin – d'éirigh go han-mhaith leo seo.
- ◆ **Cuariteanna Iarphleanála:** D'éirigh go han-mhaith le cuairteanna éascaitheoirí ar scoileanna idir sé agus ocht seachtaine tar éis an lae phleanála, i dtaca le fanacht i dteagmháil le scoileanna, ag cabhrú le go leanfaí ar aghaidh le tionscnaimh phleanála a tosaíodh ar laethanta pleanála, agus ag tabhairt breis cabhrach agus comhairle de réir mar a bhí gá leo.

- ◆ **Cnuasú:** Na scoileanna a bhfuil idir 1 agus 6 mhúinteoirí acu, agus a éascaíodh i gcnuais, ba mhór acu an deis a tugadh dóibh taithí agus saineolas a roinnt lena chéile. Ba rud nua ag mórchuid acu an phleanáil i gcnuais. Ar aon dul leis seo, éascaíodh le chéile scoileanna a bhí i gcatagóirí faoi leith, mar shampla scoileanna ospidéil.

Is léir, mar sin, go bhfuil buanna ag baint leis na straitéisí tacaíochta seo ar féidir iad a fhorbairt amach anseo.

### 6.1.2 Ceisteanna

Is é cuspóir na tacaíochta PFS, i ndeireadh na dála, ná cinntiú go mbíonn próiseas na pleanála forbartha ina dhlúthchuid de shaol na scoileanna mar straitéis chun an caighdeán oideachais is fearr is féidir a bhaint amach do gach dalta. Mar thoradh ar thaithí de bheith ag obair le scoileanna bhíothas in ann roinnt ceisteanna agus dúshlán a aithint a bhfuil impleachtaí acu d'fhorbairt na pleanála scoile amach anseo:

- ◆ **Fócas ar Chaighdeán Múinteoireachta agus Foghlama:** Seo an phríomhcheist, a bhfuil gach ceist eile ag brath uirthi – le bheith in ann a rá gur éirigh le Pleanáil d'Fhorbairt Scoile ní mór di dul i bhfeidhm ar fhoghlaim na ndaltaí ar shlí dhearfach. Is mó seans go gcuirfear feabhas ar fhoghlaim na ndaltaí má chuirtear ar chumas na scoileanna:
  1. Na buanna atá acu faoi láthair a mheas agus a chur in iúl, agus na dúshláin faoi leith a bhaineann le feabhsú múinteoireachta agus foghlama a aithint
  2. Forbairtí riachtanacha a aithint go soiléir, dírithe ar thorthaí feabhsaithe sa mhúinteoireacht, san fhoghlaim agus i gcaighdeáin oibre
  3. Slata tomhais ratha a aithint agus pleananna gníomhaíochta a chur i bhfeidhm chun na slata tomhais seo a bhaint amach

4. Nósanna imeachta níos soiléire a bhunú do mheastóireacht thionchar an phlean d'fhorbairt scoile ar fhoghlaim na ndaltaí. Beidh measúnuithe agus scrúduithe inmheánacha agus seachtracha ina gcuid de seo mar tháscairí dul chun cinn.

Ní mór aird a dhíriú ar an gceist lárnach – caighdeán na múinteoireachta agus na foghlama a fheabhsú. Ní mór cur ar chumas na scoileanna cinntiú go bhfuil foghlaim fheabhsaithe na ndaltaí ar cheann de thorthaí a gcuid gníomhaíochtaí pleanála uile.

- ◆ **Tacaíocht Leanúnach:** Beidh dearcadh dearfach ag scoileanna i leith PFS má leanann siad de bheith ag feiceáil ratha ar a gcuid gníomhaíochtaí pleanála forbartha. Is é an dúshlán atá ann ná na cineálacha tacaíochta a theastaíonn ó scoileanna chun toradh dearfach a chinntiú a aithint, agus iad a sholáthar freisin, ag cur san áireamh na hacmhainní teoranta atá ar fáil. Ní mór cuimhneamh ar thrí chatagóir leathana tacaíochta:
  1. Ábhair acmhainne, múnlaí agus eiseamláirí san áireamh, chun cinntiú go bhfuil eolas agus treoirlínte cuí ag scoileanna chun cur ar a gcumas leanúint orthu ag pleanáil ar shlí éifeachtach. D'fhéadfaí a leithéid d'acmhainní a chur ar fáil i bhfoilseacháin agus ar an Idirlíon freisin. Is meán thar a bheith oiriúnach é an tIdirlíon chun cinntiú gur féidir acmhainní a athbhreithniú, a thabhairt suas chun dáta agus a chur ar fáil láithreach do scoileanna, agus é sin go leanúnach.
  2. Comhairle dhírithe do scoileanna a bhfuil treoir uathu chun a gcuid próiseas leanúnach pleanála a eagrú agus a bhainistiú.
  3. Tacaíocht éascaíochta d'ócáidí pleanála scoile.

Dá mbeadh tacaíocht ilghnéitheach ann do scoileanna chun freastal ar na leibhéil éagsúla riachtanais atá ina measc, bheifí in ann an dul chun cinn atá déanta i spreagadh an phróisis PFS a chothú.

- ◆ **Comhordú Tacaíochta:** Faoi láthair soláthraíonn líon áisín-teachtaí oiliúint inseirbhíse dírithe ar fhorbairt phroifisiúnta na múinteoirí. Tá forbairt phroifisiúnta an-tábhachtach chun PFS a chur chun cinn. Teastaíonn cuid mhór eolais chúlra ó mhúinteoirí, raon leathan scileanna nua múinte san áireamh agus cur amach ar chur chuige, mhodheolaíocht, bhéimeanna agus acmhainní nua, chun cur ar a gcumas pleanáil go héifeachtach ar bhonn uile-scoile. Dá ndéanfaí tuilleadh comhordaithe ó thaobh forbartha proifisiúnta de, chuirfí lena héifeacht chun tacú le feabhsú scoile chomh maith lena chur chun cinn.
- ◆ **Diminsean Comhpháirtíochta PFS:** I measc múinteoirí is mó a músclaíodh spéis sa phleanáil d'fhorbairt scoile. Tá cuid mhór fós le déanamh chun go mbeadh comhpháirtithe eile lánpháirteach sa phleanáil forbartha i scoileanna. Caithfear aghaidh a thabhairt ar leibhéal íseal rannpháirtíochta na mbord bainistíochta sa phróiseas PFS, i gcomhar le comhlachtaí bainistíochta, trí sholáthar eolais agus acmhainní a phléann le freagrachtaí, ról agus riachtanais shainiúla na mbord. Caithfear ról na dtuismitheoirí sa phróiseas PFS a neartú agus a leathnú, i gcomhar le heagraíochtaí tuismitheoirí, trí sholáthar eolais agus acmhainní a thugann aghaidh ar riachtanais shainiúla na dtuismitheoirí.
- ◆ **Ról an Phríomhoide, an Leasphríomhoide agus na Meánbhainistíochta:** Tá ról an phríomhoide agus fhoireann bhainistíochta na scoile lánach chun tacú le PFS, agus lena cur chun cinn. Tácaire tábhachtach ratha sa Phleanáil

d'Fhorbairt Scoile is ea cinnireacht agus fíis an phríomhoide agus na foirne bainistíochta i dtaca le hatmaisféar athbhreithnithe agus forbartha a chruthú sa scoil. Amach anseo, mar sin, ba chóir go gcuirfeadh straitéisí tacaíochta riachtanais faoi leith an phríomhoide agus na foirne bainistíochta san áireamh. Ba chóir naisc idir soláthróirí ábhartha tacaíochta a leathnú agus a neartú chun freastal ar riachtanais na bpríomhoidí agus na leasphríomhoidí maidir le pleanáil forbartha a chothú agus a dhírú i scoileanna. Na príomhréimsí freagrachta atá ag príomhoidí, de réir mar a aithnítear iad i dTuarascáil an HayGroup<sup>8</sup> – cinnireacht, múinteoireacht agus foghlaim, bainistíocht acmhainní, bainistíocht acmhainní daonna, riarachán, ceapadh polasaithe agus caidreamh seachtrach – ba chóir go ndíreofaí orthu sin sa soláthar forbartha proifisiúnta chun cabhrú le príomhoidí a ról a chomhlíonadh mar an duine lánach i bpleanáil forbartha gach scoile.

Ba chóir freisin machnamh a dhéanamh ar ról an phríomhoide i gcomhthéacs struchtúir agus gníomhaíochtaí bainistíochta na scoile go ginearálta. Bheadh sainmhíniú níos soiléire na ról bainistíochta – ról an phríomhoide, an bhoird bhainistíochta agus na foirne meánbhainistíochta – ina chabhair.

- ◆ **Scileanna Pleanála Forbartha:** Is mó seans go n-éireoidh le leabú na pleanála forbartha má fhaigheann múinteoirí, tuismitheoirí agus boird bhainistíochta na scileanna riachtanacha chun leanúint orthu go neamhspleách. Tá fianaise ann nach bhfuil na scileanna seo uile faighte ag mórchuid na scoileanna. Fuair bunús na múinteoirí an taithe phraiticiúil atá acu den phróiseas le linn cruinnithe réamhphleanála agus ar laethanta pleanála, is é sin le rá thart ar dhá uair an chloig déag le linn tréimhse de thrí

<sup>8</sup> Comhairleoirí Bainistíochta HayGroup (2003) *Defining the Role of the Primary Principal in Ireland*

bliana. Ní leor sin chun cinntiú go bhfuil na scileanna riachtanacha uile faighte ag mórchuid na múinteoirí. Ba chóir don pholasáí náisiúnta maidir le PFS amach anseo freastal a dhéanamh ar fhorbairt scileanna.

- ◆ **Éascaíocht:** Is mó seans go mbeidh leabú PFS inbhuanaithe san fhadtárma má bhíonn scoileanna in ann a gcuid éascaíochta féin a dhéanamh. Chiallódh sé seo go bhfaigheadh ball foirne amháin, ar a laghad, in aghaidh na scoile na scileanna riachtanacha chun gníomhaíochtaí pleanála forbartha bunaithe sa scoil a chur chun cinn, a chomhordú, a éascú, agus a inbhuanú. Níor mhór aghaidh a thabhairt ar chur i bhfeidhm, ar mhonatóireacht agus ar mheastóireacht ghníomhaíochtaí pleanála forbartha gach scoile freisin sa chomhthéacs seo. Seo cuid de na saghsanna cur chuige a d'fhéadfaí a bheith ann: oiliúint chinnireachta agus forbairt mheánbhainistíochta (féach **Ról an Phríomhoide, an Leasphríomhoide agus na Meánbhainistíochta**, thuas); soláthar díreach oiliúna inseirbhíse do mhúinteoirí a bhfuil dlúthbhaint acu le héascú agus le comhordú PFS ina gcuid scoileanna; agus tadhall le soláthróirí eile, mar shampla institiúidí tríú leibhéal, maidir le dearadh agus tabhairt cúrsaí creidiúnaithe a bhainfeadh le hábhar don PFS. Ba chóir féidearthacht agus impleachtaí acmhainne na gcineálacha cur chuige seo a scrúdú, i gcomhairle leis na háisínteachtaí cuí.



- ◆ **Daingniú/Forbairt na gCnuas Pleanála:** D'éirigh thar barr le heagrú agus le cur chun cinn cnuas pleanála do scoileanna atá ar comh-mhéid. Chuaigh an coláisteachas agus an chabhair fhrithpháirteach a d'eascair as na cnuais seo go mór chun leasa gach scoile, go háirithe na scoileanna níos lú. Is é an taithí atá againn go dtiteann an tóin as na cnuais seo mura ndéantar iad a chur chun cinn agus a eagrú ar bhonn leanúnach. Tá gá le straitéisí a chuirfeadh ar chumas na gcnuas pleanála leanúint orthu de bheith ag feidhmiú go héifeachtach le híosmhéid chabhrach seachtraí. Ba chóir breathnú ar róil ghréasán na Lárionad Oideachais agus sholáthróirí inseirbhíse eile sa chomhthéacs seo.

Aithníodh an tábhacht atá le cnuasú do phríomhoidí scoileanna beaga i dTuarascáil an Haygroup. Ba chóir leas a bhaint as na cnuais phleanála mar mheán déileáil ar shlí níos éifeachtaí le ceisteanna a bhaineann le gach scoil, cuid mhór, (m.sh. polasaí cláraithe, tacaíocht foghlama srl.) D'éirigh go han-mhaith le cnuasú de réir méid nó áit lonnaithe na scoile, ach ba chóir cuimhneamh ar fhorbairt chnuas bunaithe ar chuspóir nó ar riachtanas atá i gcoitinne acu, mar shampla scoileanna speisialta, scoileanna ospidéal, príomhoidí scoile, múinteoirí acmhainne srl.

Ba chóir cuimhneamh ar fheidhmeanna agus ar éifeacht na gcnuas a mhéadú trí raon na ngníomhaíochtaí a leathnú. D'fhéadfaí comhroinnt saineolais rúnaíochta, acmhainní agus chineálacha eile tacaíochta trí mheán cnuas a bheith i gceist leis seo. D'fhéadfaí féidearthachtaí ar nós comhroinnt ama/ualaigh oibre príomhoidí a scrúdú, chomh maith le bealaí aghaidh a thabhairt ar cheisteanna múinteoireachta agus foghlama.



◆ **Cabhair do Scoileanna Aghaidh a Thabhairt ar Cheisteanna Nua:**

Ina gcuid gníomhaíochtaí pleanála, ní mór do scoileanna aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a eascraíonn as reachtaíocht agus as treoiríní nua, agus as athruithe curaclaim. Ar na ceisteanna seo tá forálacha nua leasa oideachais, riachtanais maidir le polasaí i dtaobh úsáid substaintí agus bheith in ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais athbhreithnithe scoile agus ar mheastóireacht sheachtrach. Beidh tuilleadh ceisteanna ann de réir mar a leantar ar aghaidh leis an nuálaíocht oideachasúil. Tá gá le modheolaíochtaí lenar féidir cur chuige caighdeánach a fhorbairt agus a chur ar fáil sna scoileanna do na ceisteanna seo a thagann chun cinn.

Tá tábhacht ag baint le foilsiú **Ag Breathnú ar an Scoil Againne – Cúnamh le haghaidh féinmheasúnachta i mbunscoileanna** ón Roinn. Tá an próiseas PFS dírithe ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais scoile a aithníodh sna chéad chéimeanna den fhéinmheastóireacht scoile (FS). Is féidir le **Ag Breathnú ar an Scoil Againne**, mar sin, bheith ina chabhair maidir le pleanáil forbartha. Ní mór cur ar chumas na scoileanna an foilseachán seo a úsáid chun tosaíochtaí pleanála a aithint agus chun pleananna forbartha a leagan amach chun déileáil leis na tosaíochtaí seo le himeacht ama.

Is féidir tacú le FS agus le PFS, agus iad a dhearbhu trí fhorbairt na measúnachta uile-scoile (MUS). Ba chóir an caidreamh idir próisis inmheánacha agus sheachtracha a shoiléiriú sa tslí gur féidir le scoileanna freagra dearfach a thabhairt air seo.

◆ **Tacaíocht Idirhealaithe:** Tá gá le freagraí cuí a dhearadh do scoileanna le deacrachtaí faoi leith, m. sh. scoileanna a cónascadh, scoileanna a bhfuil deacrachtaí foirne acu, chomh maith le scoileanna an-mhóra agus scoileanna speisialta.

◆ **Comhlíonadh Riachtanas an Dlí agus na Roinne:** De réir mar a léiríodh i gCaibidil 4, tugann cineál na réimsí eagraithe is mó ar tugadh aghaidh orthu ar laethanta pleanála le fios go raibh scoileanna ag cuimhneamh ar riachtanais an dlí nó na roinne a chomhlíonadh agus iad ag déanamh meastóireachta ar réimsí eagrúcháin, seachas bheith ag díriú ar iarmhairtí na réimsí sin don mhúinteoireacht agus don fhoghlaim. Bhíodh riachtanais an Churaclaim Athbhreithnithe go mór chun tosaigh i gceisteanna curaclaim freisin. De bhrí gur ceapadh in a lán scoileanna go raibh dualgas orthu riachtanais sheachtracha a fhreagairt, creideadh go forleathan go raibh bac orthu riachtanais foghlama a gcuid daltaí a úsáid mar phointe tosaigh a gcuid gníomhaíochtaí pleanála d'fhorbairt na scoile.

Ní mór slite a fháil chun cabhrú le scoileanna déileáil go héasca leis na dualgais sheachtracha seo sa tslí go mbeidh tuilleadh ama ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar chaighdeán na múinteoireachta agus na foghlama. Tá an oiread sin tábhachta le reachtaíocht agus/nó le treoracha i gcuid de na réimsí pleanála agus polasaithe gur beag uathriail atá ar fáil do na scoileanna – nó uathriail ar bith. Dá soláthrófaí treoir shoiléir agus eiseamláirí aicmeacha an chleachtais is fearr chuirfí ar chumas na scoileanna déileáil go tapa agus go beacht leis na réimsí seo. Ar an tslí seo d'fhéadfaí tuilleadh ama a chur ar fáil do na scoileanna chun riachtanais áitiúla a scrúdú agus chun tabhairt fúthu sa phleanáil.



- ◆ **Ag Tabhairt Aghaidhe ar Mhíbhuntáiste agus ar Riachtanais Speisialta:** Tá PFS bunaithe ar dheardh freagraí cuí ar riachtanais foghlama na ndaltaí, agus mar sin is féidir léi modheolaíocht úsáideach a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais faoi leith na ndaltaí atá faoi mhíbhuntáiste, nó na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bheadh tionchar ag athbhreithniú ar an gcleachtas reatha agus ar an soláthar tacaíochta atá ann faoi láthair ar dheardh cur chuige dírithe níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí riachtanais seo.
- ◆ **Ilchultúrachas:** De réir mar a dhéantar tír ilchultúrtha d'Éirinn, ní mór do scoileanna freastal ar riachtanais daltaí agus tuismitheoirí ó chúlraí cultúrtha an-éagsúla. Tá leas bainte ag cuid de na scoileanna cheana as pleanáil forbartha chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na riachtanais seo. Ba chóir na ceisteanna a eascraíonn as plé le pobal scoile ilchultúrtha a scrúdú ó pheirspictíocht PFS, agus iarracht a dhéanamh an cleachtas is fearr a aithint sa réimse seo chun cur ar chumas na scoileanna freagraí cuí a cheapadh ar riachtanais shainiúla a gcuid daltaí agus tuismitheoirí idirnáisiúnta.
- ◆ **Úsáid TEC sa Phleanáil d'Fhorbairt Scoile:** Seoladh suíomh idirlín i 2000 – mar mheán a chuirfeadh ar chumas múinteoirí, tuismitheoirí agus boird bhainistíochta teacht ar eolas faoi PFS agus creatlacha agus treoracha pleanála a fháil. Ní mór an suíomh a leathnú agus a leasú chun dáta i dtaca le forbairt leanúnach eolais agus ionstraimí pleanála. Ba chóir machnamh a dhéanamh maidir le deardh agus seachadadh meán a chuirfeadh ar chumas scoileanna pleanáil níos éifeachtaí a dhéanamh de bharr TEC a úsáid. Ba chóir pacáistí bogearra do phleanáil forbartha atá in úsáid i dtíortha eile a scrúdú go bhfeicfí an bhfuil siad oiriúnach, nó an féidir iad a chur in oiriúint don tír seo. Ba chóir foghlaim idirlín a scrúdú maidir lena hacmhainn mar uirlis inseirbhíse freisin, i gcomhairle leis an Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (INTO).
- ◆ **Am don Phleanáil Fhorbartha Scoile:** Dúirt scoileanna arís agus arís eile go raibh inní orthu faoin méid ama a theastaigh chun bheith páirteach sa phróiseas Pleanála um Fhorbairt Scoile.




## 6.2 Clár Tacaíochta ag an Dara Leibhéal

### 6.2.1 Buanna

Tar éis dhá bhliain inar cuireadh bac ar dhul chun cinn mar gheall ar dheacrachtaí i gcúrsaí CT, tugadh faoi deara méadú mór i leibhéal gníomhaíochta PFS san earnáil dara leibhéal i 2002, agus méadú comhchéimneach i leibhéal rannpháirtíochta na scoileanna sa Tionscnamh. Bhí an méadú seo le sonrú sa dara leath den bhliain go háirithe, nuair ab fhéidir an clár Seimineár Réigiúnda a thosú arís.

Ba iad príomhbhuanna an chláir thacaíochta i 2002 ná iad seo a leanas:

- ◆ **Seimineár Réigiúnda:** Ós rud é gur imigh trí bliana tharainn ó eagraíodh an clár deireanach Seimineár Réigiúnda ag an Dara Leibhéal, bhí sraith 2002 éifeachtach chun ionadaithe scoile a chur suas chun dáta maidir le patrúin reatha cleachtas PFS, ag díriú a n-airde ar phríomhphrionsabail na pleanála forbartha, agus ag soláthar oiliúna scileanna dóibh a bheadh oiriúnach dá leibhéal dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm PFS. Chuir múnla na gceardlann comhthráthach ar chumas na seimineár aghaidh a thabhairt ar riachtanais an-éagsúla líon mór scoileanna taobh istigh d’achar gairid, agus ag an am céanna fóram a chruthú do roinnt taithí agus do phlé ceisteanna ar cúis inní do chách iad.



- ◆ **Éascaíocht:** D’éirigh leis an múnla éascaíochta, mar a raibh réamhphleanáil, laethanta pleanála éascaithe, agus iarthphleanáil leantach i gceist, PFS a chur chun cinn mar phróiseas leanúnach seachas mar ócáid shealadach. Ba mhór an chabhair do scoileanna nuair a bhí an t-éascaitheoir ar fáil chun bheith ag obair le tascghrúpaí nó le coiste stiúrtha idir laethanta pleanála. Bhí sé níos éasca ag scoileanna leanacht orthu de bheith ag déanamh dul chun cinn nuair a comhaontaíodh sceideal don phróiseas thar thréimhse fhada ag an gcéad chruinniú réamhphleanála agus nuair a bhí an t-achar idir seisiúin phleanála cuíosach gairid.
- ◆ **Tógáil Chumais:** Chuir pearsanra na scoileanna fáilte roimh sholáthar oiliúna in éascaíocht PFS. Bhíodar siúd a bhí páirteach sa chúrsa oiliúna reatha an-sásta agus tá liosta feithimh ann do chúrsaí amach anseo. D’éirigh go maith leis an straitéis baille foirne a chur i gcomhéascaíocht le pearsanra seachtrach ar na hócáidí a triaileadh sin, agus b’fhiú an cur chuige sin a fhorbairt amach anseo.
- ◆ **Seirbhís Chomhairleach:** Bhí cuairteanna scoile na gComhordaitheoirí Réigiúnda éifeachtach chun an próiseas PFS a thabhairt isteach nó a athbheochan sna scoileanna sin inar cuireadh cosc ar dhul chun cinn idir 2000 agus 2002 mar gheall ar thosca, agus chun an dul chun cinn a chothú i scoileanna a bhí gníomhach sa phróiseas cheana. Faoi mar a tugadh le fios i gCaibidil 5, dúirt scoileanna gur thosaíocht mar riachtanas tacaíochta a bhí i dteacht ar chomhairle agus ar chabhair ó Chomhordaitheoir Réigiúnda. Bhí an próiseas struchtúrtha comhairliúcháin luachmhar chun cur ar chumas an phearsanra thacaíochta léargas ginearálta a fháil ar dhul chun cinn agus ar riachtanais thacaíochta na scoileanna i dtaca le PFS, chun ceisteanna a bhí ag teacht chun cinn a aithint, agus chun caidreamh a fhorbairt le scoileanna indibhidiúla ina réigiúin faoi seach.

## 6.2.2 Ceisteanna

Baineann cuid mhór de na ceisteanna a aithníodh in **Alt 6.1.2** le hábhar ag an Dara Leibhéal freisin, ach tá dúshlán breise roimh an earnáil seo mar gheall ar chúrsaí CT. San alt seo déantar cur síos imlíneach ar na rudaí ba chóir a chur san áireamh nuair a bheifear ag ceapadh polasaí faoin PFS amach anseo.

- ◆ **Fócas ar Chaighdeán Múinteoireachta agus Foghlama:** Is é an rud is mó atá le cur san áireamh ná fócas cuí ar chaighdeán na múinteoireachta agus na foghlama i ngach gníomhaíocht pleanála forbartha. (Féach **Alt 6.1.2** thuas) Tá an fócas seo riachtanach má tá PFS lena príomhchuspóir a bhaint amach: feabhsú na scoileanna. Is fíor go ndearnadh tosaíochtaí de cheisteanna múinteoireachta agus foghlama i gcás chuid mhór scoileanna dara leibhéal go dtí seo, ach ba mhínic a shiúil níos mó tábhachta le ceisteanna dlí agus eagraithe sa phróiseas PFS. Tá gá ann le slite a fháil chun tabhairt faoin míbhéim seo, trí chomhoibriú i measc soláthróirí tacaíochta i bhforbairt straitéisí, nuair is cuí.
- ◆ **Tacaíocht Leanúnach:** Mar gheall ar chúrsaí CT, bhí cur i bhfeidhm an phróisis PFS in a lán scoileanna dara leibhéal tallannach, ní inbhuanaithe, agus bhí seachadadh an chláir thacaíochta suas go lár 2002 fánach seachas córasach. Dúshlán mór é straitéis tacaíochta a cheapadh a chuirfidh leanúnachas agus forás chun cinn maidir le cur i bhfeidhm PFS, sa tslí go gcuirfidh scoileanna eolas ar an timthriall iomlán pleanála, ní na chéad chéimeanna amháin. Ba chóir go soláthródh an straitéis leibhéal ard idirdhealaithe chun freastal ar an raon leathan leibhéal taithí PFS atá le fáil san earnáil dara leibhéal faoi láthair. Tá tábhacht faoi leith ag baint le PFS a athbheochan i scoileanna inar cuireadh stop leis an bpróiseas agus inar cuireadh ó mhaith an dul chun cinn a bhí déanta. Ós rud é gur próiseas leanúnach é an feabhsú scoile, ba chóir measúnú iomlán a dhéanamh ar riachtanais tacaíochta na

scoileanna chun dul thar chéim na meastóireachta chuig an gcéad timthriall pleanála forbartha eile.

- ◆ **Scileanna Pleanála Forbartha:** Go dtí seo díródh an clár tacaíochta do scoileanna ag an Dara Leibhéal cuid mhór ar riachtanais scileanna na múinteoirí i dtaca le hathbheithniú, pleanáil ghníomhaíochta, agus ceapadh polasaithe. Is gá aghaidh a thabhairt ar fhorbairt scileanna monatóireachta agus meastóireachta de réir mar a bhaineann siad céim chur i bhfeidhm an phróisis PFS amach.

Uirlis luachmhar a bheidh sa doiciméad de chuid na ROE a foilsíodh le déanaí: **Ag Breathnú ar an Scoil Againn: Cúnamh le haghaidh féinmheasúnachta i scoileanna dara leibhéal**, chun cabhrú le scoileanna scileanna pleanála forbartha a chur i bhfeidhm. Rachadh treoir maidir lena úsáid taobh istigh de phróiseas iomlán PFS chun sochair na scoileanna. Is gá freisin a chur in iúl conas is féidir le meastóireacht sheachtrach bailíocht a bhronnadh ar an bpróiseas inmheánach athbheithnithe, deartha, cur i bhfeidhm agus meastóireachta agus tacú leis i gcur chun cinn an fheabhsaithe scoile.

- ◆ **Bainistíocht Inmheánach Scoile:** Tá ról an phríomhoide ríthábhachtach chun go n-éireodh le PFS sa scoil, díreach mar atá sé ríthábhachtach ag an mBunleibhéal. Ba chóir, mar sin, leanúint de bheith ag forbairt cur chuige do sholáthar tacaíochta PFS do phríomhoidí i gcomhar le soláthróirí ábhartha. Ós rud é go bhfuil an chinnireacht rannpháirtíoch ar cheann de phríomhghnéithe PFS tá gá le múnlaí deachleachtais chun poist bhainistíochta taobh istigh den scoil a chur in oiriúint do struchtúir PFS. Ba chóir go mbeadh sé ina thosaíocht oiliúint PFS a sholáthar dóibh siúd a bhfuil a leithéid de phoist bhainistíochta acu, agus do chomhordaitheoirí pleanála scoile, agus do choistí stiúrtha agus do thionólaithe tascghrúpaí. Tá éascaíocht déanta ag pearsanra de chuid na seirbhíse tacaíochta ar roinnt ceardlann

den chineál seo cheana, ar iarratas CGO agus Oifigí Oideachais Iontaobhaithe. D'fhéadfaí oiliúint níos leithne a shocrú do na grúpaí seo trí ghréasán na Lárionad Oideachais, nó i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha oideachais, nó trí cheardlanna Seimineár Réigiúnda.

- ◆ **Éascaíocht:** Ba chóir cur chuige éascaíochta amach anseo a bhunú ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le forbairt chumais d'éascaíocht agus do chomhordú an phróisis PFS taobh istigh de scoileanna. Ba cheart comhéascaíocht a dhéanamh nuair is cuí, is é sin le rá nuair a bhíonn an scoil sásta a leithéid a dhéanamh, agus baill foirne a bheith ar fáil ar spéis leo agus a bhfuil na scileanna acu le tabhairt faoi. I dtaca le forbairt na seirbhísí seachtracha éascaíochta, ba chóir tabhairt faoi deara gur bhain scoileanna leas nach beag as teacht a bheith acu ar a n-éascaitheoir do chruinnithe tascghrúpa agus choiste stiúrtha idir seisiúin phleanála uilefhoirne. Ba chóir impleachtaí an mhúnla dea-chleachtais seo a scrúdú.
- ◆ **Diminsean Comhpháirtíochta PFS:** Cé gur thug cuid de na scoileanna dara leibhéal le fios go ndearna siad roinnt dul chun cinn maidir le diminsean comhpháirtíochta PFS a fhorbairt (féach **Caibidil 5**), tá cuid mhór fós le déanamh. Uaireanta is beag comhairliúchán a rinneadh; is ar éigean gur tugadh deis do chomhpháirtithe nach múinteoirí iad baint a bheith acu le socruithe faoi thosaíochtaí. Ba chóir eiseamláirí an dea-chleachtais sa chóras a aithint chun cabhrú maidir le forbairt chur chuige éifeachtach chun rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe a spreagadh. Ba chóir róil, cearta agus freagrachtaí na gcomhpháirtithe éagsúla a shoiléiriú maidir le PFS. Ba chóir machnamh a dhéanamh i dtaca le conas is fearr freastal ar riachtanais oiliúna PFS ionadaithe na gcomhpháirtithe – boird bhainistíochta, cumainn thuismitheoirí, agus comhairlí mac léinn.

- ◆ **Cabhair do Scoileanna Déileáil le Ceisteanna ar Tosaíochtaí iad:** Is féidir le gach ceist a gcaithfidh scoileanna aghaidh a thabhairt uirthi bheith ábhartha don phleanáil fhorbartha scoile. Ní mór saineolas agus acmhainní a aithint a bhaineann le hábhar do na ceisteanna ar tosaíochtaí pleanála iad, agus cur chuige a fhorbairt chun déileáil leis na ceisteanna sin, trí chomhoibriú idiráisiúnteachta, nuair is cuí. (Tá liosta de na háisínteachtaí sin a thug tacaíocht a bhaineann le hábhar don Phleanáil Fhorbartha Scoile le fáil in **Aguisín 3**.) Ba chóir cur leis an dul chun cinn a baineadh amach cheana maidir le cur chuige a cheapadh do cheisteanna tábhachtacha ar nós míbhuntáiste oideachais, riachtanais speisialta, agus idirchultúrachas.
- ◆ **Eolas Sainiúil Pleanála:** Bíonn scoileanna ag an Dara Leibhéal ag gearán go mbíonn orthu an iomarca athruithe a chur i bhfeidhm, agus nach mbíonn go leor deiseanna acu taighde a dhéanamh ar na roghanna forbartha agus ar na hábhair acmhainne atá ar fáil dóibh. Ní mór cinntiú go gcoinnítear pearsanra tacaíochta ar an eolas faoin gcóras, sa tslí go dtuigeann siad go hiomlán comhthéacs na pleanála forbartha de réir mar a bhíonn sé ag athrú. Beidh gá leanúnach ann le tiomsú díolamaí eolais, ábhair acmhainne, agus eiseamláirí ábhartha do cheisteanna pleanála sainiúla.

- ◆ **Úsáid TEC sa Phleanáil Fhorbartha Scoile:** Bhí an suíomh idirlín úsáideach chun eolas agus ábhar a scaipeadh a bhaineann le PFS ag an Dara Leibhéal. Ba chóir é a fhorbairt tuilleadh chun go mbeadh pearsanra a bhfuil baint acu le PFS ar aon slí in ann ceisteanna ar spéis le cách iad a phlé, agus taithí a roinnt. Ba chóir scrúdú a dhéanamh ar TEC mar uirlis phleanála do scoileanna; agus ar an fhéidearthacht go gcuirfí pacáistí bogearra PFS ó thíortha eile in oiriúint d'Éirinn. Ba chóir foglaim idirlín agus físchomhdháil a scrúdú, i gcomhairle leis an Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (INTO).
- ◆ **Comhlíonadh Riachtanas Dlíthiúil:** Faoi mar a tugadh le fios i gCaibidil 5, mhaígh na scoileanna sin a bhí rannpháirteach sa phróiseas comhairlithe go raibh géarghá le cabhair chun na doiciméid sin a éilítear de réir na reachtaíochta a tháirgeadh – agus gur riachtanas tacaíochta a bheidh ann amach anseo. Ar aon dul leis sin, thug príomhoidí le fios ag na Seimineáir Réigiúnda go raibh orthu tosaíocht a dhéanamh de scríobh polasaithe chun an reachtaíocht a chomhlíonadh, agus go raibh géarghá le teacht ar shaineolas dlíthiúil agus ar pholasaithe samplacha a bhí profáilte ó thaobh dlí de, chun cabhrú leo seo a dhéanamh. Dúshlán mór é don chóras, mar sin, bealaí a fháil chun freastal ar na riachtanais seo, trí chomhoibriú idiráisiúnteachta, nuair is cuí, agus ag cinntiú ag an am céanna nach gcuireann inní na scoileanna faoi chomhlíonadh na riachtanas dlíthiúil doiciméad isteach an iomarca ar an bpróiseas PFS. Chuirfeadh forbairt mhúnlaí ginearálta dlús le scríobh polasaithe, agus d'fhágfadh go mbeadh scoileanna in ann díriú ar cheisteanna múinteoireachta agus foghlama.
- ◆ **Cnuais Phleanála:** Go ginearálta níl sé praiticiúil bheith ag cur scoileanna dara leibhéal i gcnuais do sheisiúin phleanála uilefhoirne, go príomha mar gheall ar mhéid na bhfoireann scoile. Ach i roinnt cásanna nuair a bhí cónascadh scoileanna le déanamh tugadh isteach pearsanra seirbhíse tacaíochta chun comhsheisiúin phleanála a éascú do na scoileanna sin. Is fiú forbairt a dhéanamh ar an gcur chuige seo maidir le hullmhúchán cónasctha nuair is cuí. Is múnla é an cnuasú trasearnála scoileanna i scoilcheantar chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais faoi leith (mar a dhéantar i dtionscadail frithbhochtanaís) ar fiú é a scrúdú.
- ◆ **Loighistic:** Le linn an phróisis chomhairlithe agus ag Seimineáir Réigiúnda dúirt scoileanna arís agus arís eile gur chúis inní dóibh an méid ama a theastaigh chun an próiseas phleanála d'fhorbairt scoile a chur i bhfeidhm. Cuireadh béim freisin ar na deacrachtaí a bhíonn ag scoileanna de dheasca soláthar inseirbhíse lasmuigh de láthair na scoile.



### 6.3 Naisc idir Bunleibhéal agus Dara Leibhéal

De réir mar a thugann Alt 6.1 agus 6.2 le fios go soiléir, tá cuid mhór i gcomhar ag earnáil an Bhunleibhéil agus an Dara Leibhéil maidir le ceisteanna PFS. Is cuí, mar sin, go mbeadh pearsanra tacaíochta ag an dá leibhéal ag comhoibriú i dtaca le ceisteanna a bhaineann leo uile.

- ◆ Bíonn scoileanna Bunleibhéil agus Dara Leibhéal ag freastal ar na daltaí céanna ag céimeanna éagsúla ina saol oideachais. Ba chóir, mar sin, go dtabharfaí aghaidh ar cheisteanna a bhaineann leis an aistriú ó Bhunleibhéal go Dara Leibhéal, chun cinntiú gur aistear leanúnach forásach atá san aistriú seo do na daltaí.
- ◆ Ba chóir scrúdú a dhéanamh ar chur chuige ina ndéanfaí comhoibriú idir an dá leibhéal maidir le réimsí polasaithe ar nós idirchultúrachais, míbhuntáiste, riachtanais speisialta oideachais agus úsáid substaintí.
- ◆ Ba chóir do phearsanra tacaíochta ag an dá leibhéal comhoibriú a dhéanamh chun freastal ar riachtanais scoileanna speisialta a mbíonn eilimintí an churaclaim Dara Leibhéal á dtairiscint acu.
- ◆ Ba chóir tadhall idir pearsanra tacaíochta an Bhunleibhéil agus an Dara Leibhéal a neartú trí fhorbairt ceangal níos dlúithe ar bhonn réigiúnda.

- ◆ Ba chóir nós imeachta níos struchtúrtha a cheapadh do roinnt taithe agus acmhainní, d'fhorbairt cur chuige coiteann nó comhlántach ar cheisteanna tábhachtacha trasearnála, agus d'ullmhúchán ábhar treorach faoi chúrsaí a bhaineann le hábhar don dá earnáil (riachtanais reachtaíochta, mar shampla).
- ◆ Ba chóir go mbeadh pearsanra tacaíochta ag an dá leibhéal ag obair le chéile chun bealaí a fháil cumas féinmheastóireachta déine na scoileanna a mhéadú, dírithe ar cheist ríthábhachtach chaighdeán na foghlama agus na múinteoireachta.



## 6.4 Achoimriú

Is é an dúshlán bunúsach maidir le PFS ag an mBunleibhéal agus ag an Dara Leibhéal ná cinntiú go ndírítear mar is cuí ar chaighdeán na múinteoireachta agus na foghlama i ngach gníomhaíocht pleanála forbartha. Tá sé seo den riachtanas má tá PFS lena bunchuspóir a bhaint amach: feabhsú scoile.

Aithníodh roinnt ceisteanna a bhfuil impleachtaí acu d'fhorbairt PFS sna scoileanna. Ar na dúshláin seo tá:

- ◆ Cineálacha idirdhealaithe tacaíochta a sholáthar chun freastal ar leibhéal éagsúla taithí agus ratha maidir le cur i bhfeidhm PFS
- ◆ Oiliúint i scoileanna a bhaineann le PFS a sholáthar dóibh siúd a bhfuil baint acu le cinnireacht an phróisis – príomhoidí, daoine a bhfuil post freagrachta acu, comhordaitheoirí pleanála, coistí stiúrtha agus tionólaithe tascghrúpaí
- ◆ Cumas éascaíochta PFS a fhorbairt taobh istigh de na scoileanna
- ◆ An diminsean comhpháirtíochta a neartú i gcur i bhfeidhm PFS na scoileanna
- ◆ Tacaíochtaí a fhorbairt go leanúnach chun cabhrú le scoileanna aghaidh a thabhairt ar cheisteanna tosaíochta de réir mar a thagann siad chun cinn
- ◆ Comhoibriú a dhoimhniú idir na cláir thacaíochta agus na háisínreachtaí a dhéanann freastal ar scoileanna
- ◆ Bainc acmhainní eolais shainiúil phleanála a choinneáil suas chun dáta, díolamaí, múnlaí agus eiseamláirí san áireamh
- ◆ Cur le húsáid TEC chun tacú le PFS

- ◆ Bealaí a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna atá ag na scoileanna faoi riachtanais reachtaíochta chun a chinntiú nach ndéantar neamart sa timthriall pleanála forbartha
- ◆ Aghaidh a thabhairt ar cheisteanna na scoileanna maidir le ham pleanála.

Ba chóir na dúshláin seo a chur san áireamh agus polasaí PFS á stiúradh amach anseo, ag socrú tosaíochtaí de réir na n-acmhainní atá ar fáil sa tslí go ndírítear go soiléir ar na riachtanais is mó dá bhfuil ag pobail scoile maidir le tacaíocht don phleanáil forbartha.





## An Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile: Struchtúir agus Pearsanra

### 1. Bunleibhéal

#### Foireann Tacaíochta (SPFS)

<b>Comhordaitheoir Náisiúnta:</b>	Eileen Flynn
<b>Comhordaitheoirí Réigiúnda:</b>	Seán Balfe Mary Culhane Tom Feeley Catherine Hennessy
<b>Éascaitheoirí:</b>	19 éascaitheoirí lánaimseartha (go Lúnasa 2002) 29 éascaitheoirí lánaimseartha (ó 1 Meán Fómhair 2002) 28 éascaitheoirí páirtaimseartha
<b>Oifigeach Riaracháin:</b>	Linda Gorman (ó Bhealtaine 2000)

#### Coiste Inmheánach Bainistíochta (CIB)

Ar bhaill an Choiste Inmheánaigh Bhainistíochta ag an mBunleibhéal tá ionadaithe ó Chigireacht, ó Aonad Forbartha longhairme, agus ó Earnáil Riaracháin Bhunscolaíochta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE), agus ó Lárionad Oideachais Dhroim Chonrach (mar a lonnaítear an Tionscnamh ag an mBunleibhéal), in éineacht le Comhordaitheoir Náisiúnta na SPFS.

#### Ba iad baill an Choiste Inmheánaigh Bhainistíochta i 2002 ná:

Lorcan Mac Conaonaigh, Príomhchigire Cúnta, ROE (Cathaoirleach)  
Patrick B. Diggins, Stiúrthóir, Lárionad Oideachais Dhroim Chonrach  
Patrick Bennis, Aonad Forbartha longhairme ROE (go Márta 2002)  
Ciarán Rohan, Aonad Forbartha longhairme, ROE (ó Bhealtaine 2002)  
Colette McNulty, Bunriarachán, ROE  
Mícheál Ó Conghaile, Roinnchigire, ROE  
Eileen Flynn, Comhordaitheoir Náisiúnta, SPFS

#### Grúpa Comhairleach

Is éard atá sa Ghrúpa Comhairleach ná ionadaithe na gcomhpháirtithe oideachais, in éineacht leis an gComhordaitheoir Náisiúnta agus leis an mbeirt Chigire ar an CIB, ar baill ex officio iad.

#### Ba iad baill an Ghrúpa Chomhairligh i 2002 ná:

Lorcan Mac Conaonaigh, Príomhchigire Cúnta, ROE (Cathaoirleach)  
Maria Spring, Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha  
Anne Colgan, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal):  
Deirbhile Nic Craith, Cumann Múinteoirí Éireann  
Patrick B. Diggins, Stiúrthóir, Lárionad Oideachais Dhroim Chonrach:  
Mícheál Ó Conghaile, Roinnchigire, ROE  
Eileen Flynn, Comhordaitheoir Náisiúnta, SPFS (Bunleibhéal)

## 2. Dara Leibhéal

### Foireann Tacaíochta (TPFS)

<b>Comhordaitheoir Náisiúnta:</b>	Sinéad Bhreathnach
<b>Comhordaitheoirí Réigiúnda:</b>	Mary Forde
	Jean Geoghegan
	Joe Harrison
	Mark Fennell (ó Shamhain 2002)
	Paul Fields (ó Aibreán 2002)
	Dolores Mullins (ó Mheitheamh 2002)
	Jim O'Leary (ó Mheán Fómhair 2002)

**Éascaitheoirí:** Ní raibh aon éascaitheoir lán-aimseartha ann (ach cuimsíonn ról an Chomhordaitheora Réigiúnda ag an Dara Leibhéal gnéithe ról an éascaitheora ag an mBunleibhéal) 30 éascaitheoir páirtaimseartha ag feidhmiú

**Oifigeach Riaracháin:** Jacqueline Daly  
(ó Mheitheamh 2000)

**Cúntóir Riaracháin:** Patricia O'Connor  
(ó Mheán Fómhair 2001)

### Coiste Inmheánach Bainistíochta (CIB)

Ar bhail an Choiste Inmheánaigh Bhainistíochta ag an Dara Leibhéal tá ionadaithe ó Chigireacht, ó Aonad Forbartha Ionhairme, agus ó Earnáil Riaracháin Iarbhunscolaíochta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE), agus ó Institiúid Oideachais Marino (mar a lonnaítear an Tionscnamh ag an Dara Leibhéal), in éineacht le Comhordaitheoir Náisiúnta an TPFS.

### Ba iad baill an Choiste Inmheánaigh Bhainistíochta i 2002 ná:

Lorcan Mac Conaonaigh, Príomhchigire Cúnta, ROE (Cathairleach)  
 Luke Monahan, Institiúid Oideachais Marino  
 Patrick Bennis, Aonad Forbartha Ionhairme, ROE (go Márta 2002)  
 Ciarán Rohan, Aonad Forbartha Ionhairme, ROE (ó Bhealtaine 2002)  
 Christopher McCamley, Iar-bhunriarachán, ROE  
 Bríd Uí Ríordáin, Cigire Sinsearach, ROE  
 Sinéad Bhreathnach, Comhordaitheoir Náisiúnta, TPFS (Dara Leibhéal)

### Grúpa Comhairleach

Is éard atá sa Ghrúpa Comhairleach ná ionadaithe na gcomhpháirtithe oideachais, in éineacht leis an gComhordaitheoir Náisiúnta agus leis an mbeirt Chigire ar an CIB, ar baill ex officio iad.

### Ba iad baill an Ghrúpa Chomhairligh i 2002 ná:

Michael Corley, Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire  
 Pádraigín Uí Ríordáin, Aontas Múinteoirí Éireann (go Meitheamh 2002)  
 John Mac Gabhann, Aontas Múinteoirí Éireann (ó Mheán Fómhair 2002)  
 Michael McCann, Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leasphríomhoidí  
 Brian Cannon, Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha  
 Charles Mc Manus, Cumann Gairmoideachais na hÉireann  
 Eilís Humphreys, Comhchomhlacht Bainistíochta (JMB)  
 Barbara Johnston, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (dara leibhéal) (go Samhain 2002)  
 Connie Carolan, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (dara leibhéal) (ó Shamhain 2002)  
 Dermot Morris, Comhdháil na nOrd Crábhaidh in Éirinn (CORI)

### 3. Comhordú Trasearnála

Chun comhordú a éascú maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna ábhartha don Tionscnamh ag an mBunleibhéal agus ag an Dara Leibhéal, bíonn an bheirt Chomhordaitheoir Náisiúnta agus baill-chigirí na gCoistí Bainistíochta ag comhthadhall go dlúth. Mar bheart breise comhordaithe, tá an Cathaoirleach céanna ar an CIB agus ar an nGrúpa Comhairleach ag an dá leibhéal.



## Deontais don Phleanáil Fhorbartha Scoile

### Deontais PFS do scoileanna 1999–2002

#### Bunscoileanna:

Ag an mBunleibhéal soláthraíodh deontais gach bliain do scoileanna a bhí páirteach sa Tionscnamh. In 2002 íocadh luach €367,500 (gan costais éascaíochta a chur san áireamh) do 2,835 scoileanna. Eisíodh €100 an scoil do scoileanna le 1–7 gnáthmhúinteoirí, agus íocadh €250 an scoil do scoileanna níos mó.

#### Scoileanna Dara Leibhéal:

Ag an Dara Leibhéal, soláthraíodh deontais tosaigh ar feadh tréimhse dhá bhliain as a chéile ar bhonn céimnithe do gach scoil le linn na tréimhse 1999–2002. Fuair scoileanna le níos lú ná 400 dalta €1270 an tráthchuid; fuair scoil le 400 dalta nó níos mó €1905. In 2002 íocadh deontais de €631,825 san iomlán (do chostais a bhaineann le PFS, costais éascaíochta san áireamh) do 393 scoileanna.

#### Sceideal Deontas:

Achoimrítear sceideal na n-íocaíochtaí deontais do scoileanna ó thús an Tionscnaimh sa chláir thíos.

Bliain	Leibhéal	Líon Scoileanna	Deontas in aghaidh Scoile
1999/2000	Bunleibhéal	442	£500 (1–8 múinteoir) £750 (9+ múinteoir)
	Dara Leibhéal	276	£1,000 (<400 dalta) £1,500 (400+ dalta)
2000/2001	Bunleibhéal	1772	£215 (1–8 múinteoir) £415 (9+ múinteoir)
	Dara Leibhéal	361	£1,000 (<400 dalta) £1,500 (400+ dalta)
2001/2002	Bunleibhéal	2610	€273 (1–8 múinteoir) €527 (9+ múinteoir)
	Dara Leibhéal	478	€1,270 (<400 dalta) €1,905 (400+ dalta)
2002/2003	Bunleibhéal	2,835	€100 (1–7 múinteoir) €250 (8+ múinteoir)
	Dara Leibhéal	393	€1,270 (<400 dalta) €1,905 (400+ dalta)

## Comhoibriú le hÁisínteachtaí eile

### 1. Bunleibhéal

Le linn 2002 chomhoibrigh Foireann Tacaíochta an Tionscnaimh ag an mBunleibhéal leis na háisínteachtaí seo a leanas:

#### An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

- ◆ **Cigireacht:** Cumarsáid leanúnach ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnda; soláthar oiliúna inseirbhíse ar PFS do chigirí nuacheaptha
- ◆ **Aonad um Chuimsiú Sóisialta:** Comhoibriú i gceapadh treoirínite do scoileanna faoi fhorbairt Pholasaí Úsáid Substaintí, de réir gníomh 43 den Straitéis Náisiúnta in aghaidh Drugaí
- ◆ **Aonad Comhionannas Inscne:** Ionchur i bPlean Náisiúnta na mBan

#### Eagraíochtaí Comhpháirtíochta

- ◆ **Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha/Oifigí Oideachais na nIontaobhaithe:** Cumarsáid leanúnach ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnda chun an cur chuige a chomhordú; soláthar ionchuir ag seimineáir oiliúna do bhoird bhainistíochta
- ◆ **Cumann Múinteoirí Éireann:** Cumarsáid leanúnach; soláthar ionchuir do chlár oiliúna do phríomhoidí; scríobh ailt faoi PFS d'fhoilseachán CMÉ
- ◆ **Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal):** Comhoibriú ag an leibhéal náisiúnta chun foilseachán faoi PFS a phleanáil do thuismitheoirí; comhoibriú le cumainn áitiúla tuismitheoirí
- ◆ **Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann:** Cumarsáid leanúnach; soláthar eolais faoin SPFS do dhaoine a bhfuil ceisteanna acu sa nuachtlitir nó ar an suíomh idirlín; éascaíocht cheardlann i Lárionaid Oideachais do phríomhoidí agus do leasphríomhoidí.

## Seirbhísí Tacaíochta Eile

- ◆ **Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile:** Cumarsáid leanúnach idir an dá fhoireann chomhordaitheacha; soláthar ionchur oiliúna ar PFS do phearsanra an CTCB
- ◆ **Forbairt Chinnreachta do Scoileanna:** ionadaíocht ar Choiste Comhairleach FCS (LDS); comhphléite ar riachtanais phroifisiúnta forbartha na bpríomhoidí
- ◆ **Tionscnamh Spóirt Bunscoile:** Cumarsáid ag an leibhéal náisiúnta; faisnéisiú d'éascaitheoirí PFS
- ◆ **Seirbhís na Múinteoirí ar Cuairt don Lucht Taistil:** Éascaíocht sheisiúin ag Comhdháil Náisiúnta na Seirbhíse.

## Institiúidí Tríú Leibhéal

- ◆ **Coláistí Oideachais a bhfuil baint acu le hOiliúint Mhúinteoirí Bunscoile:** Soláthar cheardlann do dhá choláiste; comhthairbhíde ar fhoilsiú do mhúinteoirí ar promhadh le coláiste amháin; soláthar bealaigh isteach chuig Seimineáir Réigiúnda PFS do phearsanra na gcoláistí
- ◆ **Coláiste Aingil, Sligeach:** Soláthar ionchuir do chlár éascaíochta oiliúna an choláiste.

## Áisíntheachtaí Náisiúnta Oideachais

- ◆ **Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta:** Cruinnithe d'fhaisnéisiú frithpháirteach; athbhreithniú ó fhoireann na SPFS ar dhréacht-threoirlínte curaclaim CNCM do mhúinteoirí daltaí a bhfuil míchumais ghinearálta éadroma foghlama nó míchumais ghinearálta mheasartha foghlama orthu
- ◆ **Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas:** Cruinníú faoi phleanáil TEC sna scoileanna; cúrsa inseirbhíse INTO ar phleanáil TEC, ar fhreastail éascaitheoirí PFS orthu

- ◆ **Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais:** soláthar ionchuir ar PFS do chúrsa ionduchtúcháin do shíceolaithe nua.

## Lárionaid Oideachais

- ◆ **Stiúrthóirí Lárionad Oideachais:** Cumarsáid leanúnach le Stiúrthóirí Lárionad Oideachais re clár agus pearsanra taobh istigh de gach réigiún; comhoibriú in eagrú Seimineár agus Chnuaschruinniú Réigiúnda PFS; seachadadh cúrsaí samhraidh ag 20 éascaitheoirí SPFS; soláthar modúl PFS do chlár inseirbhíse na Lárionad; rannpháirtíocht i gcrúinniú de chuid an phearsanra réigiúnda tacaíochta, a tionóladh i Lárionad Oideachais na hUaimhe.

## Tionscnaimh agus Áisíntheachtaí a dhíríonn ar aghaidh a thabhairt ar Mhíbhuntáiste Oideachais

- ◆ **Forum to End Educational Disadvantage:** Rannpháirtíocht ag SPFS san fhóram i gColáiste Phádraig, Baile Átha Cliath, in Iúil 2002
- ◆ **Bridging the Gap:** Comhoibriú i gcur i bhfeidhm an tionscadail COC-ROE a dhíríonn ar laghdú míbhuntáiste oideachais i gCathair Chorcaí
- ◆ **Galway Rural Development:** Ag tacú le trí chnuas scoileanna i gCo. na Gaillimhe chun gníomhú in éadan míbhuntáiste oideachais faoin tuath.

## 2. Dara Leibhéal

Le linn 2002, chomhoibrigh Foireann Tacaíochta an Tionscnaimh ag an Dara Leibhéal leis na háisínteachtaí seo a leanas:

### An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

- ◆ **Cigireacht:** Cumarsáid leanúnach ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnda; soláthar oiliúna inseirbhíse faoi PFS do chigirí nuacheaptha
- ◆ **Aonad um Chuimsiú Sóisialta:** Comhoibriú i gceapadh treoirínte do scoileanna faoi fhorbairt Pholasaí Úsáid Substaintí, de réir gníomh 43 den Straitéis Náisiúnta in aghaidh Drugaí; tadhall maidir le Straitéis Náisiúnta Frithbhochtanaís
- ◆ **Aonad Comhionannas Inscne:** Ionchur i bPlean Náisiúnta na mBan; comhoibriú i soláthar oiliúna inseirbhíse faoi Ghinearálú Chomhionannas Inscne don Chigireacht.

### Eagraíochtaí Comhpháirtíochta

- ◆ **Eagraíochtaí Ionadaíocha Bainistíochta Scoile:** Cumarsáid leanúnach ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnda le hionadaithe agus le baill CSPC, CGE agus CCB; comhoibriú, ar iarratas, i gceapadh cur chuige don ilchultúrachas, don aosoideachas; éascaíocht cheardlainne PFS ag Comhdháil CSPC; soláthar ionchuir faoi PFS do bhoird bhainistíochta indibhidiúla
- ◆ **Comhlachtaí Ionatobhailthe Reiligiúnacha/Coistí Gairmoideachais:** Cumarsáid leanúnach le hoifigí oideachais na n-ionatobhailthe reiligiúnacha agus le príomhfheidhmeannaigh na gcoistí gairmoideachais maidir le ceisteanna a bhaineann le hábhar ó thaobh PFS de; soláthar ionchur seimineáir ar iarratas

- ◆ **Ceardchumainn na Múinteoirí:** Cumarsáid ag an leibhéal náisiúnta le hoifigí oideachais CMMÉ agus AMÉ; comhoibriú chun taighde a dhéanamh ar cheisteanna comhionannais
- ◆ **Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (dara leibhéal):** Tadhall ag an leibhéal náisiúnta leis an scáthghrúpa agus le cuid de na grúpaí indibhidiúla; comhoibriú chun taighde a dhéanamh ar an gcleachtas is fearr maidir le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí sa PFS
- ◆ **Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leasphríomhoidí:** Cumarsáid rialta ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnda faoi cheisteanna a bhaineann le cúrsaí cinnreachta sa phróiseas PFS; éascaíocht cheardlainne PFS ag seimineár CNPL (NAPD).

### Seirbhísí Eile Tacaíochta agus Oideachais

- ◆ **Seirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal:** Cruinnithe rialta idir an dá fhoireann Chomhordaitheoirí d'fhaisnéisiú frithpháirteach agus d'fhorbairt straitéisí comhoibritheacha chun tacú le feabhsú scolaíochta; comhoibriú i soláthar deiseanna forbartha proifisiúnta don phearsanra tacaíochta
- ◆ **Tionscnamh na nEolaíochtaí Fisiciúla:** Ionchur don fhoireann tacaíochta faoi PFS i gcomhthéacs phleanáil an churaclaim agus na n-ábhar
- ◆ **Seirbhís Tacaíochta OSPS:** Faisnéisiú frithpháirteach ar bhonn rialta agus comhairliúchán maidir le ceisteanna a théann chun leasa an dá thaobh
- ◆ **Forbairt Chinnreachta do Scoileanna:** Ionadaíocht ar Choiste Comhairleach FCS; comhphléite faoi riachtanaís chinnreachta scoile i gcomhthéacs PFS
- ◆ **Ógtheagmháil:** Léirithe faoi PFS do chruinnithe Chomhordaitheoirí Theagmháil na nÓg; faisnéisiú faoi PFS don Chomhordaitheoir Náisiúnta agus do Chomhordaitheoir Thionscnamh Chreatlach na Foirfeachta

- ◆ **Lárionaid Oilúna an Lucht Taistil Shinsearaigh:** Cruinnithe faisnéisithe faoi PFS leis an gComhordaitheoir Náisiúnta agus le Stiúrthóirí na Lárionad indibhidiúil; soláthar ionchuir faoi PFS do Chumann Stiúrthóirí Lárionaid Oilúna an Lucht Taistil Shinsearaigh.

### Institiúidí Tríú Leibhéil

- ◆ **Ranna Oideachais na nOllscoileanna:** Soláthar ionchuir faoi PFS do chlár iarchéimithe do mhúinteoirí sna hinstitiúidí tríú leibhéal seo a leanas: OÉG; OÉ Má Nuad; COC, COBAC, comhoibriú le OÉG i bpolótú clár dhioplóma
- ◆ **Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath:** Comhoibriú i dtionscadal a maoiníodh ag an ROE a chuireann comhpháirtíocht chun cinn mar straitéis feabhsaithe scolaíochta.

### Áisínreachtaí Náisiúnta Oideachais

- ◆ **Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta:** Cruinnithe d'fhaisnéisíú frithpháirteach; ionadaíocht TPFS ar Choistí Athbhreithnithe an Timthrialla Shóisearaigh agus an Timthrialla Shinsearaigh; comhoibriú faoi dhearadh ábhair athbhreithnithe curaclaim; comhairliúchán maidir le míreanna pleanála na ndrúacht-threoirilínte do mhúinteoirí daltaí a bhfuil míchumais ghinearálta éadroma foghlama orthu
- ◆ **Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas:** Cruinníú faoi phleanáil TEC sna scoileanna; oiliúint inseirbhíse faoi phleanáil TEC ar fhreastail comhordaitheoirí TPFS air
- ◆ **Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas:** Éascaíocht cheardlainne faoi PFS do phríomhoidí scoileanna a bhfuil baint acu leis an Tionscnamh Feabhsaithe Treorach
- ◆ **An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais:** Soláthar ionchuir faoi PFS do chúrsa ionduchtúcháin do shíceolaithe nua

- ◆ **Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna:** Comhoibriú i dtacú PFS sna scoileanna a bhfuil ullmhúchán ar siúl acu le haghaidh cónasctha.

### Lárionaid Oideachais

- ◆ **Lárionaid Oideachais Indibhidiúla:** Tacaíocht ó Stiúrthóirí Lárionad Oideachais agus óna bhfoireann i dtaca le soláthar lóistín do Chomhordaitheoirí Réigiúnda agus cabhair le heagrú Seimineár Réigiúnda TPFS; comhoibriú le roinnt Lárionad ag an leibhéal réigiúnda in eagrú seimineár inseirbhíse a bhaineann le tosaíochtaí pleanála na scoileanna
- ◆ **Cumann Lárionaid Mhúinteoirí/Lárionaid Oideachais na hÉireann:** Éascaíocht sheimineáir phleanála do CLMLOÉ; comhoibriú le CLMLOÉ agus le gach seirbhís tacaíochta dara leibhéal i dtaca le comhordú céimnitheach clár inseirbhíse.

### Tionscnaimh agus Áisínreachtaí a dhíríonn ar Mhíbhuntáiste Oideachais

- ◆ **Fóram faoi Mhíbhuntáiste Oideachais:** Rannpháirtíocht san fhóram i gCaisleán Bhaile Átha Cliath
- ◆ **Bridging the Gap:** Comhoibriú i gcur i bhfeidhm an tionscadail COC-ROE a dhíríonn ar laghdú mhíbhuntáiste oideachais i gCathair Chorcaí
- ◆ **Galway Rural Development:** Comhoibriú i dtionscadail iláisínreachta ag tacú le trí chnuas scoileanna i gCo. na Gaillimhe chun aghaidh a thabhairt ar an míbhuntáiste faoin tuath
- ◆ **Cumann Tacaíochta Foghlama na hÉireann:** éascaíocht cheardlann pleanála do mhúinteoirí tacaíochta foghlama ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnda.



## 1. Téarmaíocht

Gaeilge		Béarla	
	Ardeistiméireacht Fheidhmeach		Leaving Certificate Applied
	Athbhreithniú		Review
<b>CT</b>	Caidreamh Tionsclaíoch	<b>IR</b>	Industrial Relations
<b>CGAT</b>	Clár Gairme na hArdeistiméireachta	<b>LCVP</b>	Leaving Certificate Vocational Programme
	Clár na hIdirbhliana		Transition Year Programme
<b>CO</b>	Corpoideachas	<b>PE</b>	Physical Education
	Cur i bhFeidhm		Implementation
	Dearadh		Design
	Meastóireacht		Evaluation
<b>MUS</b>	Measúnacht Uile-Scoile	<b>WSE</b>	Whole School Evaluation
<b>OCG</b>	Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta	<b>RSE</b>	Relationships and Sexuality Education
<b>OSSP</b>	Oideachas Sibhialta, Sóisialta agus Polaitiúil	<b>CSPE</b>	Civic, Social and Political Education
<b>OSIE</b>	Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta	<b>SESE</b>	Social, Environmental and Scientific Education
<b>OSPS</b>	Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte	<b>SPHE</b>	Social, Personal and Health Education
<b>PFS</b>	Pleanáil Fhorbartha Scoile, Pleanáil d'Fhorbairt Scoile	<b>SDP</b>	School Development Planning
	Pleanáil Ghníomhaíochta		Action Planning
<b>TEC</b>	Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide	<b>ICT</b>	Information and Communications Technology

## 2. Áisínteachtaí agus Eagraíochtaí

Gaeilge		Béarla	
<b>CTCB</b>	Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile	<b>PCSP</b>	Primary Curriculum Support Programme
<b>CCS</b>	Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna	<b>CSA</b>	Commission on School Accommodation
<b>CGO</b>	Coiste Gairmoideachais	<b>VEC</b>	Vocational Education Committee
<b>COBAC</b>	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	<b>UCD</b>	University College Dublin
<b>COC</b>	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	<b>UCC</b>	University College, Cork
<b>CNCM</b>	Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	<b>NCCA</b>	National Council for Curriculum and Assessment
<b>CNPL</b>	Comhairle Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leasphríomhoidí	<b>NAPD</b>	National Association of Principals and Deputy Principals
	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí	<b>NPC</b>	National Parents' Council
<b>CCB</b>	Comhchomhlacht Bainistíochta	<b>JMB</b>	Joint Managerial Body
	Comhdháil na nOrd Crábhaidh in Éirinn	<b>CORI</b>	Conference of Religious of Ireland
	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha	<b>CPSMA</b>	Catholic Primary School Managers' Association
<b>CGÉ</b>	Cumann Gairmoideachais na hÉireann	<b>IVEA</b>	Irish Vocational Education Association
<b>CLMLOÉ</b>	Cumann Lárionaid Mhúinteoirí/ Lárionaid Oideachais na hÉireann	<b>ATECI</b>	Association of Teachers'/Education Centres of Ireland
<b>CMÉ</b>	Cumann Múinteoirí Éireann	<b>INTO</b>	Irish National Teachers' Organisation
<b>CSPC</b>	Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha	<b>ACCS</b>	Association of Community and Comprehensive Schools
<b>CTFÉ</b>	Cumann Tacaíochta Foghlama na hÉireann	<b>ILSA</b>	Irish Learning Support Association
<b>FCS</b>	Forbairt Chinnireachta do Scoileanna	<b>LDS</b>	Leadership Development for Schools
<b>INTO</b>	Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas	<b>NCTE</b>	National Centre for Technology in Education
<b>LNTO</b>	Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas	<b>NCGE</b>	National Centre for Guidance in Education
	Lárionaid Oiliúna an Lucht Taistil Shinsearaigh	<b>STTCs</b>	Senior Traveller Training Centres
	Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann	<b>IPPN</b>	Irish Primary Principals' Network
	Ógtheagmháil, Teagmháil na nÓg		Youthreach
<b>OÉG</b>	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	<b>NUI Galway</b>	National University of Ireland, Galway
<b>OÉ Má Nuad</b>	Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	<b>NUI Maynooth</b>	National University of Ireland, Maynooth
<b>ROE</b>	Roinn Oideachais agus Eolaíochta	<b>DES</b>	Department of Education and Science
	Seirbhís na Múinteoirí ar Cuairt don Lucht Taistil	<b>VTTS</b>	Visiting Teacher for Travellers Service
<b>SNSO</b>	Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	<b>NEPS</b>	National Educational Psychological Service
<b>SPFS</b>	Seirbhís Pleanála um Fhorbairt Scoile	<b>SDPS</b>	School Development Planning Support
<b>STDL</b>	Seirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal	<b>SLSS</b>	Second Level Support Service
<b>TCF</b>	Tionscnamh Chreatlach na Foirfeachta	<b>QFI</b>	Quality Framework Initiative
<b>TPFS</b>	Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile	<b>SDPI</b>	School Development Planning Initiative



Seirbhís Pleanála um Fhorbairt Scoile  
Ionad Oideachais Dhroim Chonrach  
Baile Átha Cliath 9.

Fón: (01) 857 6427  
Facsá: (01) 857 6497  
Ríomhphost: [info@sdps.ie](mailto:info@sdps.ie)  
[www.sdps.ie](http://www.sdps.ie)



An Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile  
Institiúid Oideachais Marino  
Ascal Uí Ghríofa  
Baile Átha Cliath 9.

Fón: (01) 805 7729  
Facsá: (01) 853 5112  
Ríomhphost: [info@sdpi.ie](mailto:info@sdpi.ie)  
[www.sdpi.ie](http://www.sdpi.ie)